

**nda**


Údarás Náisiúnta Míchumais  
National Disability Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

2020







Údarás Náisiúnta Míchumais  
National Disability Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

Please provide translation

Publication Date: November 2021



# Clár

|  |     |
|--|-----|
| Ráiteas an Chathaoirligh .....                                   | 1   |
| Forléargas agus comhthéacs beartais .....                        | 5   |
| Tosaíocht Straitéiseach 1: .....                                 | 10  |
| Tosaíocht Straitéiseach 2: .....                                 | 31  |
| Tosaíocht Straitéiseach 3: .....                                 | 35  |
| Tosaíocht Straitéiseach 4: .....                                 | 44  |
| Tosaíocht Straitéiseach 5: .....                                 | 58  |
| Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020..... | 68  |
| Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2020.....              | 109 |
| Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha in 2020 ..... | 111 |
| Aguisín 3: Foilseacháin in 2020 .....                            | 114 |
| Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais in 2020.....               | 115 |



# Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais (NDA) le haghaidh 2020 a chur faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Is ionann an tuarascáil seo agus forléargas ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir NDA i rith na dara bliana dár bPlean Straitéiseach trí bliana, 2019-2021.

Mar chomhlacht reachtúil, leanamar in 2020 lenár ngealltanas faisnéis neamhspleách agus comhairle fianaisebhunaithe a sholáthar don Rialtas agus d'oifigigh san earnáil phoiblí maidir le beartas agus cleachtas atá ábhartha do mhíchumas. Is í an fhís atá againn go mbeidh daoine faoi mhíchumas in Éirinn in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta sibhialta agus polaitiúla; go mbeidh deiseanna acu a bheith páirteach sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha; go mbeidh rogha acu agus go mbeidh smacht acu ar conas a chaitheann siad a saol; agus go mbainfidh siad barr a gcumais amach i sochaí agus i dtimpeallacht a thacaíonn le, a fhreastalaíonn ar agus a urramaíoch raon iomlán chumas agus éagsúlacht an duine. Tuigimid go bhfuil gá le cur chuige uile-Rialtais, nach mór do ranna agus do ghníomhaireachtaí ar fud an Rialtais a bheith ag obair le chéile, agus leanamar ar aghaidh ag obair leo sa chomhthéacs seo i rith 2020. Tá an chomhairle atá á cur ar fáil againn bunaithe air agus á treorú ag taighde, anailís ar shonraí, agus athbhreithniú ar dheachleachtas, mar aon le faisnéis agus foghlaim ó thaithí saoil daoine faoi mhíchumas.

I rith 2020 tháinig athrú tobann agus suntasach ar an saol. I gcás NDA, chiallaigh paidéim COVID-19 go mb'éigean dúinn an bealach a oibrímid agus a gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích a athrú go tapa. Chomh maith leis sin, bhí tionchar suntasach ag an bpaidéim ar shaol daoine faoi mhíchumas, go háirithe i gcomhthéacs chur i bhfeidhm agus éifeacht na srianta sláinte poiblí.

I rith 2020 chuir NDA obair i gcrích a raibh sé mar aidhm léi aird a tharraingt ar chuid de na fadhbanna a bhí ag teacht chun cinn, agus chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go raibh riachtanais daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh i bhfreagairt an Rialtais don ghéarchéim. Áiríodh sa chomhairle seo an tionchar a bhí ag seirbhísí cúraim shóisialta a bheith dúnta ar shaol daoine faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh; na dúshláin a bhain le tacaíochtaí pearsanta a sholáthar sa phobal ar bhealach a chinntiú go raibh aird á tabhairt ar shábháilteacht na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhí ag soláthar na tacaíochta; agus na héifeachtaí suntasacha a bhí ag dúnadh na scoileanna ar dhaoine óga faoi mhíchumas. Leagamar béim ar an tábhacht a bhain lena chinntiú nach mór go gcuirfí daoine faoi mhíchumas san áireamh in aon ghníomhaíocht a raibh sé mar aidhm léi an geilleagar a théarnamh i ndiaidh na géarchéime, de bhrí go raibh go leor daoine faoi mhíchumas a bhí fostaithe ag obair in earnálacha a bhí leochaileach go háirithe do na srianta agus dúnadh an gheilleagair, agus dá réir sin, chaill go leor daoine a bpost agus tugadh fógraí iomarcaíochta dóibh.

Tharraing an phaindéim aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil ár dtimpeallacht thógtha sábháilte agus inrochtana do gach úsáideoir, agus tharraingíomar aird comhlachtaí poiblí ar an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas sula n-athraítear limistéir choiteanna mar fhreagairt do na srianta sláinte poiblí. Chomh maith leis sin, tuigimid an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil faisnéis maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí inrochtana do gach duine, beag beann ar chumas nó míchumas, agus fáiltímid roimh na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh san earnáil phoiblí chun cumarsáide agus scaipeadh faisnéise i raon formáidí a fheabhsú.

Tá fianaise feicthe ag NDA ar inoiriúnaitheacht agus bealaí oibre nua a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le treo nua agus deiseanna nua do chomhlachtaí atá freagrach as seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do gach duine. Táimid ag súil le ról a bheith againn i dtaifeadadh agus i ndoiciméadú cuid den mhéid atá foghlamtha againn ó na nuálaíochtaí seo, agus fianaise ar na torthaí a fheiceáil nuair a bheidh deireadh tagtha leis an ngéarchéim reatha.

I rith 2020 bhí ceiliúradh á dhéanamh ar 20 bliain ó bunaíodh NDA. Ar Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas, sheolamar foilseachán speisialta dar teideal “Twenty years is Disability policy” inar tarraingíodh aird ar na forbairtí dearfacha ar fad atá déanta i ndáil le beartas agus cleachtas míchumais le 20 bliain anuas, agus ar na réimsí sin ina bhfuil neart oibre fós le cur i gcrích. Lean NDA ag obair de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), agus fáiltíonn NDA roimh an ngealltanais atá tugtha ag an Rialtas plean cur chun feidhme UNCRPD a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus cuid lárnach de ghníomhaíocht NDA sna blianta amach romhainn a bheith i gcomhairle agus eolas a sholáthar maidir leis an bplean sin. Fáiltímid roimh an obair atá déanta chun chéad Tuarascáil Stát Rannpháirteach na hÉireann do Choiste Faireacháin na Náisiún Aontaithe a fhorbairt, agus chun struchtúir nua a bhunú chun na próisis rannpháirtíochta agus chomhairleacha le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha a fheabhsú.

Reáchtáladh Olltoghchán in 2020 agus atheagraíodh roinnt Rann Rialtais ina dhiaidh sin i Meitheamh 2020. D'fháiltigh NDA roimh bhunú na Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) nua, agus roimh cheapachán an Aire Roderic O’Gorman sa Roinn seo ag a bhfuil cúraimí suntasacha. Chomh maith leis sin, d’fháiltíomar roimh an tAire Sóisearach le freagracht speisialta as Míchumas, Anne Rabbitte, mar aon le hairí sóisearacha eile i ranna eile ag a bhfuil freagrachtaí sonracha a bhaineann le míchumas. Táimid ag súil le bheith ag obair leis na hairí seo agus lena n-oifigigh chun dlús a chur faoi fheabhsuithe i saol daoine faoi mhíchumas, ach chomh maith leis sin le gach roinn Rialtais a fheiceáil ag díriú ar a gcuid freagrachtaí féin agus iarrachtaí a bheith á ndéanamh acu spriocanna UNCRPD a chomhlíonadh. I rith 2020, chuireamar roinnt tuarascálacha taighde agus páipéir comhairle beartais i dtoll a chéile chun tacú leis na hiarrachtaí seo, agus beidh deis agat tuilleadh a léamh faoin obair seo sa tuarascáil seo.

Ag tús 2020, d’fhaomh an Rialtas athbhreithniú lárthéarma ar An Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais 2017-2021, ina sonraíodh roinnt gníomhartha nua agus athbhreithnithe a thug léargas ar na forbairtí atá déanta ó foilsíodh an Straitéis. Tuigimid go raibh paindéim COVID-19 mar bhonn le brú gan choinne in go leor rann Rialtais, lena n-áirítear ath- imlonnú foirne, agus dá bharr sin, tá moill curtha ar ghníomhaíocht áirithe laistigh de NDIS, agus ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin. Tá súil againn, áfach, go n-éireoidh linn níos mó dul chun cinn a dhéanamh in 2021, de bhrí gur príomhshásraí iad na straitéisí sin i ndáil le haidhmeanna an Choinbhinsiúin a chur i gcrích.

Leanamar ar aghaidh ag obair ar an Dearadh Uilíoch i gcaitheamh na bliana, agus é mar aidhm againn dearadh agus forbairt na timpeallachta a chur chun cinn ionas gur féidir an timpeallacht a rochtain go héasca, a thuiscint, agus a úsáid, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas. I rith 2020, cúis dóchais dúinn rannpháirtíocht na gcomhlachtaí oideachais i ndáil le tacú le breis forbartha agus leabaithe an Dearaidh Uilíoch i gcúrsaí oideachais atá dírithe orthu siúd atá ag dearadh táirgí, seirbhísí, TFC agus an timpeallacht thógtha. Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh ag obair leis an earnáil thionsclaíoch, le comhlachtaí caighdeán agus le comhlachtaí



gairmiúla rud is léir ó na caighdeán nua agus ó chaighdeán na rannpháirtíochta sa chlár dámhachtana, fianaise ar aird ar Dhearadh Uilíoch agus úsáid phraiticiúil an Dearaidh Uilíoch.

I rith 2020, ghlacamar le feidhmeanna faireacháin nua ábhartha do Threoir an AE maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán agus Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (2017). Nuair a thrasuigh Éire Treoir an AE maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán i Meán Fómhair 2020, ainmníodh NDA mar chomhlacht faireacháin don stát, agus tá obair ar siúl cheana féin chun struchtúir agus modheolaíochtaí a bhunú a chuirfidh ar ár gcumas an fheidhm seo a chur i gcrích. Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh go mbeadh suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha ag comhlachtaí poiblí ar féidir le gach duine iad a rochtain agus a úsáid, go háirithe ó tharla go raibh sé riachtanach an oiread sin seirbhísí agus tacaíochtaí a chur ar fáil go cianda i rith 2020. Chomh maith leis sin, chomhaontaíomar tuarascáil a ullmhú maidir le cur chun feidhme Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) i rith 2021, agus fáiltímid roimh ghealltanas an Rialtais athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhaineann le hinrochtaineacht agus uileghabhálacht a chinntiú dóibh siúd a úsáid ISL mar a rogha teanga nuair a bhíonn seirbhísí poiblí in úsáid acu.

## An tÚdarás agus Foireann NDA

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe san Údarás as an obair atá déanta acu i rith 2020, go háirithe ó tharla go raibh orainn ar fad dul i dtaithe ar chruinnithe a reáchtáil ar líne agus cúrsaí a phlé ar líne. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí ár gCoistí Airgeadais, Iniúchta & Riosca, agus Feidhmíochta Stiúrthóra as a n-ionchur agus as an treoir atá curtha ar fáil acu i rith na bliana.

Leath bealaigh tríd an mbliain, tháinig deireadh le conradh ár Stiúrthóra le 14 bliana anuas, Siobhan Barron, Uasal, le NDA. Is mian liom buíochas a ghabháil leis as an eagraíocht a stiúradh go héifeachtach i rith na mblianta, agus aithníonn mé go bhfuil dea-cháil NDA mar fhoinsé iontaofa comhairle ag brath go mór ar an obair iontach atá déanta ag Siobhan agus a díograis. Is mian liom gach rath a ghuí uirthi amach anseo.

Cúis áthais dúinn ár Stiúrthóir reatha, an Dr Aideen Hartney, a cheapadh i mí Iúil 2020. Roimhe seo bhí Aideen ag obair mar cheannasaí Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí laistigh de NDA, agus tá tús iontach maith curtha aici lena ról nua. Tá mé ag súil le bheith ag obair léi amach anseo agus lena foireann bhainistíochta shinsearach sa chéad chéim eile d'fhorbairt NDA.

Ar deireadh, is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le comhaltaí foirne agus foireann bhainistíochta NDA as a ndílseacht leanúnach don obair atá ar bun ag an eagraíocht, as a dtiomantas, solúbthacht agus díograis i ndáil le haschuir ar ardchaighdeán a sholáthar, i rith bliain a bhí thar a bheith dúshlánach. Is fianaise shoiléir é scóip agus caighdeán na hoibre atá curtha i gcrích ar an saineolas atá le fáil laistigh den eagraíocht, agus ar an tábhacht a bhaineann lenár ról i ndáil le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais agus cleachtais a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hathrú dáiríre is saol daoine faoi mhíchumas.



**Helen Guinan**  
**Cathaoirleach**

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**

# Forléargas agus comhthéacs beartais

Chuir NDA tús leis an dara bliain dá phlean straitéiseach trí bliana reatha agus seo a leanas na cuspóirí straitéiseacha a bhí sonraithe:

- Comhairle atá bunaithe ar thaighde a chur ar fáil don Rialtas chun cabhrú le forbairt agus cur chun feidhme beartas, clár agus straitéisí náisiúnta atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas;
- Athruithe, dúshlán agus deiseanna sochaíocha a thuiscint agus comhairle a sholáthar maidir an tionchar atá acu ar shaol daoine faoi mhíchumas;
- Tacú le agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Cód Cleachtais, caighdeán, agus treoirlínte i seirbhísí, agus beartas agus cleachtas a mheas;
- Leanúint ag cur le feachtas maidir le Dearadh Uilíoch agus glacadh le Dearadh Uilíoch i sochaí na hÉireann; agus
- Leanúint ag feidhmiú mar eagraíocht éifeachtach agus réamhghníomhach, atá tiomanta dár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus ár gcuid oibre a chur in iúl.

Thacaigh clár oibre NDA le haghaidh 2020 faoi gach ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha seo le forbairt agus le cur chun feidhme straitéisí agus clár náisiúnta atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas i ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla, agus áiríodh ann gealltanais shonracha tionscadail a bheith á gcomhlíonadh ag NDA, lena n-áirítear gníomhartha a raibh sé mar aidhm leo dlús a chur faoi Dhearadh Uilíoch.

## UNCRPD

Bhí ról lárnach ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine atá faoi Mhíchumas in obair NDA i rith 2020. Fáiltimid roimh an mhaoriseacht atá soláthartha ag leibhéal Rialtais trí na gComhchoiste Oireachtais nua maidir le Míchumas, agus cé go dtuigimid go bhfuil go leor fós le déanamh, tá UNCRPD anois ag feidhmiú mar ardán lárnach le haghaidh beartas míchumais i gcomhthéacs na hÉireann. Cuimsítear i mBille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016, forálacha atá ag tacú freisin le dlús a chur faoi chur chun feidhme an Choinbhinsiúin, cosúil le dualgas a bheith ar NDA faisnéis agus sonraí a sholáthar. Cé go rabhthas ag súil go leanfaí leis seo agus go ndéanfaí é a achtú in 2020, chuir bunú Rialtas nua i rith na bliana moill ar an obair. Táimid ag súil go n-achtófar forálacha an Bhille in 2021.

D'éirigh linn comhdháil bhliantúil 2020 a réachtáil ar líne gan deacracht ar bith, agus dhíriomar i rith na comhdhála ar Airteagal 13 den Choinbhinsiún – Rochtain ar Cheartas. Cúis áthais dúinn an líon daoine a d'fhreastail ar an imeacht, agus an obair a rinne raon leathan páirtithe leasmhara chun léargas a thabhairt ar fhoghlaim agus ar dhea-chleachtas lena chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas tairbhe a bhaint as cóir chomhionann ag gach céim den eispéireas ceartais. Táimid airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le roinnt rann agus gníomhaireachtaí a bheith ag obair le chéile chun an aidhm seo a chomhlíonadh, agus cúis áthais dúinn a bheith in ann aird a tharraingt ar an oiread sin dearccháí éagsúla mar chuid den imeacht seo.

## Straitéisí agus Beartais Náisiúnta

Tuigimid go bhfuil sé mar aidhm leis An Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDIS) 2017 – 2021 dlús a chur le comhionannas a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn agus gur féidir leis na gníomhartha atá sonraithe sa Straitéis cabhrú le dlús a chur faoi chur chun feidhme an Choinbhinsiúin. Táimid airdeallach ar thiomantas leanúnach oifigeach i ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla i rith 2020 gníomhartha atá sonraithe i NDIS a chomhlíonadh mar shásra chun oibleagáidí faoi UNCRPD a chur i gcrích.

Tá Coiste Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDISSG), a bhfuil oifigigh ó roinnt mhaith rann agus gníomhaireachtaí Rialtais páirteach ann, Grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais (DSG) agus NDA páirteach ann, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit atá freagrach as Ceisteanna Míchumas. Tá an grúpa ag leanúint ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar agus ag tacú le cur chun feidhme na Straitéise. Gníomhaíonn NDA ar bhonn neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn aschur faoin straitéis agus chun anailís a dhéanamh ar fhoinsí sonraí chun cabhrú le tionchar a thomhas.

In 2020, d'fhoilsigh NDA a mheasúnú neamhspleách ar dhul chun cinn i gcur chun feidhm gníomhartha don bhliain 2019, bunaithe ar bhreithniú a rinneadh ar thuarascálacha ó ranna, mar aon le faisnéis agus fianaise bailithe ag NDA i rith a chomhaltachta ar ghrúpaí oibre agus ar choistí comhairleacha roinne, agus rannpháirtíocht rialta le daoine faoi mhíchumas trí na coistí seo agus trí réimsí eile dá chlár oibre. Ina theannta sin, d'ullmhaigh NDA Tuarascáil Táscairí NDIS a sholáthair anailís lárthearma ar dhul chun cinn faoi NDIS arna thomhas trí thacar táscairí a forbraíodh chun na críche seo. Thosaigh NDA ag tiomsú sonraí ag deireadh 2019 agus ag tús 2020, agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Ghrúpa Stiúrtha NDIS i mBealtaine 2020. Is léargas lárthearma atá ann ar an méid oibre atá déanta go dtí seo faoin Straitéis, agus tarraingítear aird ann ar réimsí nach mór tuilleadh airde a dhíriú orthu thar shaolré NDIS.

Lean NDA lena ról comhairle agus faisnéis a sholáthar chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas (2015-2024) agus an dara plean gníomhaíochta trí bliana faoin Straitéis a ritheann go dtí deireadh 2021. Mar atá fíor i gcás NDIS, rinne NDA a mheasúnú neamhspleách bliantúil ar dhul chun cinn trí CES i rith na bliana roimhe sin, agus rinneadh athbhreithniú lárthearma mórán mar an gcéanna bunaithe ar thacar táscairí comhaontaithe.

## Fostaíocht Daoine faoi Míchumas

Tá ceann de na bearnaí fostaíochta is suntasaí san Eoraip le tabhairt faoi deara in Éirinn chomh fada is a bhaineann le fostaíocht daoine faoi mhíchumas, agus chuir na srianta sláinte poiblí a bhí riachtanach chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 leis an leibhéal éagothromaíochta seo.

Chomh maith leis sin, áfach, tharraing an phaindéim aird ar dheiseanna a bhaineann le cianobair, agus is den tábhacht é go mbaineann fostóirí lántairbhe as na deiseanna seo i ndiaidh na paindéime.

Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le tacú le fostóirí daoine faoi mhíchumas a earcú agus a choimeád, chuir NDA tús le clár comhpháirteach taighde le OECD in 2020, a bhí dírithe go

sonrach ar rannpháirtíocht fostóirí. Is é atá mar aidhm leis an gcomhoibriú seo plean straitéiseach gníomhaíochta a bhunú agus a fhorbairt chun ról an fhostóra i ndáil le tacú le deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus táthar ag súil go mbeidh tuarascáil deiridh an tionscadail seo ar fáil ag deireadh 2021.

Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh leis an bhfaireachán ar fhostú daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí, agus thugamar faoi deara ainneoin go bhfuil méadú tagtha ar líon iomlán na bhfostaithe san earnáil phoiblí, gur laghdaigh an líon iomlán comhaltaí foirne a thuariscigh go raibh siad faoi mhíchumas in 2019. Dá thoradh, laghdaigh an céatadán fostaíche a thuariscigh go raibh siad faoi mhíchumas ó 3.3% in 2018 go dtí 3.1% in 2019. Cé go bhfuil an sprioc sáráithe ag go leor rann rialtais agus comhlachtaí poiblí, leanamar ar aghaidh ag moladh agus ag comhairliú do ranna agus do chomhlachtaí eile pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun an sprioc a chomhlíonadh agus a shárú, trí ionaid oibre ionchuimsitheacha a chruthú agus obair a dhéanamh chun comhaltaí foirne atá faoi mhíchumas a mhealladh agus a choimeád. Bainfidh tábhacht ar leith leis seo mar go mbeidh sé riachtanach sprioc de 6%, ar a laghad, a chomhlíonadh faoi 2024.

### **Saol Daoine a Athrú**

Trí thaighde, comhairle agus tacú le forbairt caighdeán agus creataí, lean NDA ag tacú le tionscnaimh atá deartha chun seirbhísí míchumais a athrú ó bhonn agus cur chuige aonair agus saincheaptha a fhorbairt i ndáil le tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ionas gur féidir leo a saol a chaitheamh ar a rogha slí. In 2020, chuireamar críoch leis an staidéar “Moving In, Moving On”, staidéar a áirítear ann meastóireacht ar chostais agus ar bhuntáistí samhlacha nua pobalbhunaithe seirbhíse i gcomparáid le soláthar seirbhíse traidisiúnta institiúidithe. Chomh maith leis sin, thugamar faoi thaighde le comhaltaí foirne atá ag soláthar seirbhísí chun faisnéis agus eispéiris a bhailiú le haghaidh pleanáil amach anseo don phróiseas leanúnach a bhaineann leis an aistriú chuig samhlacha seirbhíse pobail.

Foilseofar an dá thuarascáil i rith 2021. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i nGrúpa Oibre FSS chun cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta do phleanáil duinelárnach i seirbhísí míchumais a threorú. Táimid ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh in 2021, agus táimid airdeallach ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar an ráta dul chun cinn go dtí seo.

### **Buiséid Phearsantaithe**

I ndiaidh fhoilsiú thuarascáil an Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe in 2018, lean NDA ag obair in 2020 chun comhairle a chur ar an Roinn Sláinte agus ar FSS maidir le dearadh agus cur chuige i ndáil le meastóireacht na dtionscadal taispeána. Cé gur leanadh leis an obair ar na Tionscadail Taispeána in 2020, ní dhearnadh an oiread dul chun cinn agus a rabhtas ag súil leis, agus bhí tionchar ag COVID-19 air seo. Ghlac NDA páirt mar chomhlacht comhairleach neamhspleách sa Ghrúpa Maoirseachta le haghaidh na dtionscadal taispeána i dteannta le hoifigigh. Tá ról ceannaireachta ag NDA i ndáil le gné meastóireachta na hoibre, agus in 2020 áiríodh mar chuid den obair seo foireann meastóireachta neamhspleách a aimsiú agus tús a chur le cead eiticíuil a fháil don mheastóireacht. Táimid ag súil le níos mó dul chun cinn a dhéanamh in 2021, agus úsáid a bhaint as an méid atá foghlamtha againn ón tionscnamh suntasach seo.

### **Dearadh Uilíoch**

Áirítear i measc na hoibre atá á déanamh ag ár an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) tionchar a imirt ar chaighdeáin ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. I rith 2020,

chabhraigh CEUD le forbairt roinnt caighdeán, cuid acu ar freagairt iad do phaindéim COVID-19. Cúis áthais ar leith ba ea gur faomhadh Caighdeán Éireannach Nua, I.S. SWIFT-19:2020

“Barrier Masks for Consumers – Requirements” i rith 2020. Chabhraigh CEUD le forbairt an chaighdeáin seo agus sholáthair sé comhairle maidir leis an ngá atá le Dearadh Uilíoch i ndáil le riachtanais úsáideoirí éagsúla, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a chomhtháthú. Chomh maith leis sin, ghlac NDA páirt in CEN-CENELEC TC 248 WG38 chun obair a dhéanamh ar thionscadal caighdeán a raibh sé mar aidhm leis Sonraíocht Theicniúil (TS) Eorpach a fhorbairt maidir le ceanglais le haghaidh Aghaidhmhasc Neamhliachta a bhfuiltear ag súil a fhoilseofar in 2021.

San áireamh san obair eile a bhain le caighdeáin a rinneadh in 2020 tá cur leis an gcaighdeán Eorpach “Seirbhísí Iompair – Cumarsáid custaiméirí le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí – Cur chuige Dearadh Uilíoch”; rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre NSAI maidir le dréachtchaighdeán ag tacú le ceanglais inrochtaineachta Eorpacha le haghaidh soláthair phoiblí sa timpeallacht thógtha - prCEN/TR 17210:2020 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha – Critéir agus sonraíochtaí feidhmíocht theicniúil; cur le forbairt caighdeán idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Nuálaíochta mar chuid de Choiste Teicniúil NSAI TC 45; agus ionadaíocht a dhéanamh ar NDA mar chomhalta de Choiste Eorpach ar Inrochtaineacht le haghaidh táirgí agus seirbhísí príomhshrutha do theicneolaíochtaí um Maireachtáil Neamhspleách.

Reachtáil CEUD Mórdhúshlán Dearadh Uilíoch ar líne i mí na Samhna 2020 ar éirigh go hiontach leis agus fuarthas an líon is mó iontrálacha riamh ó reachtáladh an chéad Mhórdhúshlán, agus bhí réimse leathan dearáí san áireamh i dtrí chatagóir a áiríodh ina measc an timpeallacht thógtha, táirgí, agus Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC).

Chomh maith leis sin, lean CEUD lena thionscadal comhpháirtíochta le Junior Achievement Ireland (JAI) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) agus cuireadh modúl Dearadh Uilíoch ar fáil i mbunscoileanna mar chuid den Chlár Power of Design. Áiríodh san obair a rinneadh i rith 2020 leasuithe ar rolladh amach an chláir, agus reachtáladh triail phiolótach rathúil bunaithe ar sholáthar fíorúil i rith na bliana, mar fhreagairt do COVID-19.

Chomh maith leis sin, rinneamar iarracht taighde a choimisiúnú agus treoirlínte ardleibhéil Dearadh Uilíoch a fhorbairt maidir le hiarfheistíú suíomhanna cúraim chónaithe fadtéarmacha do dhaoine scothaosta in Éirinn. I rith na hoibre seo scrúdófar conas is féidir an timpeallacht thógtha sna suíomhanna seo a oiriúnú agus a iarfheistíú bunaithe ar chur chuige Dearadh Uilíoch chun caighdeán saoil cónaitheoirí a fheabhsú agus ullmhacht agus seasmhacht don phaindéim a fheabhsú agus ag an am céanna sláinte agus folláine shíceasóisialta cónaitheoirí agus comhaltaí foirne a chosaint. Táimid ag súil le foilsiú na dtreoirlínte seo i rith 2021.

## COVID-19

Dála go leor eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, bhí go leor den obair a chuireamar i gcrích in 2020 bunaithe ar COVID-19, de bhrí gur chuir tionchar na géarchéime isteach go mór ar dhaoine faoi mhíchumas, agus gur dócha go mbeidh tionchar na géarchéime le brath go ceann i bhfad, fiú amháin i ndiaidh don tsochaí agus don gheilleagar a bheith i mbun téarnaimh. Áirítear i measc na réimsí lena mbaineann ábhar imní ar leith i rith na tréimhse seo rochtain ar sheirbhísí agus ar chúrsaí oideachais do dhaoine faoi mhíchumas. I rith 2002, chuir NDA roinnt aighneachtaí faoi

bhráid Aire agus Comhchoistí Oireachtais maidir leis na deacrachtaí sin, lena n-áirítear deacrachtaí a bhain le cúram sláinte neamh-COVID, oideachas agus an clár vacsaínithe trí chéile, agus tarraingíodh aird ar an bpointe gur leag eispéireas COVID-19 béim ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil fhadtéarmach cúraim sláinte agus cúraim shóisialta agus ar an ngá atá le dlús a chur faoi dhul chun cinn i réimsí éagsúla. Tá comhairle curtha againn freisin ar chomhlachtaí poiblí eile maidir leis an tábhacht a bhaineann le chinntiú go gcuirtear daoine faoi mhíchumas san áireamh i gcomhairliúchán agus i gcinnteoireacht a bhaineann le hidirghabhálacha sa timpeallacht fhisiciúil agus conas a chinntiú go bhfuil an timpeallacht fhisiciúil sábháilte agus inrochtana do chách.

Tá fianaise ar thorthaí dearfacha i réimsí áirithe tugtha faoi deara againn, lena n-áirítear nuálaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí. Leanfaidh NDA le comhairle a thabhairt maidir leis an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil daoine faoi mhíchumas páirteach in aon chineál téarnaimh, agus leagfar béim go háirithe ar an ngá atá le sonraí agus faisnéis iontaofa a bhaineann le míchumas mar bhealach chun aird a tharraingt ar réimsí nach mór aird a dhíriú orthu.

### **Táirgí Insoláthartha 2020:**

I bhfianaise na bhforbairt beartais seo ag leibhéal náisiúnta, áiríodh i bplean oibre NDA le haghaidh 2020 na príomhéachtaí seo a leanas, mar aon le go leor eile, agus tá tuilleadh sonraí le fáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo:

- Tuarascáil a chur i dtoll a chéile maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDIS) go dtí deireadh 2019 agus tuarascáil a chur ar fáil maidir le dul chun cinn i gcomparáid le tacar táscairí comhaontaithe chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí ardleibhéil a bhaineann le NDIS;
- Measúnú neamhspleách ar dhul chun cinn a chur i dtoll a chéile faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta (CES) go dtí deireadh 2019 agus tuarascáil a chur ar fáil maidir le dul chun cinn i gcomparáid le tacar táscairí comhaontaithe chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí ardleibhéil a bhaineann le CES;
- Modúil oiliúna maidir le feasacht ar mhíchumas atá á maoiniú ag deontais agus á soláthar ar líne a chur ar fáil d'fhostóirí;
- Comhdháil Bhliantúil a reáchtáil maidir le Rochtain ar Cheartas, Airteagal criticiúil de UNCRPD, reáchtáilte go hiomlán ar líne;
- Soláthar tuarascálacha trí Scéim Deontas um Chur Chun Cinn Taighde 2019 maidir le míchumas agus easpa dídine;
- Leanúint le clár comhpháirtíochta le OECD chun scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige éifeachtacha maidir le rannpháirtíocht fostóirí chun cur chun feidhme a threorú ag leibhéal Rialtais in Éirinn;
- Leanúint le clár comhpháirtíochta le ESRI chun sonraí agus faisnéis atá ábhartha d'fhostú daoine faoi mhíchumas a anailísiú, agus cuir chuige a bhaineann le cúnaimh pearsanta a sholáthar, agus foilsíodh léirmheas litríochta in 2020;
- Comhairle a chur ar an Aire maidir le cúram iarscoile a chur ar fáil do leanaí faoi mhíchumas;
- Comhairle a chur ar fáil go leanúnach don Roinn Sláinte agus do FSS maidir le dearadh agus forbairt tionscadal taispeána chun tástáil a dhéanamh ar chuir chuige i ndáil le rolladh amach buiséad pearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas;

- Comhairle agus ionchur a sholáthar maidir le Dearadh Uilíoch i bhforbairt chaighdeán SWiFT (SWiFT 19:2020+AC1:2020) Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann maidir le haghaidhmhaisc i bhfianaise Covid-19;
- Comhairle agus ionchur a sholáthar maidir le Caighdeán AE Nua i Seirbhísí Iompair – Cumarsáid custaiméirí le haghaidh seirbhísí iompair paisinéirí – Cur chuige Dearadh Uilíoch;
- Treoir a fhorbairt agus a scaipeadh le haghaidh cruinnithe inrochtana ar líne, i bhfianaise na cianoibre mar gheall ar COVID-19;
- Modúil oiriúnaithe Cumhacht Dearaidh a fhorbairt le cur ar fáil i mbunscoileanna i bhfianaise COVID-19;
- Raon feidhme agus triail córas náisiúnta píolótach faireacháin d'fhorbairt iompair phoiblí agus táscairí (Cuid 3 An tAcht Míchumais);
- Tuarascáil bhliantúil reachtúil a fhorbairt maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí in 2019;
- Straitéis Cumarsáide don eagraíocht trí chéile & prótacail ghaolmhara a sholáthar;
- Plean dualgais na hearnála poiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme don eagraíocht;
- Clár folláine san ionad oibre a sholáthar go cianda i rith 2020.

# Tosaíocht Straitéiseach 1





# Tosaíocht Straitéiseach 1:

**“Comhairle atá bunaithe ar thaighde a chur ar fáil don Rialtas chun cabhrú le forbairt agus cur chun feidhme beartas, clár agus straitéisí náisiúnta atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas”**

**Taighde a dhéanamh chun bonn eolais agus treo a sholáthar d’fhorbairt beartais agus cleachtais agus chun tacú le cur chun feidhme príomhstraitéisí agus príomhbheartais náisiúnta**

## Saol Daoine a Athrú – Staidéar *Moving In*

Is mórchlár meastóireachta é an staidéar *“Moving In Moving On”* atá dírithe ar chostais agus ar chaighdeán saoil samhlacha nua, pobalbhunaithe seirbhíse i gcomparáid le soláthar seirbhíse traidisiúnta institiúidithe.

Ag tús 2020 cuireadh 426 duine atá faoi mhíchumas faoi agallamh. I measc na n-agallaithe bhí daoine fásta ag a raibh réimse leathan míchumas atá ag rochtain raon seirbhísí tacaíochta difriúla. Áiríodh sna hagallaimh measúnú ar riachtanais tacaíochta na rannpháirtithe agus, meastóireacht ar chostais agus ar thorthaí.

Cuimsíodh sa tionscadal seo freisin meastóireacht roimh agus i ndiaidh de rannpháirtithe a bhí ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe chun eolas a bhailiú faoi na buntáistí a bhaineann le gan a bheith ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe do rannpháirtithe. Ba é próifíl na ndaoine seo go raibh riachtanais ardtacaíochta acu de ghnáth. As measc an 91 rannpháirtí a rinne agallamh roimh agus i ndiaidh tugadh le fios sna tátail nach raibh aon cheann den naoi dtoradh chomhaontaithe á gcomhlíonadh nuair a bhí rannpháirtithe ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe ach i ndiaidh dóibh bogadh chun cónaithe sa phobal go raibh dhá thoradh á gcomhlíonadh, go raibh sé thoradh á bpáirtchomhlíonadh agus nach raibh sé indéanta toradh amháin a thomhas.

Mar chuid den páirt den staidéar cuireadh 280 duine sa 43 láthair agus 33 soláthraí seirbhíse faoi agallamh. Clúdaíodh raon seirbhísí tacaíochta. Tríd is tríd, chuir ilchineálach an ghrúpa rannpháirtithe seo agus raon na ndálaí maireachtála bac ar rianú comhchosúil torthaí idir samhlacha seirbhíse sean agus nua. Bhí sé soiléir, áfach, go bhfuil níos mó seans ann go mbeidh torthaí dearfacha le tabhairt faoi deara má tá tacaíochtaí á soláthar ar bhealach saincheaptha agus duinelárnach, cur chuige nach bhfuil comhoiriúnach le maireachtáil institiúideach nó chomhchónaithe de ghnáth.

Is fianaise iad torthaí Chéim 2 freisin go bhféadfadh dálaí eile bac a chur ar chumas duine torthaí dearfach a bhaint amach, lena n-áirítear a bheith ag déileáil le pian, gan a bheith in ann rogha a dhéanamh maidir leis na daoine a bhfuil siad ina gcónaí leo, nó gan a bheith ag réiteach go maith le daoine a bhfuil cónaí orthu leo.

Bhí sé beartaithe ar dtús go ndéanadh an staidéar seo comparáid dhíreach idir costais an Stáit tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas i láithreacha comhchónaithe agus na costais a bhain le tacaíochtaí a chur ar fáil i samhlacha seirbhíse níos nuaí – i.e. i dtithe atá scaipthe ar fud an phobail. Chiollaigh an ganntanas cur chuige caighdeánaithe maidir le costáil tacaíochtaí i measc soláthraithe seirbhíse míchumais, áfach, agus an ganntanas cur chuige caighdeánaithe maidir le leithdháileadh acmhainní ag an maoinitheoir – FSS – gur bhain dúshlán ar leith le cur i gcrích na

comparáide líní seo ‘roimh agus i ndiaidh’. Tá sé beartaithe, dá réir sin, ag tús 2021, go ndéanfar roinnt obair bhreise ar chomhpháirt costais an staidéir sula gcuirfear bailchríoch leis an staidéar agus sula bhfoilseofar é.

Chomh maith leis sin, tá NDA páirteach i bhfoghruipa de ghrúpa cur chun feidhme FSS Time to Move On, a dhéanann faireachán ar dhul chun cinn ar an aistriú ó láithreacha comhchónaithe go láithreacha pobail. Sholáthair NDA ionchur agus comhairle maidir leis na prótacail chumarsáide atá riachtanach chun eispéiris daoine faoi mhíchumas, a dteaghlach agus a soláthraithe seirbhíse a fheabhsú i rith an phróisis.

### **Saol Daoine a Athrú – Tionscadal Soláthar Foirne**

Rinne NDA anailís ar na sonraí a bailíodh i rith na n-agallamh a rinneadh le 37 rannpháirtí in 2019 maidir le heispéiris comhaltaí foirne agus bainisteoirí a d’aistrigh ó ‘sheansamhail’ go dtí ‘samhail nua’ de sheirbhís chónaithe míchumais atá á maoiniú ag FSS i rith 2020. Ba é an aidhm a bhí leis an taighde seo faisnéis a bhailiú le haghaidh pleanáil amach anseo don phróiseas leanúnach a bhaineann leis an aistriú chuig samhla seirbhíse pobail. Tháinig roinnt príomhthéamaí chun cinn i ndiaidh na hanailíse lena n-áirítear cultúr agus luachanna eagraíochtúla, duinelárnacht, tacaíocht d’aistrithe a chothú, meascán scileanna agus ról agus freagrachtaí nua, agus fadhbanna níos ginearálta a bhaineann leis an gcóras agus le beartais.

Tá NDA ag súil leis an tuarascáil maidir leis an taighde seo a fhoilsiú go luath in 2021. Lorgaíodh aiseolas ó FSS agus chomhaontaigh NDA oibriú le FSS ar shraith doiciméad cleachtais éifeachtaigh a úsáidfear chun torthaí na tuarascála a roinnt agus a scaipeadh i measc bainisteoirí seirbhísí cónaithe míchumais.

Soláthraíodh póstaer agus rinneadh cur i láthair ó bhéal maidir le cuid de réamhthorthaí an staidéir ag Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde Sláinte agus Oideachais Choláiste na Tríonóide i Márta 2020.

### **Saol Daoine a Athrú - Staidéar Faoisimh**

Staidéar bunaithe ar dhearccháil úsáideoirí ar chúram faoisimh curtha i gcrích ag *Ace Communication* in 2019 agus rinneadh obair leantach in 2020 i bhfoirm foilseachán piarmheasúnaithe. Tacaíodh le ACE Communication chun lámhscríbhinn a fhorbairt a ndearnadh piarmheasúnú uirthi agus a d’fhoilsigh *British Journal of Learning Disability* ina dhiaidh sin. Foilsíodh an staidéar ‘Person-centred respite supports: The perspectives of adults with intellectual disabilities in Ireland’ i nDeireadh Fómhair 2020 agus tá an tuarascáil seo ar fáil saor in aisce do chách.

### **Buiséid Phearsantaithe**

Moladh i dtuarascáil Thascfhórsa na mBuiséad Pearsantaithe, a foilsíodh i mí Iúil 2018, go mbunódh an Roinn Sláinte agus FSS tionscadail taispeána chun seachadadh buiséad pearsantaithe a thástáil, agus é mar aidhm an cur chuige is fearr i ndáil le rolladh amach níos ginearálta buiséad pearsantaithe i gcomhthéacs na hÉireann a shainaithint.

In 2019, lorg FSS léirithe spéise ó dhaoine aonair a bheadh sásta páirt a ghlacadh sna tionscadail taispeána. Bhí na tionscadail taispeána le réachtáil in dhá chéim thar thréimhse dhá bhliain, agus bhí 90 duine fásta ag glacadh páirte i ngach céim. D’iarr an Roinn Sláinte ar NDA meastóireacht na dTionscadal Taispeána a mheas.

Ag tús 2020, thosaigh FSS ag earcú rannpháirtithe ach b’éigean stop a chur leis an earcaíocht nuair

a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm. Cé gur leanadh ar aghaidh ag obair ar na Tionscadail Taispeána in 2020, bhí moill ar earcú rannpháirtithe ar chúpla cúis, agus bhí tionchar ag paidéim COVID-19 go háirithe ar an obair.

Chuir NDA próiseas meastóireachta tairisceana i gcrích chun foireann mheastóireachta neamhspleách a earcú agus ag deireadh 2020 cuireadh tús leis an bpróiseas a bhaint le cead eiticíúil a lorg don mheastóireacht.

Cuirfear roinnt gnéithe san áireamh sa mheastóireacht, lena n-áirítear an próiseas a bhaineann le buiséid phearsantaithe a riar de réir mar a bheidh an mheastóireacht á rolladh amach, na torthaí a bhainfear amach do dhaoine aonair agus don chóras, agus breithniúcháin maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais.

### **Buiséadú Comhionannais**

Tá NDA ag leanúint le hionchur a sholáthar do Shainghrúpa Comhairleach Buiséadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus é mar aidhm forbairt a dhéanamh ar choincheap an bhuiséadaithe comhionannais i gcomhthéacs na hÉireann. Níor reáchtáladh an oiread céanna cruinnithe den ghrúpa seo i rith 2020 mar gheall ar COVID 19 ach rinneadh forbairt i ndáil le roinnt snáitheanna gníomhaíochta, lena n-áirítear Mol Sonraí Comhionannais a fhorbairt faoi cheannas CSO agus breithniúchán a dhéanamh ar roinnt dúshlán a bhain le bailiú agus úsáid sonraí láidre comhionannais. Bhí NDA lánsásta faisnéis agus ionchur a sholáthar don phróiseas a bhain le forbairt an mhoil sonraí, agus leanfar leis an obair leis an Sainghrúpa Comhairleach i rith 2021 chun aird a tharraingt ar fhoinse ábhartha sonraí agus forbairtí beartais atá ábhartha do bhuiséadú míchumais.

### **Scéim chun Taighde a Chur Chun Cinn (RPS)**

I mí na Nollag 2020, d'óstáil NDA seimineár gréasáin chun aschuir dhá thionscadal taighde a sheoladh trí Scéim chun Taighde a Chur Chun Cinn 2019, agus ba é 'Daoine faoi mhíchumas atá gan dídean'. Ba é Peter Burke, TD, Aire Stáit atá freagrach as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil a chuir tús leis an seimineár gréasáin.

Ba é Ionad um Aosú agus Míchumas Intleachta Choláiste na Tríonóide i gcomhpháirt le Seirbhísí Tacaíochta Míchumais Iníonacha na Carthanachta a rinneadh an chéad staidéar. Ba é *'The experience and risk of homelessness for people with intellectual disabilities and/or autism and their families in Dublin. A mixed methods study'* teideal an staidéir seo.

Mar chuid den staidéar seo rinneadh scrúdú ar eispéiris líon beag daoine le Míchumas Intleachta (ID) agus/nó Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) a bhí gan dídean nó i baol a bheith gan dídean a bhí ag baint tairbhe as Seirbhísí Tacaíochta Míchumais Iníonacha na Carthanachta i gceantar amháin i mBaile Átha Cliath. Tharraing rannpháirtithe aird ar dhálaí socheacnamaíochta cosúil le a bheith ag brath an iomarca ar leas sóisialach agus scileanna laga litearthachta mar dhálaí atá ag cur le heispéireas na heaspa dídine. Chiallaigh easpa tuisceana maidir le riachtanais daoine faoi Míchumas Intleachta agus/nó ASD go raibh daoine le míchumas mar sin ina gcónaí i gcóiríocht fhochaighdeánach go minic.

Aimsíodh i rith an staidéir go raibh rannpháirtithe an staidéir ag brath an iomarca ar an margadh cíosa phríobháidigh. Ba é tátal an staidéir go mbaineann dúshlán ar leith le cóiríocht éigeandála do theaghlach ag a bhfuil leanbh le Míchumas Intleachta agus/nó ASD agus is fianaise atá ann

nach bhfuil seirbhísí do dhaoine gan dídean cosúil le brúnna oiriúnach don ghrúpa seo den daonra.

Ba é Scoil an Altranais, na Síctearipe agus na Sláinte Poiblí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a rinne an dara staidéar i gcomhar le Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath. Ba é teideal an staidéir seo *'Adult Autism in Homelessness: Prevalence, Experiences and Support Needs in an Irish Context - A Mixed Methods Study'*.

B'ionann an staidéar seo agus an chéad iarracht in Éirinn eolas a bhailiú faoi leitheadúlacht an uathachais i measc daoine a bhfuil seirbhísí do dhaoine gan dídean in úsáid acu. Thug an staidéar le fios go bhfuil leitheadúlacht saintréithe uathacha le tabhairt faoi deara i measc 106 aosach de dhaoine gan dídean atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, nó 2.8%, agus go méadaíonn sé go 9.4% nuair a chuirtear saintréithe uathacha féideartha san áireamh freisin. Labhair líon beag daoine a bhfuil uathachas orthu nó a bhí ag déileáil le heaspa dídine anois nó a dhéileáil le heaspa dídine roimhe seo maidir lena n-eispéiris dhíobhálacha le linn a n-óige agus ábhar imní dóibh freisin nach raibh diagnóis faighte acu nó nár cuireadh tacaíocht ar fáil dóibh chun cabhrú leo ASD a thuiscint. Labhair siad faoi na dúshláin a bhain le seirbhísí do dhaoine gan dídean a bhí oiriúnach dóibh a aimsiú a chuir a riachtanais tacaíochta aonair san áireamh. Chomh maith leis sin, aimsíodh i rith an staidéir go bhfuil daoine fásta a bhfuil uathachas acu i mbaol torthaí diúltacha, cosúil le haonrú sóisialta, idirdhealú agus íospairt agus go mbíonn deacrachtaí acu fostaíocht agus taithíocht a fháil agus a choimeád, agus maireachtáil go neamhspleách. Sainaithníodh bearnaí scileanna agus gá le hoiliúint mar dhúshláin i measc príomhoibrithe foirne.

### **Grúpa Oibre FSS chun cur chun feidhme an Chreata Náisiúnta do phleanáil Duinelárnach i Seirbhísí Míchumais a threorú**

Chuir FSS tionscadal taispeána i gcrích in 2019 bunaithe ar chur chun feidhme an chreata náisiúnta do phleanáil duinelárnach, i dteannta le cúigear soláthraithe seirbhíse míchumais. Áirítear sa tuarascáil maidir leis an tionscadal taispeána raon moltaí le haghaidh rolladh amach náisiúnta an chreata, lena n-áirítear foghlaim agus forbairt don duine ar leis an plean, teaghlaigh agus comhaltaí foirne. Bhunaigh FSS grúpa oibre chun dul i ngleic leis na moltaí a rinneadh i dtuarascáil an tionscadail taispeána. Tá ionadaíocht ag NDA ar an ngrúpa seo.

Tá obair déanta chun déileáil leis na moltaí a rinne an tionscadal taispeána, agus tá NDA ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh in 2021, ach glactar leis go raibh tionchar ag COVID-19 ar an ráta dul chun cinn go dtí seo.

### **Bunú Grúpa Oibre maidir le Tacaíochtaí Iompair do Dhaoine faoi Mhíchumas – Gníomh 104 den Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDIS)**

Ghlac NDA páirt ina chéad chruinniú leis an ngrúpa idir-rannach seo a reáchtáladh i Márta 2020. Mar atá sonraithe i nGníomh 104 den Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDIS), ba é aidhm an ghrúpa seo athbhreithniú ar thacaíochtaí iompair a threorú a chuimsítear ann gach scéim iompair agus soghluaisteachta do dhaoine faoi mhíchumas atá á maoiniú ag an Rialtas. Tá sé seo á dhéanamh chun roghanna iompair chun na hoibre nó tacaíochtaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus forbrófar tograí chun plean comhordaithe dá leithéid sin de sholáthar a fhorbairt. Tabharfar aird sa phlean seo ar an úsáid is éifeachtaí agus is féidir a bhaint as na hacmhainní iompair atá ar fáil. Sholáthair NDA aiseolas maidir leis na téarmaí tagartha don ghrúpa seo. Bhí tionchar ag COVID-19 ar chruinnithe leantach in 2020, ach tuigeann NDA go bhfuil sé beartaithe tús a chur in athuair leis na cruinnithe in 2021.

## Ráitis Straitéise

Faoi alt 5 d'Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, ceanglaítear ar Ranna Ráiteas Straitéise a ullmhú laistigh de shé mhí ó Rialtas nua a bhunú. Chuir NDA aighneachtaí maidir le réimsí nach mór iad a bhreithniú sna Ráitis seo faoi bhráid naoi Roinn (Féach Aguisín 3) agus ina theannta sin d'fhreagair sé d'iaratas ar aighneachtaí ó Sheirbhís Phromhaidh na hÉireann.


Tharraing NDA aird ar an deis a sholáthair na Ráitis Straitéise chun an raon gníomhartha ar fud na Rann a dhéanamh míchumas-dhíonach, go háirithe sna Ranna sin ina raibh struchtúir nua bunaithe. Le cois aird a tharraingt ar shaincheisteanna sonracha míchumais a bhí ábhartha do gach roinn, chomh maith leis sin tharraing NDA aird ar an ngá a bhí le míchumas a athdheimhiú agus príomhshruthú míchumais a leabú ar fud na Roinne obair a cheanglaítear chun na gealltanais a thugtar faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh.

**Taighde a dhéanamh, faisnéis agus comhairle fianaisebhunaithe a sholáthar chun tacú le breis forbartha agus le cur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta**

## Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (CES)2015-2024

I rith 2020, lean NDA le tacaíocht agus le comhairle a sholáthar maidir le cur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta (CES) náisiúnta 2015 go dtí 2024 agus an dara plean trí bliana faoinn Straitéis a ritheann go dtí deireadh 2021. Tá gealltanais tugtha ag raon rann agus gníomhaireachtaí Rialtais gníomhartha a chur i gcrích faoi shé Thosaíocht Straitéiseacha. Tá NDA páirteach sa Ghrúpa Cur Chun Feidhme agus tá comhairle curtha aige ar an ngrúpa maidir le cuir chuige théamacha i ndáil le cruinnithe.

Chomh maith leis sin, thacaigh NDA le ranna agus le gníomhaireachtaí a ngealltanais CES a chomhlíonadh. Mar shampla, chabhraigh NDA le IDA agus Fiontraíocht Éireann seimineár gréasáin a réachtáil dar teideal 'Recruiting for Ability' a roinn eolas le breis is 130 cliant-eagraíocht maidir leis an gcás gnó a bhaineann le comhaltaí foirne ag a bhfuil néarghalair éagsúla a earcú.



Sheol NDA agus Leas-Ardrúnaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) an 3ú imeacht bliantúil Progressive Pathways i dTrá Lí i gCo. Chiarraí in Eanáir 2020. Cleachtadh comhoibrítheach ba ea an t-imeacht seo idir oifig réigiúnach Intreo DEASP agus an tseirbhís áitiúil EmployAbility, chun roghanna breisoideachais agus breisoiliúna atá ar fáil do dhaoine óga faoi mhíchumas nuair a fhágann siad an scoil a chur chun cinn go réamhghníomhach. D'fhreastail breis is 300 duine ar an díospóireacht phainéil, agus bhí ionadaithe i láthair a rinneadh ionadaíocht do mhic léinn, tuismitheoirí agus múinteoirí príomhshrutha agus oideachas speisialta. Chomh maith leis sin, chuir NDA comhairle ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le forbairtí i bhfostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, agus cuireadh an méid a bhí foghlamtha ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair san áireamh.

## Dréachtpháipéar comhairle maidir le Conair Athshlánúcháin Gairme

Tá dréachtpháipéar comhairle forbartha ag NDA maidir le forbairt conair athshlánúcháin gairme do dhaoine faoi mhíchumas faighte agus coinníollacha sláinte fadtéarmacha. Moltar sa pháipéar bealaí chun na conairí do dhaoine a fhágann an t-ionad oibre mar gheall ar mhíchumas nó tinneas fadtéarmach chuig fostaíocht inbhuanaithe a fheabhsú trí bheartas agus córas náisiúnta le haghaidh athshlánú gairme. Cuireadh bailchríoch ar an bpáipéar nuair a bheidh an comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas curtha i gcrích. Tarraingíodh aird i dtuarascálacha i ndiaidh a chéile ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), agus staidéar taighde idirnáisiúnta a choimisiúnaigh NDA in 2015 ar an bpointe go bhfuil córas athshlánaithe gairme nach bhfuil dea-fhorbartha in Éirinn faoi láthair.

## Clár Taighde NDA/OECD

Faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, díróinn ceann de na príomhthosaíochtaí straitéiseach ar rannpháirtíocht fostóirí, príomhghné i ndáil le deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú.

Roimhe sin mhol NDA go raibh sé riachtanach tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna éifeachtacha chun rannpháirtíocht fostóirí a spreagadh agus tacú leo sa chomhthéacs seo. In 2020, chuir NDA tús le clár comhpháirteach taighde leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), clár a bhí dírithe go sonrach ar rannpháirtíocht fostóirí. Is é atá mar aidhm leis an gcomhoibriú seo plean straitéiseach gníomhaíochta a bhunú agus a fhorbairt chun ról an fhostóra i ndáil le tacú le deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú, bunaithe ar an méid atá foghlamtha ag leibhéal idirnáisiúnta, agus breithniú a dhéanamh ar ról an Stáit i rannpháirtíocht fostóirí.

Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil deiridh maidir leis an tionscadal seo ar fáil ag deireadh 2021. I rith 2020, rinneadh taighde deisce, suirbhéanna agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara i ndlínsí eile agus in Éirinn.

Mar gheall ar COVID-19, ní raibh ar chumas foireann OECD teacht go hÉirinn ar cuairt staidéir. Le tacaíocht ó NDA, áfach, d'éirigh leis an bhfoireann roinnt agallamh fíorúil duine le duine agus grúpa a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara Éireannacha i ranna Rialtais agus i gcomhlachtaí ionadaíochta fostóirí. Chomh maith leis sin, thug OECD faoi anailís ar bheartas agus ar shonraí Éireannacha a bhain le fostú daoine faoi mhíchumas, agus cuireadh seasamh na hÉireann i gcomparáid le seasamh dlínsí OECD eile. In 2021, déanfar tuilleadh forbartha ar an obair seo trí shuirbhé a dhéanamh ar fhostóirí agus trí shraith ceardlann.

## Tionscnamh Open Doors

I rith 2020, chomhaontaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) an Tionscnamh Open Doors a mhaoiniú chun seirbhís Faisnéise Míchumais d'Fhostóirí a fhorbairt – Employers for Change – tionscnamh a bhí dírithe ar fhostóirí ar mian leo duine faoi mhíchumas a fhostú nó freastal ar dhuine faoi mhíchumas. Tá ról lárnach ag faisnéis a sholáthar d'fhostóirí i ndáil le deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Tá an gníomh seo á réachtáil i ndiaidh an tionscnaimh fhíolótaigh Faisnéis Míchumais d'Fhostóirí a mhaoinigh NDA agus a cuireadh i gcrích in Eanáir 2019. Fáiltíonn NDA roimh an tseirbhís nua seo agus tá glactha aige le cuireadh a bheith páirteach i ngrúpa Straitéise na seirbhíse faisnéise nua.

**Meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin a bhaineann le cur chun feidhme straitéisí náisiúnta, tomhas a dhéanamh de réir táscairí agus sonraí agus tuarascálacha measúnaithe neamhspleácha a chur i dtoll a chéile, agus béim ar leith a leagan ar thorthaí do dhaoine aonair a mheas**

## **Measúnú ar dhul chun cinn na Straitéise Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais (NDIS)**

In 2020, d'fhoilsigh NDA measúnú neamhspleách ar dhul chun cinn a bhaineann le cur chun feidhme gníomhartha faoi NDIS 2017-2021 don bhliain 2019. Bhí an measúnú seo bunaithe ar thuiriscíú roinne de réir gníomhartha a bhí geallta, mar aon le faisnéis agus fianaise bailithe ag NDA i rith a chomhaltachta i ngrúpaí oibre, coistí agus Coistí Comhairleacha Roinne, mar aon le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara míchumais.

Chomh maith leis sin, bhí an measúnú bunaithe ar thátail ó thuarascáil táscairí NDIS agus tá níos mó plé déanta air sin thíos.

Thuairiscigh NDA go raibh dul chun cinn déanta i ndáil le go leor gníomhartha faoi ocht dtéama NDIS in 2019, ach i gcás roinnt téamaí go raibh luas an dul chun cinn níos moille ná mar a bhí beartaithe ar dtús.

Chun dul i ngleic leis seo, mhol NDA gur cheart réimsí áirithe a roghnú chun grinnscrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh orthu ag cruinnithe an Choiste Chomhairligh Roinne agus/nó ag cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha NDIS. Chomh maith leis sin, tagraíonn NDA don tábhacht a bhaineann le breithniú a bheith á dhéanamh ag ranna ar conas cur chuige struchtúrtha a fhorbairt i ndáil le cur chun feidhme, agus tuairiscíú, gníomhartha a bhfuil 'gach roinn agus comhlacht poiblí' freagrach astu laistigh dá ranna féin agus na comhlachtaí atá faoina gcoimirce.

Áiríodh i measc cuid de na réimsí ina bhfuil obair curtha i gcrích nó forbartha de réir na ngníomhartha sonraithe in NDIS i rith 2019:

- Tionscadail taispeána Pleanála Duinelárnach a sholáthar i gcúig sheirbhís míchumais;
- Tuarascáil foilsithe ag NDA agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le hAthbhreithniú ar Éifeachtacht Fheidhmiú Alt 25 den Acht Míchumais i gcomhlachtaí poiblí;
- Leanadh leis an dul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme Chlár AIM chun tacú le leanaí faoi mhíchumas seirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige a rochtain agus tairbhe a bhaint astu;
- Samhail um Chuimsiú Scoile nua a reáchtáil ar bhonn píolótach i 75 scoil, arb ionann é agus pacáiste de thacaíochtaí oideachais agus sláinte atá bunaithe ar thaighde a bhfuil sé mar aidhm leis cur le cumas scoileanna leanaí ag a bhfuil riachtanais bhreise a chur san áireamh;
- Creat cur chun feidhme néar-athshlánaithe foilsithe ag FSS;
- Tá glactha ag An Garda Síochána le sainmhíniú oibríochtúil ar Choir Fuatha agus tá tús curtha ag an Roinn Dlí agus Cirt le reachtaíocht maidir le Fuathchaint a dhréachtú;
- Cuireadh Dréachtbheartas Cumhdaigh FSS 2019 i gcrích;
- Ghlac na céadta eagraíochtaí agus clubanna leis an gCairt Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Tugadh faoi deara go raibh an dul chun cinn mall nó nach raibh dul chun cinn ar bith á dhéanamh i réimsí áirithe in 2019. Áiríodh i measc cuid de na réimsí ar mhol NDA go mbeadh sé riachtanach tuilleadh béime a leagan orthu in 2020:

- Dul chun cinn chun an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta a chur i mbun feidhme;
- Dul chun cinn ag teastáil chun reachtaíocht maidir le Cailleadh Saoirse a fhorbairt;
- Dul chun cinn ag teastáil chun dréachtreachtaíocht a fhorbairt chun Acht Meabhair-Shláinte, 2001 a athchóiriú;
- Cé go ndearna FSS dul chun cinn in 2019 i ndáil le roinnt píosáí oibre a bhain le daoine gan a bheith ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe, tá an luas ag a bhfuil daoine ag fágáil institiúidí mall;
- Bhí an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le bunú agus rolladh amach Thionscadal Taispeána na mBuiséad Pearsantaithe mall in 2019;
- Tá dul chun cinn ag teastáil i ndáil le tacú le haistrithe do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas.

D'fháiltigh NDA roimh an t-athbhreithniú lárthearma a d'fhaomh an Chomh-Aireacht ag tús 2020, agus roimh an ngealltanais an straitéis a láidriú don chuid eile dá théarma agus aird chuíf a thabhairt ar UNCRPD. Chuir NDA in iúl go mbeidh sé tábhachtach, don chuid eile de shaolré na Straitéise, go mbeidh nasc níos soiléire idir na gníomhartha agus Airteagail ábhartha UNCRPD.

### Tuarascáil Táscairí NDIS

Anailís lárthearma ar dhul chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta Ionchuirsiithe Míchumais (NDIS) a bhí sa tuarascáil seo arna tomhas trí thairbhe a bhaint as tacar táscairí a forbraíodh chun na críche seo. Thosaigh NDA ag tiomsú sonraí ag deireadh 2019 agus ag tús 2020, agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Ghrúpa Stiúrtha NDIS i mBealtaine 2020. Tá eolas curtha ar fáil maidir le 61 táscaire a bhaineann le hocht dtéama. Tá na táscairí rangaithe sna catagóirí seo a leanas-structúrtha (13%), próiseas (67%) nó toradh (20%). Úsáideann formhór na dtáscairí foinsí sonraí atá ar fáil go poiblí cosúil le sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tá aird tarraingthe ag an anailís ar réimsí dul chun cinn i ndáil le haidhmeanna Straitéis NDIS a chur i gcrích agus réimsí nach mór iad a fheabhsú. Garsprios thábhachtach i saolré na Straitéise seo á daingniú UNCRPD agus baineann tábhacht leis an ngealltanais plean gníomhaíochta náisiúnta níos iomláine a fhorbairt i ngach roinn agus comhlacht. Beidh tionchar ag Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (2017) ar shaol phobal na mbodhar cé gur léiríodh imní sa tuarascáil maidir le heaspa feasachta san earnáil phoiblí maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an reachtaíocht seo a chomhlíonadh. Tá roinnt príomhphíosáí reachtaíochta atá ann le moladh agus baineann fíorthábhacht le forbairt na reachtaíochta seo i mblianta deireanacha na straitéise. Áirítear anseo reachtaíocht maidir le Cailleadh Saoirse, tosach feidhme iomlán an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, a cheadódh, táthar ag súil, feidhmiú iomlán na Seirbhíse Tacaíochta Míchumais, agus athchóiriú na Reachtaíochta Meabhairshláinte.

Tá aird tarraingthe arís eile ag na táscairí sa tuarascáil seo ar an mbearna idir daoine le agus gan mhíchumas i dtéarmaí leibhéil níos ísle fostaíochta, oideachais agus sláinte féintuairiscithe, agus rátaí caighdeánacha níos airde básmhaireachta, rátaí níos airde bochtaineachta agus eispéireas idirdhealaithe i measc daoine faoi mhíchumas. Cé go bhfuil feabhsuithe le tabhairt faoi deara i réimsí áirithe, laghdú sa ráta comhsheasmhach bochtaineachta le himeachta ama, mar shampla,



tugadh an laghdú seo faoi deara i ndáil le daoine le agus gan mhíchumas agus, dá réir sin, baineann an bhearna atá le tabhairt faoi deara leis an dá ghrúpa. Tugadh faoi deara go raibh go leor leanaí faoi 18 mbliana d'aois á n-atreorú chuig aonaid shíciatracha do dhaoine fásta. Bhí comhlánú tráthúil Measúnú Riachtanas do leanaí agus a rochtain ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh lag. Tá ag éirí thar cionn, áfach, leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú do leanaí réamhscoile agus is léir ó mheastóireacht atá déanta go bhfuil tionchair dhearfacha ag an tSamhail ar leanaí.

Tharraing na táscairí aird ar an moill a bhaineann le daoine a thógáil amach as láithreacha comhchónaithe, beartas atá forbartha ag FSS ó 2011. Chomh maith leis sin, tharraing siad aird ar neamhréireanna idir beartas FSS le haghaidh seirbhísí cónaithe míchumais (le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachta, fisiciúil agus céadfach) agus seirbhísí cónaithe do dhaoine le deacrachtaí meabhairshláinte nach mór tuilleadh taighde a dhéanamh ina leith. Ábhar imní freisin é ganntanas rialála i ndáil le hionaid chónaithe síciatracha pobail 24 uair an chloig.

Cé go mbaineann roinnt fadhbanna fós le hiompar a rochtain tá roinnt feabhsuithe tugtha faoi deara cosúil le tréimhsí fógra níos giorra chun seirbhísí iarnróid a úsáid, feabhsuithe i ndáil le hinrochtaineacht stáisiún agus stadanna bus agus Oifigigh Seirbhísí do Chustaiméirí a fhostú. Tá NDA ag obair ar thacar táscairí a bhfuil sé mar aidhm shonrach leo faireachán a dhéanamh ar an earnáil iompair, de réir Chuid 3 den Acht Míchumais.

Príomhdhúshlán don tuarascáil táscaire seo is ea nach bhfuil aon spriocanna sa straitéis reatha ar féidir iad a úsáid chun na táscairí a chur i gcomparáid leo chun aon athruithe incriminteacha a thomhas. Chomh maith leis sin, ní raibh mórán sonraí nó ní raibh sonraí ar bith ar fáil le haghaidh táscairí áirithe. Is anailís úsáideach ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag am ar leith é, áfach, ar féidir a úsáid chun tuilleadh dul chun cinn thar shaolré na Straitéise a thomhas nuair a chuirtear an cleachtadh i gcrích an athuir ag deireadh NDIS.

## **Measúnú ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do duine faoi Míchumas**

Ag tús 2020, d'fhoilsigh NDA measúnú neamhspleách ar dhul chun cinn a bhaineann le cur chun feidhme gníomhartha faoi CES don bhliain 2019. Cuimsítear sa mheasúnú sainaitheint roinnt de na buaicphointí agus éachtaí a bhaineann le cur chun feidhme na Straitéise, mar aon leis na réimsí sin ina raibh níos mó moille ar dhul chun cinn ná mar a rabhtas ag súil lei, agus na réimsí ina bhfuil gá le gníomhartha a chur i bhfeidhm in 2020 freisin.

Áirítear i measc na réimsí dul chun cinn:

- Foilsíú 'Na Chéad 5, An Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach' (2019-2028) agus plean cur chun feidhme atá curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a áirítear ann tacaíochtaí aistrithe do leanaí ó shuíomhanna luathbhlianta go bunscoil;
- Feabhsuithe iompair lena n-áirítear níos mó tacsaithe atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus níos mó busanna agus stáisiún bus inrochtana;
- Cur i gcrích athbhreithniú NDA ar bhreithnithe WRC agus dea- chleachtas i ndáil le cóiríocht réasúnach ag deireadh 2019 agus seoladh scéim pas na cóiríochta réasúnaí;

Aimsíodh i measúnú NDA nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta 2019 i ndáil le gníomhartha a bhain le:

- Tacaíochtaí aistrithe do leanaí faoi mhíchumas atá ag freastal ar an iar- bhunscoil lena n-áirítear easpa tacaíochta gairmtheorach do dhaltaí atá ag freastal ar oideachas speisialta agus príomhshrutha;
- Plean cur chun feidhme a fhorbairt bunaithe ar mholtaí Make Work Pay maidir le “luath-rannpháirtíocht” le daoine faoi mhíchumas trí sheirbhís Intreo;
- Gníomh 5.1, arb é an aidhm atá leis ‘tacaíochtaí a sholáthar go saoraídeach agus ar bhonn comhordaithe’ do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo post a bheith acu, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais ardtacaíochta acu.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil go raibh an bhéim á leagan i rith 2019 ar an bplean gníomhaíochta a chomhaontú. Tuigeann NDA go raibh obair mhór le cur i gcrích chun an dara plean gníomhaíochta trí bliana a chur i gcrích agus a chomhaontú, agus go mb’fhéidir gur chuir sé seo isteach ar luas cur chun feidhme gníomhartha sonracha.

D’aithin NDA go gceanglaíonn an straitéis ar ranna agus ar ghníomhaireachtaí oibriú ar bhealaí difriúla agus comhordaithe chun déileáil leis na gníomhartha a bhfuil gealltanas tugtha ina leith. Ceist shuntasach a bhí le cur san áireamh ag gach roinn agus gníomhaireacht i rith 2020 ba ea cuir chuige i ndáil le cumarsáid réamhghníomhach athruithe nó idirghabhálacha beartais de réir mar a bhí siad á gcur chun feidhme.

Cinnteadh sé seo go bhfuil daoine faoi mhíchumas agus comhaltaí foirne na hearnála poiblí airdeallach ar fhorbairtí a mbeidh tionchar díreach acu orthu.

### **Táscairí chun Faireachán a dhéanamh ar Dhul Chun Cinn faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta**

Rinne NDA anailís lárthearma ar dhul chun cinn faoi CES trí úsáid a bhaint as tacar táscairí a bhí forbartha aige chun na críche seo. Cuirtear i láthair sa tuarascáil faisnéis maidir le 31 táscaire a bhaineann le sé thosaíocht straitéiseacha. Soláthraíodh sa tuarascáil faisnéis cothrom le dáta maidir le réimsí éagsúla a bhain le leibhéal oideachais, scileanna, agus fostú daoine faoi mhíchumas, na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil dóibh chun cabhrú leo aistriú chuig fostaíocht agus na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil d’fhostóirí chun cur ar a gcumas fostaithe faoi mhíchumas a earcú agus a choimeád.

Tarraingíodh aird sna sonraí a cuireadh i láthair ar réimsí ina bhfuil bearnaí sna torthaí fostaíochta idir daoine atá le agus gan mhíchumas ag méadú, na réimsí ina bhfuil stop curtha le dul chun cinn, agus na réimsí a bhféadfaí an tairbhe atá á baint ag fostóirí as tacaíochtaí a fheabhsú. Soláthraítear sa tuarascáil seo léargas ar an dul chun cinn atá déanta leath bealaigh trí CES, a úsáidfear chun athmheasúnú a dhéanamh ar thuilleadh dul chun cinn a dhéantar thar shaolré na Straitéise ag deireadh na tréimhse.

### **Comhchoiste Oireachtais maidir le Míchumas**

Ar an 11 Samhain 2020, cúis áthais do NDA cuireadh a fháil chun freastal ar sheisiún de chuid an Chomhchoiste Oireachtais maidir le Míchumas, coiste a tionóladh i ndiaidh bhunú an 33ú Dáil. D’fháiltigh NDA roimh an deis ionchur a sholáthar d’obair an Choiste ag céim chomh luath leis seo,

agus díriodh go háirithe ar mheasúnú NDA ar dhul chun cinn faoi Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais 2019:

1. Bearnaí sa reachtaíocht, beartas nó cláir chun déileáil le haidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas;
2. Ionchur maidir le bearnaí reachtacha agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Ina ráiteas oscailte, tharraing NDA aird ar an dul chun cinn a bhí déanta go dtí seo faoi NDIS, agus ar na réimsí ina raibh moill ar an dul chun cinn i gcomparáid lena raibh súil leis, go háirithe i ndáil le leasuithe reachtacha a theastaíonn chun cuspóirí UNCRPD a chomhlíonadh. Áiríodh i measc cuid de na dúshláin agus bacainní ar chur chun feidhme a sainaitníodh:

- Easpa maoinithe speisialta chun aistriú chuig samhlacha nua de sholáthar seirbhíse;
- Dúshláin a bhaineann le tacú le hobair struchtúrtha tras-rannach, de bhrí nach féidir déileáil le roinnt bacainní ach trí thairbhe a bhaint as cur chuige ‘córas uile’;
- Dúshláin a bhaineann le sonraí comhchuibhithe maidir le míchumas a bhailiú agus a rochtain.

Chomh maith leis sin, tharraing NDA aird ar an tábhacht a bhaineann le breithniú a dhéanamh ar chur chuige Uile-Rialtais i ndáil le cur chun feidhme UNCRPD, lena n-áirítear an cineál straitéise a d’fhéadfaí a fhorbairt i ndiaidh NDIS, mar aon le béim a leagan ar thionchar COVID-19 ar dhaoine faoi míchumas.

Tá NDA ag súil le bheith ag obair leis an gCoiste seo i rith 2021, agus tá sé sásta comhairle agus faisnéis a sholáthar bunaithe ar a shainchúram reachtúil de réir mar is gá.

### Comhairle maidir le cur chun feidhme caighdeán i seirbhísí do dhaoine faoi míchumas agus forbairt treorach chun dea-chleachtas a roinnt

#### Rannpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) maidir le cur chun feidhme IS EN 17161

Chomhoibrigh Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) NDA le OPW i ndáil le taispeáint thrialach chur chun feidhme IS EN 17161 maidir le hinrochtaineacht i ndáil le feistiú a n-oifigí nua ag 1GQ, Baile Átha Cliath 2. Is próiseas Eorpach é I.S. EN 17161:2019 ‘Dearadh do Chách- Inrochtaineacht i gcur chuige Dearadh do Chách i ndáil le táirgí, earraí agus seirbhísí- An raon úsáideoirí a leathnú’ Caighdeán maidir le húsáid a bhaint as cur chuige Dearadh Uilíoch (Dearadh do Chách) ag gach leibhéal in eagraíocht chun inrochtaineacht agus inúsáidteacht na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad a fheabhsú go leanúnach agus a bhainistiú. Is féidir le heagraíochtaí tairbhe a bhaint as “An raon úsáideoirí a leathnú” trí tháirgí agus seirbhísí príomhshrutha a sholáthar atá éasca “le rochtain, le tuiscint agus le húsáid”. Cuirfear athruithe ar shocruithe oifige san áireamh sa tionscadal freisin chun déileáil leis na rioscaí a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí mar thoradh ar an bpaindéim.

#### Cruinniú le Fáilte Ireland maidir le Dearadh Uilíoch do Thurasóireacht Inrochtana

Bhí cruinniú ag CEUD le Fáilte Ireland maidir le forbairt agus rolladh amach Sraith Straitéisí do Thurasóireacht Inrochtana. D’fhiafraigh siad tairbhe a bhaint as ár saineolas agus treoir nuair a

bhí freagairtí tacaíochta oiliúna & gnó á bhforbairt acu do thionscal turasóireachta na hÉireann. Chomh maith leis sin, pléadh a 'gcláir feasachta oideachais' a fheidhmíonn trína gClár Forbartha Údarais Áitiúil de réir mar a bhaineann le Turasóireacht. Sholáthair CEUD comhairle maidir leis na treoirdhoiciméid atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CEUD chun tacú le clár Fáilte Ireland acmhainní faisnéise níos ionchuimsithí a fhorbairt cosúil le hábhair oiliúna ar líne don earnáil turasóireachta

### **Comhaltacht i nGrúpa Comhairleach HIQA chun eolas a sholáthar d'fhorbairt na gCaighdeán Náisiúnta Uileghabhálach le haghaidh Cúram agus Tacaíocht do Leanaí a bhfuil Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta in úsáid acu**

Is comhalta é NDA de Ghrúpa Comhairleach nua HIQA a bhfuil sé mar aidhm aige eolas a sholáthar d'fhorbairt na gCaighdeán Náisiúnta Uileghabhálach le haghaidh Cúram agus Tacaíocht do Leanaí a bhfuil Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta in úsáid acu; bhuaile an Grúpa le chéile den chéad uair i Ráithe 3, 2020.

Is é an aidhm atá leis na caighdeáin tacú le soiléire, comhsheasmhacht agus leanúnachas laistigh de agus idir seirbhísí, lena chinntiú is cuma cén cineál seirbhíse atá in úsáid ag leanbh, go bhfuil freagairt chomhsheasmhach ar a gcuid riachtanas ar fáil, agus má theastaíonn tacaíocht uathu ó níos mó ná seirbhís amháin go n-oibríonn na seirbhísí ar bhealach comhtháite.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn forbairt caighdeán náisiúnta uileghabhálach deis chun creat a chruthú le haghaidh forbairt caighdeán nó teorach níos sonraí a dhéanann cur síos níos mionsonraithe ar conas is féidir le seirbhísí aire a thabhairt do agus tacú le leanaí i gcomhthéacs áirithe, más gá.

Leis féin, tá HIQA i mbun an phróisis a bhaineann le tacar prionsabal a fhorbairt a thacóidh le gach Caighdeán Náisiúnta amach anseo do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, a thiocfaidh in ionad an chreata ocht dtéama atá in úsáid ó 2012. Beidh na caighdeáin uileghabhálacha nua struchtúrtha bunaithe ar an tacar prionsabal seo.

Tá an obair seo fós ar siúl, agus tá sé beartaithe go mbeidh na caighdeáin á gcur faoi bhráid an Aire Sláinte agus an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige lena bhfaomhadh in Eanáir 2022.

### **Comhaltacht i nGrúpa Comhairleach HIQA chun eolas a sholáthar d'fhorbairt na nDréachtchaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Sóisialta Leanaí**

Chomh maith leis sin, is comhalta é NDA de Ghrúpa Comhairleach a bhunaigh HIQA chun cabhrú le forbairt na nDréachtchaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Sóisialta Leanaí. Tá na caighdeáin seo á bhforbairt chun gach seirbhís tacaíochta agus cosanta a chlúdach idir ateorú an linbh nó an chliaint agus scaoileadh amach an linbh nó an chliaint ó na seirbhísí.

Reáchtáladh cruinniú i mí na Samhna 2020, agus ina dhiaidh sin reáchtáladh comhairliúchán poiblí 6 seachtaine ó Eanáir 2021, agus tá an chéad chruinniú eile den Ghrúpa Comhairleach le reáchtáil i Ráithe 2 2021. Cúis áthais do NDA a bheith in ann ionchur a sholáthar don ghrúpa, de réir mar is cuí.

**Treoir a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme beartais agus reachtaíochta atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas**

## **Páipéar Comhairle Neamhspleách maidir le hÚsáid Idirghabhálaithe i gCóras Dlí na hÉireann**

I ndiaidh cruinniú comhchéime a réachtáil in Aibreán 2019, tráth a ndearna oifigigh ó Roinn Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann cur síos ar a gcur chuige i ndáil le Scéim Idirghabhálaithe Cláraithe a bhunú, comhaontaíodh go ndruchtódh NDA páipéar comhairle neamhspleách maidir le húsáid idirghabhálaithe i gcóras dlí na hÉireann, a bheadh le breithniú ag an Aire Dlí agus Cirt.

Aithnítear i dTreoir Íospartaigh na Coireachta an AE ceart íospartaigh an coireachta tuiscint a bheith acu ar agus a bheith á dtuiscint i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla, agus cuimsítear foráil in Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Coireachta) 2017, foráil le haghaidh bearta speisialta, lena n-áirítear idirghabhálaithe, aitheantas a chinntiú don cheart seo d'íospartaigh coireachta in Éirinn. Níl aon dul chun cinn déanta go dtí seo, áfach, i ndáil le cur chun feidhme na forála seo, ná an fhoráil bhunaidh le haghaidh bearta speisialta atá le fáil in Acht um Fhianaise Choiriúil 1992 (Alt 14).

Sa pháipéar seo, mhol NDA go mbunófaí painéal idirghabhálaithe- gairmithe le scileanna cumarsáide- chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu ag gach céim den chóras dlí choiriúil. D'áireofaí anseo gach duine aonair, is cuma más íospartaigh, finnétithe nó cúisithe atá i gceist.

D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí cumarsáide ag duine mar thoradh ar mhíchumas, aois nó fachtóirí eile, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le bacainní ar cheart a rochtain.

Mhol NDA go nglacfaí le cur chuige rialaithe i ndáil le cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine ag a bhfuil deacrachtaí cumarsáide nuair a bhíonn fianaise á soláthar, cur chuige atá ag teacht le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann agus samplaí dea-chleachtais i ndlínsí sin. Cuimsítear anseo oibleagáidí faoi Airteagal 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine atá faoi Mhíchumas chun rochtain éifeachtach ar cheartas a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear trí chóiríochtaí nóis imeachta agus aoisoiriúnacha a sholáthar.

Mhol NDA go mbeadh an chóiríocht seo á soláthar i bhfoirm Scéim Idirghabhálaithe Cláraithe. Ba cheart go mbeadh an Scéim ar fáil d'fhinnétithe, íospartaigh agus cúisithe a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu, mar gheall ar a gcuid deacrachtaí cumarsáide, chun fianaise níos fearr a sholáthar, ag gach céim den chóras dlí choiriúil, lena n-áirítear i stáisiúin de chuid an Gharda Síochána agus i suíomhanna cúirte.

Bheadh bunú scéim phíolótach ar dtús ag teacht le dea-chleachtas i ndlínsí eile a bhfuil scéimeanna mórán mar an gcéanna bunaithe acu.

Tarraingítear aird sa pháipéar comhairle seo ar mhionleasuithe reachtacha atá riachtanach chun deis a thabhairt do scéim náisiúnta feidhmiú go héifeachtach agus de réir oibleagáidí cuí teanga agus na hÉireann.

## **Páipéar Comhairle maidir le Cur Chuige Téamach i ndáil le cruinnithe NDISSG**

In 2018, bhí cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta Ionchuisithe Míchumais eagraithe de réir téamaí a raibh sé mar aidhm leo faisnéis a roinnt maidir le forbairtí ábhartha laistigh de

Ranna agus gníomhaireachtaí, chun tacú le breithniú ar dhul chun cinn a bhain le gníomhartha tiomanta i réimsí sonracha a chomhlíonadh. Leanadh leis an gcur chuige téamach seo in 2019, ainneoin gur dhírigh roinnt cruinnithe NDISSG ina dhiaidh sin ar cheistanna tráthúla a bhain le hathbhreithniú lárthearma NDIS agus cur chun feidhme UNCRPD, seachas ar théamaí a bhain le dul chun cinn i réimsí sonracha. Leag NDA béim ar an gcomhairle seo ag cruinnithe 2020, ach bhí tionchar COVID-19 agus athrú ar fhreagrachtaí roinne i ndiaidh Olltoghchán 2020 mar bhonn le clár chruinnithe NDISSG a athrú.

Tugadh tús áite do dhréachtaí chéad Tuarascáil Stáit na hÉireann faoi UNCRPD, bunú agus forbairt an Líonra Rannpháirtíochta Míchumais agus Comhairliúcháin agus tionchar COVID-19 ar shaol daoine faoi mhíchumas i rith chruinnithe NDISSG in 2020. Ag an am céanna, chuir an tAire Rabbitte tús lena ról mar Chathaoirleach NDISSG.

Tá sé tábhachtach go mbeadh cothromaíocht á baint amach idir faireachán a dhéanamh ar an Straitéis ina hiomláine agus béim a bheith á leagan ar ghníomhartha faoi phríomhthéamaí, chun an clár oibre le haghaidh gach ceann de cheithre chruinniú NDISSG a threorú. Mhol NDA don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (roinn chomhordaithe NDIS) go mbeadh tairbhe le baint as tús áite a thabhairt do chur chuige téamach i rith na gcruinnithe in 2021.

### **Moltaí an athbhreithnithe oibríochtúil ar éifeachtacht Alt 25 den Acht Míchumais a chur chun feidhme**

Ag tús 2020, bhuail NDA le Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), an tAiltire Stáit in OPW agus an Príomh-Ailtire Cúnta in OPW. Phléigh an grúpa na chéad chéimeanna eile a bheadh le cur i gcrích ag OPW agus NDA chun na moltaí atá sonraithe san Athbhreithniú Oibríochtúil ar Éifeachtacht Alt 25 den Acht Míchumais a chur chun feidhme, a chuir NDA agus OPW i gcrích i gcomhpháirt in 2019. Áiríodh i measc na bpríomhphointí a pléadh an gá atá le feacht a mhúscailt, oiliúint chreidiúnaithe d'iniúcháirí rochtana, Cód Cleachtais maidir le Foirgnimh Phoiblí Inrochtana a fhorbairt, Dearadh Uilíoch a leabú i gcórais bainistíochta cáilíochta OPW agus na moltaí a leabú sa chéad Bheartas Ailtireachta Rialtais eile. I ndiaidh an chruinnithe, scríobh NDA chuig gach ard-rúnaí chun an spriocdháta- an 1 Eanáir 2022- a mheabhru dóibh, an dáta ba cheart go mbeadh gach foirgneamh poiblí inrochtana. Gheall OPW buiséad rochtana uilíoch OPW a mhéadú chuig €1 milliún le haghaidh 2020.

### **Aighneacht chuig Clár Eatramhach Idirghabhála Soghluaisteachta do Chathair Bhaile Átha Cliath**

Chuir NDA aighneacht faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le forbairt agus cur chun feidhme an Chláir Eatramhaigh Idirghabhála Soghluaisteachta do Chathair Bhaile Átha Cliath. Forbraíodh an Clár seo chun dul i ngleic le riachtanais phráinneacha atá tagtha chun cinn mar thoradh ar Éigeandáil Sláinte Poiblí COVID-19 in Éirinn. Áirítear anseo, mar shampla, spás a sholáthar le haghaidh gluaiseacht shábháilte daoine agus gníomhaíochtaí gnó, agus freastal ar phatrúin iompair atá athraithe. Tá sé mar aidhm leis spás breise a chur ar fáil do ghluaiseacht agus limistéir choisithe feabhsaithe, áiseanna rothaíochta níos sábháilte a sholáthar agus spás breise ag stadanna bus chun scaradh sóisialta a éascú. Bheadh breis spásanna páirceála le cur ar fáil ag imeall chroí-limistéar na cathrach agus bheadh sé riachtanach roinnt bealaí bus a athrú.

Tharraing NDA aird ar an ngá a bhí le comhairliúchán le raon éagsúil úsáideoirí roimh na bearta

a chur chun feidhme, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus cur chuige Dearadh Uilíoch a úsáid i ndáil leis an gclár, agus ag an am céanna tugadh aird ar an bpráinn a bhain leis an obair.

Chomh maith leis sin, thagraíomar do na teoiridhoiciméid éagsúla atá curtha i dtoll a chéile ag NDA chun inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch a chinntiú, lena n-áirítear i ndáil leis na háiseanna atá á gcur ar fáil cosúil le leithris phoiblí agus suíocháin.

Tharraingíomar aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go n-áireofaí sa chlár seo agus i nuashonruithe ina dhiaidh gníomhartha a bheadh á gcur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag NTA lena chinntiú go mbeadh cumarsáid dhigiteach, scríofa, labhartha agus comharthaíochta a bhaineann le gach gné den chlár seo deartha go huilíoch de réir na comhairle agus na treorach a bhí tugtha ag NDA roimhe seo.

Beidh Sraith Straitéisí Cumarsáide Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí- Cur Chuige Dearadh Uilíoch, úsáideach sa chomhthéacs seo.

De bhrí go mbainfidh tábhacht le faireachán agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach céim den chlár seo, beidh sé riachtanach é seo a dhéanamh i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus úsáideoirí eile. Cinnteoidh sé seo ailíniú leis na forálacha maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas mar atá sonraithe i UNCRPD. Thug NDA le fios go bhfuil sé toilteanach bualadh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le NTA chun tuilleadh treorach a thabhairt i ndáil leis na ceistanna seo.

**Leanúint linn ag cur meon dearfach an phobail chun cinn maidir le míchumas i ngach gné den saol, lena n-áirítear i gcomhthéacs fostaíochta**

### **Oiliúint Feasachta ar Míchumas d’Fhostóirí**

Thug an tÚdarás Míchumais Náisiúnta maoiniú deontais in 2019 do cheithre eagraíocht chomhpháirtithe chun clár oiliúna inrochtana ar líne a chruthú ar idirghníomhaíocht an fhostóra chun tacú le gach fhostóirí a bheith “muiníneach ó thaobh míchumais”. Chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine le Míchumas an UN a chomóradh, ar an 3ú Nollag 2020, sheol an ceithre eagraíocht-Rehab Group, WALK, AsIAm agus Not So Different- an clár oiliúna chun tacú le fhostóirí earcaíocht ionchuimsitheach a fhorbairt, mar aon le cleachtais coinneála agus chur chun cinn do dhaoine le míchumas. Comhlíonann an clár gníomh faoi réir dara Phlean Gnímh le Straitéis Fostaíochta Cuimsithí do Dhaoine le Míchumas 2015-2024. Is aidhm leis cur chuige bunaithe ar chearta a ghlacadh don fhostaíocht i gcomhréir le oibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine le Míchumas. Is féidir an clár oiliúna a sheachadadh go pearsanta nó ar líne.

### **Comórtas Ealaíne Bunscoile Someone Like Me**

Is comórtas ealaíne bunscoile bliantúil é “Someone Like Me” maoinithe ag an NDA mar bhealach chun feasacht agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt ar mhíchumais. Sa chomórtas bíonn páistí, múinteoirí agus daoine eile ag idirghníomhú i bhfeasacht agus tuiscint ar mhíchumais. Tá an comórtas ar oscailt do gach dalta bunscoile ó naíonáin shóisearacha go dtí an séú rang, agus is féidir iontrálacha a fháil ó dhaltáí aonair nó rang/grúpa scoile. Is féidir le iontrálacha a bheith i ngach cruth agus méid ó phóstaer nó colláis go dtí papier-mâché nó dealbhóireacht meáin mheasctha.

I ngeall ar theorainneacha i bhfeidhm mar thoradh leis an bpaindéim COVID-19 agus i gcomhréir le treoraíocht sláinte an phobail, seoladh an comórtas mí níos déanaí ná de ghnáth, i nDeireadh Fómhair, ag Anne Rabbitte, TD, An tAire Stáit le freagracht as Míchumas. Roimh an ndáta dúnta, fuarthas timpeall 1,300 iontráil. Eagraíodh searmanas duais fíorúil i mí Eanáir 2021.

### **Seiminéir chun Feasacht a Thógáil**

Leanann an NDA ag soláthair comhairle agus faisnéise ginearálta do ranna agus comhlachtaí poiblí mar chuid dá obair chun feasacht a mhéadú maidir le míchumas. Le linn 2020, sheachadadh an Stiúrthóir seiminéir chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Roinn an Taoisigh chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine le Míchumas UN a cheiliúradh ar an 3 Nollaig. Dhírigh na seiminéir ar acmhainn a thógáil i measc oifigigh na roinne chun a bheith feasach ar mhíchumas, lena n-áirítear a ról mar fhostóirí agus bainisteoirí líne, chomh maith le smaoineamh ar a gcuid réime chun seirbhísí poiblí inrochtana a sheachadadh.

### **Leabhar NDA**

Chun an fichiú chomóradh a dhéanamh ar bhunaíocht an Údarais Míchumais Náisiúnta in 2000, seoladh foilseachán le ceiliúradh ar an ócáid ar an 3 Nollaig 2020, in ómós ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine le Míchumas UN. 'An tÚdarás Míchumais Náisiúnta 2000-2020: Clúdaíonn Fiche Bliana Forbartha Polasaithe Míchumais in Éirinn saothar agus éachtaí an Údarais Míchumais Náisiúnta óna bhunaíocht agus clúdaíonn sé príomh-éachtaí i bpolasaí míchumais thar fiche bliain óna bhunaíocht.

Tá an leabhar ar fáil le íoslódáil ó [www.nda.ie](http://www.nda.ie).

### **Gléasaistriú na Treorach Inrochtaineachta Gréasáin agus ainmniú an NDA mar chomhlacht monatóireachta náisiúnta**

Rinneadh an Treoir Inrochtaineachta Gréasáin (WAD) a shíniú isteach sa reacht ar an 23 Mheán Fómhair 2020 trí ionstraim reachtúil S.I. Uimh. 358 ó 2020. Ainmníonn Clásal 8 an S.I. An NDA mar chomhlacht monatóireachta. De réir na Treorach, iarrtar ar shuíomhanna gréasáin cruthaithe i ndiaidh 23 Mheán Fómhair 2018 a bheith inrochtana roimh an 23 Mheán Fómhair 2019. Bhí tréimhse ceadaithe go dtí 23 Mheán Fómhair 2020 do shuíomhanna gréasáin reatha chun comhréireacht a bhaint amach. Beidh gach feidhmchláir soghluaiste inrochtana roimh an 23 Meitheamh 2021. Lean an NDA ag fáil méadaithe i líon na n-iarratas a bhain le inrochtaineacht ghréasáin ar feadh 2020 ó réimse leathan comhlachtaí poiblí, agus comhairlíonn sé go dtí seo, go bhfuil feasacht íseal ar fhorálacha na Treorach thar an earnála poiblí, agus go leor oibre le déanamh chun comhréireacht a bhaint amach. Bunófar feidhm mhonatóireachta agus thuairiscithe iomlán laistigh an NDA le linn 2021.

**A thuilleadh forbartha a thabhairt ar bhailiúchán sonraí, agus anailís orthu, chun réimse sonraí níos leithne agus staidrimh a thógáil chun faisnéis a thabhairt do phleanáil agus forbairt a bhaineann le míchumas, agus dul chun cinn a thomhais i bpríomh-réimsí**

### **Staidrimh míchumais a fheabhsú**

Bhí idirghníomhaíocht mhéadaithe in 2020 idir an NDA agus an Príomh- Oifig Staidrimh (CSO) agus áirítear leis comhairliú ar thacair sonraí ar fáil in Éirinn mar chuid d'iniúchadh náisiúnta ar an CSO ar shonraí comhionannais le fothú isteach ina Mol Sonraí Comhionannais. Ina dhiaidh sin, bhí



idirghníomhaíocht ar thionscadal pathfinder CSO ar aidhm leis foinsí sonraí CSO agus riaracháin a nascadh, ar acmhainn leis tacair sonraí nua a chur ar fáil don anailís a d'fhéadfadh siad ceisteanna a fhreagairt bainteach le míchumas. Le linn 2019 agus i dtreo tús 2020 thug an NDA comhairle don CSO maidir le ceisteanna bainteach le míchumas agus torthaí don daonáireamh náisiúnta 2021 (anois 2022). Tabharfaidh an NDA leanúnachas leis an bplé seo go dtí 2021. Bhí plé ann cheana maidir le tacair sonraí eile a dhéanamh níos inrochtana i dtéarmaí staidrimh míchumais.

Leanann an NDA ag obair chun spreagadh do chomhlachtaí feabhas a chur le bailiúchán sonraí maidir le míchumas. Mar shampla, ghlac an NDA páirt i gcomhairliú geallshealbhóirí RCSI chun faisnéis a thabhairt do dhearadh Suirbhé ar Shláinte Ghnéis agus Toirchis Ghéarchéime i measc Ghnáth- Dhaonra na hÉireann. Spreag an NDA don fhoireann taighde stádas míchumais a ghlacadh chun gur féidir torthaí a dí-chombhailiú dá réir chun eispéiris sonracha agus riachtanais na ndaoine le míchumas a aithint.

D'idirghníomhaigh an NDA freisin le HIQA le cinntiú gur cuireadh ceist mhíchumais ina gcuid suirbhé 2020 ar eispéiris na n-othar i seirbhísí máithreachais, agus chuir sé tús freisin le anailís ar thorthaí an tsuirbhé sin ag deireadh 2020 le tuarascáil dlite in 2021.

### Tionscadal Comhpháirtíochta ESRI

Chuir an NDA agus Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRI) clár taighde comhpháirtíochta ar fáil ar ábhair a bhaineann le míchumas. Is

aidhm leis an gclár feasacht a chothú is a fheabhsú ar réimsí sonracha a bhaineann le saol daoine le míchumas, le béim ar thacaíochtaí don mhaireachtáil neamhspleách sa phobal agus san fhostaíocht, an dá cheann ábhartha chun gur féidir le hÉirinn cloí le Coinbhinsiún ar Chearta Daoine le Míchumas na Náisiúin Aontaithe (UNCRPD).

## Cá gcónaíonn daoine faoi míchumas?



**Cónaíonn 92.9% de dhaoine faoi míchumas i dteaghlaigh príobháideacha**



**Cónaíonn 7.1% de dhaoine faoi míchumas i mbunaíochtaí pobail**



**Tá 0.3% de dhaoine faoi míchumas gan dídean**

Source: CSO Census data

## Daoine faoi Mhíchumas a Chónaíonn i mBunaíochtaí Pobail



**92.9% i dTeaghlaigh Phríobháideacha in 2016**

**37.3% i gcás an Daonra Ghinearálta**



**7.1% i mBunaíochtaí Pobail in 2016**

**2.63% i gcás an Daonra Ghinearálta**



**0.3% i gan Dídean in 2016**

**0.14% i gcás an Daonra Ghinearálta**

Source: CSO Census data

## Daoine faoi Mhíchumas a Chónaíonn i mBunaíochtaí



**Cónaíonn 44,431 duine faoi mhíchumas i mbunaíochtaí pobail**



**Tá 35% den lucht cónaithe i mbunaíochtaí pobail faoi mhíchumas**



**Tá 87% den lucht cónaithe i dtithe altranais faoi mhíchumas**

Source: CSO Census data

## Daoine faoi Mhíchumas a Chónaíonn i gCóiríocht Phríobháideach



**Cónaíonn 92.9% de dhaoine faoi mhíchumas i dteaghlaigh príobháideacha**



**Cónaíonn 68.8% de dhaoine faoi mhíchumas i réadmhaoin úinéir-áitithe**



**Tá réadmhaoin ar cíós ag 13.4% de dhaoine faoi mhíchumas ó Údarás Áitiúil**

## Easpa Dídine agus Míchumas



**Tá 1,871 duine faoi mhíchumas gan dídean**



**Tá 27.1% de dhaoine gan dídean faoi fhoirm éigin de mhíchumas**



**Tá riocht síceolaíoch nó mothúchánach ar 11.9% de dhaoine gan dídean**

Source: CSO Census data

Foilsíodh an chéad tuarascáil a bhfuil piarmheasúnú déanta air leis an gcomhpháirtíocht i mí Mheán Fómhair 2020. Dar teideal “Tacaíocht shaineolaithe do dhaoine le míchumas ina gcónaí sa phobal: Athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta”, léirigh an tuarascáil sin measúnú taiscéalaíoch ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le foráil tacaíochta saineolach do dhaoine le míchumas ina gcónaí sa phobal, i gcomhthéacs Airteagail 19 Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine le Míchumais an UN. Cuireadh tús lena thuilleadh oibre ar an gcuid seo den staidéar i dtreo deiridh 2020 le go leor agallaimh déanta le bainisteoirí míchumais maidir le foráil tacaíochtaí cúntóra phearsanta.

Áirítear mar eilimint eile den chomhpháirtíocht staidéar a bhreathnaíonn ar thorthaí acadúla agus socheacnamaíoch na mac léinn le Riachtanas Oideachais Speisialta ag úsáid sonraí ó staidéar náisiúnta fadaimseartha Growing Up In Ireland (GUI) do pháistí. Is athleanúint é seo ar staidéar déanta roimhe, coimisiúnaithe ag NDA ar an gceist ag úsáid sonraí GUI níos luaithe. Tugadh cur i láthair ar an obair seo ag an gcomhdháil GUI is déanaí i mí Dheireadh Fómhair agus seoladh an páipéar go dtí iris acadúil ard-seasaimh i gcomhair athbhreithnithe.

Tá dul chun cinn ar an obair ar shraith fostaíochta an tionscadail freisin, ina n-áirítear leis an obair staidéar deisce a úsáideann go leor tacair sonraí chun dearlaic scileanna agus bearnaí a tréithiú i measc daoine le míchumais in Éirinn.

### **Míchumas agus Bileog Eolais Tithíochta**

I mí na Nollag 2020 d’fhoilsigh an NDA an cheann is déanaí i sraith bhileoga eolais a léiríonn sonaí agus staidrimh maidir le ceisteanna pholasaithe míchumais tábhachtacha. Thug an bhileog eolais is déanaí measúnú ar cá chónaíonn daoine le míchumas. Aithníodh rochtain ar thithíocht chuif slán mar phríomh-fhachtóir i gcuidiú le daoine le míchumas saol neamhspleách sona a bheith acu sa phobal. Léiríonn an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine le Míchumais (CRPD) ceart do dhaoine le míchumas a n-áit chónaithe a roghnú agus cé lena gcónaíonn siad ar bhealach cothrom le daoine eile. Áirítear le cuid de phríomh-thorthaí leagtha amach sa bhileog eolais an scéal go bhfuil cuid i bhfad níos mó den daonra le míchumas fós ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe i gcomparáid leis an ndaonra ginearálta, ach gur laghdaigh an líon sin le blianta beaga anuas, go páirteach toisc go bhfuil níos mó daoine le míchumas ag aistriú i dtreo cónaí i dtithíocht bunaithe ar phobal. Tá an bhileog eolais seo ar an gcéad cheann i sraith páipéir taighde NDA maidir le ceist tithíochta. Déanfaidh taighde sa toadhchá breathnóireacht ar shochair don sochaí a bhaineann le glacadh le príonsabail Dearaidh Uilíoch (UD) agus forbairt Anailíse Costais is Tairbhe (CBA) chun measúnú a thabhairt ar phríonsabail UD a ghlacadh san earnáil tithíochta poiblí.

### **Cruinnithe ar líne inrochtana - treoraíocht fhorlíontach do Thacar Uirlisí Chumarsáidí an Chustaiméara**

D’fhoilsigh an tIonad Sármhaithis i nDearadh Uilíoch a thuilleadh treoraíochta maidir le inrochtaineacht ar chruinnithe ar líne le linn 2020. Clúdaíonn an treoraíocht gach eilimint a bhaineann le cruinnithe a eagrú agus a reachtáil, lena n-áirítear staid pleanála, cruinniú a rith agus athleanúint ar chruinniú. Tá sé bunaithe ar threoraíocht atá i dTacar Cumarsáidí le Custaiméirí cheana féin, ach bhí sé ábhartha go háirithe agus léirigh sé buntáiste i ngeall ar athrú tobann go dtí obair chianda ar feadh na hearnála poiblí in 2020 mar thoradh leis an bpaindéim COVID-19.

Chiorclaigh NDA an treoraíocht seo go dtí gníomhaireachtaí eile agus Ranna an Rialtais chun treoir a thabhairt dá gcur chuige, agus is féidir breathnú air ag:

<http://universaldesign.ie/Products-Services/Customer-Communications-Toolkit-for-the-Public-Service-A-Universal-Design-Approach/>

# Tosaíocht Straitéiseach 2



## Tosaíocht Straitéiseach 2:

“Tuiscint a fháil agus comhairle a thabhairt ar athruithe sóisialta, dúshláin agus deiseanna a imríonn tionchar ar shaol daoine le míchumais”.

**Tuiscint a fháil ar gach dearcadh ó phríomh- gheallshealbhóirí maidir leis na réimsí dúshláin sin, lena n-áirítear: daoine le míchumais, teaghlaigh agus cúramóirí, eagraíochtaí ionadaíocha agus oifigigh an rialtais ag obair ar pholasaí agus cleachta**

### Pleanáil Éigeandála

Le iarratas ó Oifig Phleanála Éigeandála, rinne an NDA dréacht ar ábhar a dhíríonn ar chomhairle do dhaoine le míchumais, i gcomhair leabhráin Réidh don Samhradh, ag lua gur fhéadfadh daoine le míchumais a bheith faoi riosca gnéithe ar leith an tsamhraidh ná eile. Is athleanúint é an leabhrán seo óna leabhrán Réidh don Gheimhreadh a bhí ar fáil ar feadh go leor blianta. Chuir an NDA ábhar ar fáil roimhe sin i gcomhair leabhráin Réidh don Gheimhreadh.

**Tuiscint a fháil ar gach dearcadh ó phríomh- gheallshealbhóirí maidir leis na réimsí dúshláin sin, lena n-áirítear: daoine le míchumais, teaghlaigh agus cúramóirí, eagraíochtaí ionadaíocha agus oifigigh an rialtais ag obair ar pholasaí agus cleachta**

### Comhdháil Bhliantúil 2020

Tharla Comhdháil Bliantúil 2020 an NDA ar an 21 Dheireadh Fómhair, agus lean sé leis an treocht a thosaigh in 2019 chun UNCRPD a léiriú mar phríomh-théama. In 2020, dhírigh an NDA ar Airteagal 13 an Choinbhinsiúin.

Is aidhm le Airteagal 13 rochtain éifeachtach a chinntiú ar cheartas do dhaoine le míchumais ar bhonn cothrom le daoine eile. Is sampla an- shoiléir é sin ar airteagal le aidhm sonraithe; rochtain a éascú ar cheartas do dhaoine le míchumais. D’ainneoin sin, ní bhainfear an aidhm sin amach ach má oibríonn go leor ranna agus gníomhaireachtaí le chéile, go héifeachtach comhtháiteach. Go háirithe, iarrann réadú Airteagail 13 ar an Roinn Ceartais agus Comhionannais, An Garda Síochána, na Cúirteanna Sheirbhíse, an tSeirbhís Phríosúin agus an tSeirbhís Phromhaidh chun tuiscint choiteann a fháil ar riachtanais Airteagail 13. Ní mór dóibh freisin comhoibriú freisin le cinntiú go dtugtar cosaintí an UNCRPD do dhaoine aonair le míchumais ag gach staid chórais ceartais coiriúla na hÉireann.

Beidh comhoibríocht ranna difriúla an rialtais ag teastáil freisin óna réadú freisin, mar shampla an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Sláinte.


In 2020, roghnaigh an NDA a Chomhdháil Bliantúil a óstáil in ardán fíorúil i ngeall ar bhearta sláinte poiblí i bhfeidhm i gcomhthéacs COVID-19.

D’oibrigh sé le soláthraí comhdhála seachtrach chun an t-ardán seo a thógáil, chomh maith le próisis clárúcháin ar líne agus aiseolais. D’oibrigh an fhoireann chun an t-ardán agus próisis eile a

# Attendee Map

**268 Attendees from 16 counties**

Based on registration information we can see that there were 268 attendee's from 16 different counties in the Republic of Ireland



dhéanamh chomh inrochtana agus is féidir, agus d'úsáid sé fotheidil agus aistriúchán ISL ar feadh an lae.

Sa Chomhdháil bhí beagnach 40 ag cuidiú, idir chainteoirí spreagaithe, modhnóirí agus cur i láthair réamh-thaifeadta. Chláraigh dhá chéad is seachtó duine, ardú 80% ar an mbliain roimhe, agus bhí 90-120 go leanúnach ar líne an t-am go léir.

Chomh maith leis, bhí an Comhdháil mar an chéad deis don NDA meáin sóisialta a úsáid. Rinne an eagraíocht tvúit bheo ar an gComhdháil ar feadh an lae, agus bhí go leor idirghníomhaíocht ann. Lean an idirghníomhaíocht cúpla lá tar éis na Comhdhála, agus daoine sásta le meán agus inneachar na hócáide. Is féidir breathnú ar an gComhdháil iomlán ar Chainéal YouTube NDA agus is féidir rochtain a fháil ar gach cur i láthair agus cáipéisíocht ábhartha ar shuíomh gréasáin NDA.

Is iad na naisc:

Nasc chainéal YouTube: <https://www.youtube.com/user/NatDisabilityAuth/videos>

Cur i láthair agus cáipéisí:

<http://nda.ie/Policy-and-research/Conference-reports/NDA-Annual-Conferences/NDA-Conference-2020-Presentations.html>

**Faisnéis a bhailiú is a anailísiú, sonraí agus staidrimh ábhartha do na réimsí sin chun bunús fianaise a sholáthar do chomhairle polasaithe agus ionchur sa todhchaí**

## **Páipéar Buncheisteanna an Choimisiúin Athchóirithe Dlí ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta**

Le linn 2020, rinne an NDA aighneacht maidir le Páipéar Buncheisteanna an Choimisiúin Athchóirithe Dlí ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta. Luann an Páipéar Buncheisteanna go bhfuil comhaontú forleathan maidir leis an gá chun creat reachtúil a dhéanamh um chosaint

daoine fásta, a rachfadh i ngleic le rioscaí mí-úsáide fisicigh, síceolaíoch agus airgeadais. Is cur chuige an Choimisiúin sa Pháipéar Buncheisteanna, dá bhrí sin, measúnú a thabhairt ar an gcruth ar féidir teacht ar an gcreart rialála sin, ag tógáil ar shocrúcháin reatha agus polasaí comhuaineach agus forbairtí reachtaíochta. Fuair an Páipéar Buncheisteanna a lán treoraíochta ó Bhille Cosanta Daoine Fásta 2017, a mhol creat rialála ar leith i gcomhair cosanta daoine fásta a bheadh bunaithe ar chearta agus a mholfadh bearta

coisctheacha agus cosanta freisin do dhaoine fásta a d'fhéadfadh siad a bheith faoi riosca dúshaothraithe nó mí-úsáide. Chomhaontaigh Comhchoiste an Oireachtais ar Shláinte agus an tAire Sláinte gur theastaigh a thuilleadh taighde ó cheisteanna sa Bhille 2017, agus d'aontaigh an Coimisiún go raibh an tionscadal oiriúnach i gcomhair ionchuimsithe sa Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí, faofa ag an Rialtas i Márta 2019.

Sheol an NDA páipéar cuimsitheach mar chuid den phróiseas seo, lena n-áirítear an comhairle maidir le:

- Reachtaíocht agus polasaithe ar feitheamh a chur san áireamh mar is cuí, amhail Acht Cinnteoireachta Cuidithe (Acmhainne) 2015, cosaint don sairse, polasaithe HSE agus HIQA agus caighdeán an Choimisiúin Meabhairshláinte, chomh maith leis an UNCRPD
- Leanúnachas sa teanga agus teachtaireacht le reachtaíocht agus polasaí reatha
- An comhlacht le bheith freagrach as iarratais agus fiosrúcháin a dhéanamh maidir le buairtí cosanta
- Na roghanna ó thaobh gníomhaireacht neamhspleách nua a chruthú nó cumhachtaí a thabhairt do ghníomhaireacht reatha
- Cumhachtaí iontrála agus iniúchta
- Oibleagáidí a thuairisciú
- Tathaint neamhspleách
- Comhoibríocht ilghníomhaireachta.

### **Busanna Iompair Nua d'Éirinn agus Feithiclí Chomaitéara**

Tá an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) ag ceannach flít bus nua chun uasghrádú a chur ar fhflít bus agus cóistí reatha in Éirinn agus cinntiú go mbeidh laghdú náisiúnta in astuithe carbóin. Iarradh ar an NDA aighneacht a dhéanamh ar dhearadh na bhfeithiclí sin. Ag tógáil ar an gcomhairle a thugamar don NTA agus Bus Éireann, chorpraigh an aighneacht na príomh-eilimintí a bhaineann le dearadh comhtháite uilíoch a thabhairt do sheirbhísí iompair poiblí.



# Tosaíocht Straitéiseach 3



## Tosaíocht Straitéiseach 3

“Cur chun cinn agus monatóireacht a thabhairt do chur i bhfeidhm Chóid Cleachtais, caighdeán agus treoirlínte i seirbhísí, is measúnú ar pholasaí agus cleachta”

**Anailísí agus tuarascálacha sonraí a fhorbairt chun faisnéis a thabhairt do mheasúnú comhréireachta ag Éirinn le UNCRPD**

### Gréasán Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin

Le linn 2020, rinne an Roinn Ceartais agus Comhionannais dréacht ar fhoirm iarratais agus treoirlínte gaolmhara i gcomhair ról nua dar teideal ‘Ball Eagraithe’, chun gréasán a bhunú agus a éascú le eagraíochtaí daoine le míchumais, eagraíochta tathanta agus daoine aonair le míchumais agus/nó taithí saoil air. Tá sé i gcomhréir le oibleagáidí chun labhairt agus idirghníomhú le daoine le míchumais faoin UNCRPD.

D’iarr an Roinn ar an NDA athbhreithniú a thabhairt ar threoirlínte Léirithe Suime agus comhairle maidir le aon leasuithe ábhartha. Chuir an NDA béim ar thábhacht soiléire laistigh na caipéisíochta, chomh maith le úsáid formáidí inrochtana difriúla, amhail Éasca le Léamh, Béarla simplí agus cló mór. Luaigh an NDA freisin go gcuirfidh an coiste rogha ar a laghad duine amháin le míchumas leis an bhfoireann.

D’fhorbair an NDA freisin páipéar oibre ar Eagraíochtaí Daoine le Míchumais (DPO) a bhí roinnte leis an Roinn Ceartais agus Comhionannais chun faisnéis a thabhairt do dea-chleachtais go hidirnáisiúnta i dtaca le DPO agus cuidiú lena gcomhairliúcháin do Théarmaí Tagartha an ghrúpa.

### Tuarascáil tosaigh na hÉireann faoin UNCRPD

Chuir an Roinn Ceartais agus Comhionannais tús le próiseas dréachtaithe do Thuarascáil Stáit tosaigh na hÉireann i Samhradh 2020, le seoladh chuig an gCoiste um Chearta Daoine le Míchumais in 2021. Lean an obair sin ar aghaidh agus bhí sé críochnaithe ag DCEDIY, a ghníomhaíonn anois mar phointe béime faoin UNCRPD, i ndiaidh aistrithe feidhmeanna le linn 2020. Thug an NDA freisin comhairle don Roinn le linn an phróisis dréachtaithe, lena n-áirítear foráil staidrimh suas chun dáta agus nuashonruithe maidir lena

mheasúnú ar chur i bhfeidhm go leor polasaithe agus cláir. D’fhorbair an NDA méid áirithe páipéir inmheánacha ar go leor airteagail UNCRPD agus rinne sé léarscáiliú ar an reachtaíocht reatha, polasaithe, straitéisí agus próisis d’airteagial UNCRPD chun pictiúr a fhorbairt ar an tírdhreach reatha, agus bhí an obair sin úsáideach chun faisnéis a thabhairt dár gcomhairle don Roinn. Tá an NDA ag tabhairt comhairle le faisnéis ó fhianaise freisin maidir le maicníochtaí le breathnú orthu sa tuarascáil roimh sheoladh, ag aithint an tábhacht a bhaineann le idirbheartaíocht chiallmhar le daoine le míchumais mar chuid den phróiseas sin, lena n-áirítear trína gcomhlachtaí léiritheacha.

### Dréacht ar Pháipéar Idirghníomhaíochta le Eagraíochtaí Dhaoine le Míchumais

I ndiaidh taighde déanta ar dea-chleachta i ndlínsí eile maidir le idirghníomhaíocht le Eagraíochtaí Dhaoine le Míchumais (DPO), d’fhorbair an NDA páipéar oibre air, ag úsáid ceachtanna foghlamtha

ar an taighde chun moltaí a dhéanamh maidir le idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht dhaoine le míchumais don Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige.

Breathnaíonn an páipéar ar chur chuige dlínsí eile ar oibleagáid fhollasach in Airteagail 4(3) agus 33(3) UNCRPD chun daoine le míchumais a chur san áireamh go héifeachtach i bhforbairt reachtaíochta, polasaithe agus i monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin.

Breathnaíonn an páipéar ar thráchtanna ón gCoiste UN ar Chearta Daoine le Míchumais, chomh maith lena Thrácht Ginearálta Uimh. 7 a phléigh a thuilleadh a thuisceana ar cé ar chóir páirt a ghlacadh agus cén cuma a bheadh ar rannpháirtíocht.

Breathnaíonn an páipéar freisin ar conas a bhailítear taithí saoil, saineolas agus tuairimí daoine le míchumais faoi láthair agus conas iad a úsáid in Éirinn. Cuireann an páipéar béim ar na bearnaí idir na modhanna reatha sin agus na caighdeáin socraithe ag an gCoiste ar Chearta Daoine le Míchumais.

Luann an NDA go bhfuil infreastruchtúr soladach, inbhuanaithe forbartha chun idirghníomhaíocht chiallmhar a éascú le daoine le míchumais, agus cuireann sé béim ar na eilimintí a leanas atá riachtanach don infreastruchtúr sin:

- Mandáid shoiléir;
- Samhail maoinithe leanúnach agus comhsheasmhach;
- Ballraíocht a léiríonn go leor míchumais, chomh maith le fachtóirí eile amhail inscne, suíomh agus aois;
- Tógáil acmhainne;
- Ceannach isteach ó gach Ranna ábhartha an Rialtais; agus
- Modhanna nuálaíochta idirghníomhaíochta.

### Measúnú agus comhairle a thabhairt ar mheicníochtaí mhonatóireachta

#### Oiliúint Athshlánaithe agus Próifiliú ar Luathfhágálaí Scoile

I mblianta roimhe, thacaigh an NDA leis an HSE i go leor gnéithe den phróiseas próifílithe don Oiliúint Athshlánaithe agus Luathfhágálaithe Scoile (RTSL) ag cur isteach i gcomhair poist sa tseirbhís lae fásta. D'oibrigh an NDA le foireann HSE thar go leor blianta chun treoir a thabhairt ar an bpróiseas caighdeánaithe, é a dhéanamh follasach agus cóir ar fud na tíre agus ar feadh grúpaí míchumais. Áirítear leis sin treoraíocht i scríbhinn, físeáin oiliúna, oiliúint ghrúpa agus teagasc aonair do phróifíleoirí an limistéir áitiúil, chomh maith le athbhreithnithe ráthaíochta cáilíochta ar thorthaí próifílithe.

Leanann an NDA ar soláthar deimhniúcháin neamhspleách agus ráthaíocht cháilíochta ar an bpróiseas RTSL. Le linn 2020, d'oibrigh an NDA i dteannta leis an HSE, ag déanamh athbhreithnithe ar na próisis áitiúla agus ag soláthar aiseolais tráthúla ábhartha don HSE ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Thug an NDA comhairle freisin ar, agus thacaigh sé le aistriú go dtí, próisis próifílithe ar líne ag eascrú mar thoradh leis an bpaindéim COVID-19.

**Cur i bhfeidhm a fhorbairt agus a mhonatóireacht ar Chóid Cleachtas mar is cuí**

**Cuid 3 Iompar Poiblí a Mhonatóireacht i gcomhair Cóid Cleachtas**

Rinne an NDA réadtiomnú ar thacar táscairí ar feadh modheolaíochta mhonatóireachta chun tacú lena feidhm mhonatóireachta ar chomhréireacht leis an gCód reachtúil Cleachtas Inrochtaineachta ar Sheirbhísí Phoiblí agus Faisnéis. Rinneadh cleachta réamh-phíolóta chun deimhniúchán a thabhairt ar an modheolaíocht ina raibh monatóireacht déanta againn ar oibreoirí iompair in aghaidh fo-thacar táscairí.

Thosaigh píolóta le trial ar thacar iomlán táscairí agus modheolaíocht mhonatóireachta ag deireadh 2020 inar idirghníomhaigh muid le soláthraí iompair amháin. D’eascairigh sé sin i dtacar nuashonraithe táscairí. Forbraítear na táscairí agus modheolaíocht mhonatóireachta le bheith infheidhmithe do gach comhlachtaí poiblí san earnáil poiblí. Tosóidh monatóireacht fhoirmiúil in 2021 in aghaidh tacair iomláin táscairí, ag díriú ar dtús ar chomhlachtaí poinlí a sheachadaíonn seirbhísí iompair poiblí.

Taispeánfaidh an cineál seo monatóireachta, aitheanta mar mhonatóireacht ingearach, ina dtugaimid measúnú ar chomhréireacht chomhlacht poiblí in aghaidh tacair iomláine táscairí, an leibhéal comhréireachta ag an gcomhlacht poiblí aonair sin leis an gCód.

Táthar ag féachaint ar modhanna i gcomhair idirghníomhaíochta úsáideoirí lena n-áirítear acmhainn chun feidhmchlár gutháin shoghluaiste a úsáid cruthaithe faoi mhaoiniú AE “Aicmigh an tSeirbhís”. Déanfaidh an NDA píolóta ar an aip seo in 2021.

Rinneamar dul chun cinn freisin ar ár ngníomhaíocht mhonatóireachta chothrománach, nuair a thugamar measúnú ar leibhéal feidhmíochta gach comhlachtaí poiblí in aghaidh táscaire amháin chun pictiúr forleathan a sholáthar dúinn ar conas atá an earnáil poiblí ar fad ag gníomhú i réimse ar leith. Chuireamar tús le dhá ghníomhaíocht mhonatóireachta chothrománach le measúnú ar an bhfaisnéis sholáthraithe ar shuíomhanna comhlachtaí poiblí maidir lena n-oifigeach rochtana agus a bpróiseas gearáin. Is aidhm linn tuarascáil iomlán a sholáthar ar ár dtorthaí monatóireachta chothrománaigh in 2021. Beidh an ghníomhaíocht mhonatóireachta ar leith seo ag déileáil freisin le moltaí ag eascrú ó “Athbhreithniú Oibriúcháin ar Éifeachtachta Chuid 25 an Achta Míchumais”.

**Aighneachtaí comhairleoireachta iompair**

Rinne an NDA go leor aighneachtaí in 2020 maidir le go leor straitéisí, lena n-áirítear Luas, Iarnród Éireann, NTA Bus Connects agus Straitéisí Iompair ar Limistéar Uirbeach Luimnigh-Sionainne. Laistigh na aighneachtaí sin, chomh maith le comhairle sonracha agus moltaí, chuireamar béim ar oibleagáidí faoin Acht Míchumais 2005, béim ar dhualgais chun riachtanais an Chóid Cleachtas a chur i bhfeidhm agus béim ar phrionsabail Dearaidh Uilíoch chun daoine le míchumas a chuimsiú i bhforbairt na bpleananna agus ar fud an phróisis. D’aithin na aighneachtaí freisin na dúshláin a bhain le freagairt ar an bpaindéim COVID-19, ag leanúint leo freisin ag soláthair seirbhísí iompair inrochtana do chách, lena n-áirítear daoine le míchumas.

**Cód Cleachtas ar Fhoirgnimh Poiblí Inrochtana**

In 2020, fuair an NDA iarratas foirmiúil ón Aire Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige chun Cód Cleachtas a fhorbairt ar Fhoirgnimh Poiblí Inrochtana, de réir soláthraithe

i gCuid 25 d'Acht Míchumais 2005. Tabharfaidh an Cód seo treoraíocht maidir le suíomhanna poiblí inrochtana le foirgnimh an earnála phoiblí, de réir leagtha amach i nGníomh 105 Straitéise Ionchuimsithe Míchumais Náisiúnta 2017-2021. Chuir NDA tús le obair, agus tá sé sa sceideal i gcomhair críochnaithe ag tús 2022.

### **Nuashonrú ar an gCód Cleachtas maidir le Inrochtaineacht Sheirbhísí Phoiblí agus Faisnéis soláthraithe ag Comhlachtaí Poiblí**

Seoladh athbhreithniú dréachta ar (2006) 'Cód Cleachtas ar Inrochtaineacht Sheirbhísí Phoiblí agus Faisnéis soláthraithe ag Comhlachtaí Poiblí' chuig an Aire Ceartais agus Comhionannais i gcomhair faofa don fhoilseachán ag tús 2019. Ag tús Mheithimh 2020, sheol an NDA dréacht leasaithe chuig an Aire, i ngeall ar iarratas an Aire gur chóir don NDA breathnú ar fhéidearthacht chun téacs a chur leis chun a spreagadh do chomhlachtaí poiblí smaoineamh ar shuiteáil Áiteanna Athraithe i bhfoirgnimh poiblí nuair is féidir agus a thuilleadh faisnéise a chur leis an bpróiseas gearáin i ndiaidh an méid atá curtha leis cheana ar an ábhar sin.

Tabharfar dul chun cinn ar an gCód athbhreithnithe mar ionstraim reachtúil i ndiaidh dó a bheith faofa ag an Aire.

### **Idirghníomhú le ranna an rialtais chun tacú le monatóireacht ar phríomh-thionscnaíochtaí an AE**

#### **Straitéis Mhíchumais na hEorpa**

Fuair Straitéis Mhíchumais na hEorpa 2010-2020 measúnú le déanaí ag an gCoimisiún Eorpach. D'ullmhaigh an NDA nóta measúnaithe don Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige, agus chuidigh sé freisin le athbhreithniú an Choimisiúin féin ar thionchar na Straitéise ar pholasaithe náisiúnta agus cur i bhfeidhm.

Thosaigh an Coimisiún obair ar an gcomharba don Straitéis seo, agus rinne an NDA dréacht ar aighneacht chuig comhairleoireacht ar líne rite ag an gCoimisiún ar cad ba chóir a chur leis an gcéad Straitéis 10 mbliana eile.

Chuir ionchuir an NDA béim le tábhacht na hidirghníomhaíochta le daoine le míchumais, comhoibríocht tras-institiúide agus trastíre, agus bailiúchán agus scaipeadh sonraí chun faisnéis a thabhairt do chinntí polasaithe.

#### **Cruinniú NSAI TC023 SC05 'Coiste Comhairleach ar Chaighdeán Dearaidh Uilíoch - Táirgí agus Seirbhísí - Raon Úsáideoirí'**

Cruinniú bliantúil an chathaoir, rúnaíocht an Údaráis Caighdeán Náisiúnta (NSAI) Coiste Teicniúil (TC) 23 ('Coiste Comhairleach ar Chaighdeán Dearaidh Uilíoch') Fo-Choiste (SC) 05 'Táirgí agus Seirbhísí - Raon Úsáideoirí' a tharla i Feabhra 2020. Is príomh-chuspóir leis an gcoiste seo a chinntiú go gcuirtear an raon is leithne indéanta úsáideoirí lena n-áirítear daoine le míchumais i ngach forbairt chaighdeán do tháirgí agus seirbhísí.

Tá poist Cathaoir agus tacaíochta Rúnaíochta ag CEUD sa choiste seo. Ag an gcruinniú thug an coiste athbhreithniú ar cén chaighdeán ábharthachta atáthar ag forbairt faoi láthair ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta. D'aithin an Coiste freisin cé acu de na caighdeán sin ar

chóir d'Éirinn a mhonatóireacht agus ionchur a thabhairt air ag leibhéal Eorpach agus Idirnáisiúnta chomh maith le athbhreithniú ar an obair agus bainistíocht ar ghrúpaí oibre aonair laistigh an fo-choiste.

### Monatóireacht agus tuairisciú ar fhostaíocht daine le míchumais sa tseirbhís phoiblí i gcomhréir le Cuid 5 d'Acht Míchumais

Tá oibleagáidí dhlíthiúla ag Ranna an Rialtais agus comhlachtaí poiblí maidir le fostaíocht daoine le míchumais agus targaid íosmhéid 3% den fhórsa saothair a bhaint amach, de réir Cuid 5 Achta Míchumais 2005. Tá feidhm reachtúil ag an NDA chun tuarascáil bliantúil a sheoladh ar fheidhmíocht chuig an Aire maidir leis. Tá feidhmeanna ann freisin chun leanúint le neamh-chomhréireacht agus bearta a shonrú do chomhlachtaí aonair.

### Tuarascáil ar Chomhréireacht le Cuid 5 Achta Míchumais 2005 do 2019 - Tuairisceáin na Roinne

Bhí áthas ar an NDA a lua gur éirigh le 80% de Ranna an Rialtais a dtuairisceáin Chuid 5 a sheoladh air nó roimh spriodhata reachtúil 30 Mheithimh, in ainneoin na paindéime.

Sheol an NDA **Tuarascáil Comhréireachta le Cuid 5 Achta Míchumais 2005 do 2019** chuig an Aire Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige agus an Aire Stáit le freagracht as Míchumas roimh spriodhata reachtúil Dé Luain 30 Samhain 2020.

In achoimre, luaigh an tuarascáil go ginearálta gur lean an earnáil poiblí ag sárú targaid íosmhéid 3% reatha don naoú mbliain as a chéile. Ag deireadh 2019, ba é 238,174 líon iomlán na bhfostaithe san earnáil poiblí ábhartha, méadú 6,390 (+2.8%) ó 2018. D'ainneoin sin, d'ísligh líon ginearálta agus céatadán na bhfostaithe a thuiriscigh míchumas ó 7,585 (3.3%) in 2018 go dtí 7,319 (3.1%), laghdú 265 (-3.5%) ó fhiúirí 2018. Molann an NDA, ag brath ar an laghdú, go mbeidh sé tábhachtach do gach comhlachtaí poiblí iarrachtaí leanúnacha a chinntiú chun daoine le míchumais a earcú agus a choinneáil, go háirithe agus an targaid sa sceideal le méadú 6% roimh 2024, de réir tiomantais i gClár don Rialtas.

### Cuid 5: Cinntí deiridh neamh-chomhréireachta 2016 agus 2017

Faoi chuid 49 Achta Míchumais (2005), d'fhéadfadh an NDA iarratas a dhéanamh ar chomhlacht poiblí a cheadódh don NDA rochtain a fháil nuair a bhaintear comhréireacht amach, agus má bhí cúiseanna bhailí a chuir bac ar chomhlacht poiblí ó chloí leis an targaid 3% 2 bhliana as a chéile.

Sheol an NDA S.49 iarratas do cheithre chomhlacht poiblí nár bhain an targaid 3% amach do 2016 agus 2017, mar a leanas:

- IT Phort Láirge
- Bord Measúnaithe ar Ghortuithe Pearsanta (PIAB)
- Bord Taighde Sláinte (HRB)
- Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (HSE)

Ghlac an NDA leis na freagraí soláthraithe ag na comhlachtaí poiblí sin, thug sé athbhreithniú ar

an bhfianaise, agus rinne sé cinneadh bunaithe ar an bhfaisnéis soláthraithe, cé nár dhearbhaigh IT Phort Láirge deimhniú neamh-chomhréireachta do 2016 agus 2017, bhí amhlaidh ag an trí chomhlacht eile (PIAB, HRB agus HSE).

Seoladh dréachtaí ar chinntí do gach ceann de na comhlachtaí poiblí sin, ag aithint na mbeart a bhí i bhfeidhm ag na comhlachtaí poiblí don tréimhse dhá bhliana sin chun timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú, ag soláthair cúiseanna dóibh freisin go bhfuair siad dréacht ar chinneadh. Thug na dréachtaí ar chinntí deis do na comhlachtaí poiblí sin freisin chun a thuilleadh faisnéise a sholáthar a d'fhéadfadh léi cuidiú leis an Údarás cinneadh a dhéanamh an mbeadh cinneadh deiridh tuillte ag an gcomhlacht sin don tréimhse dhá bhliana.

Ina bhfreagraí do na dréachtaí ar chinntí neamh-chomhréireachta, níor thug an PIAB, an HRB agus an HSE a dhóthain faisnéise go raibh bearta onghníomhacha i bhfeidhm acu, le linn an tréimhse dhá bhliana sin, chun tacú le fostaithe a stádais míchumais a léiriú nó chun earcaíocht a mhéadú do dhaoine le míchumais. Dá bharr sin, rinne an tÚdarás cinneadh go raibh cinneadh deiridh le seoladh go dtí na comhlachtaí poiblí sin mar gheall ar neamh-chomhréireacht do 2016 agus 2017.

### **Cuid 5: Dréacht ar chinntí do 2017 agus 2018**

Sheol an NDA S.49 iarratas do cheithre chomhlacht poiblí nár bhain an targaid 3% amach do 2016 agus 2017, i gcomhréir le cuid 49 Acha

Míchumais 2005, mar a leanas:

- Bord Iascaigh Mhara
- Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte (HSE)
- Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Bord Measúnaithe ar Ghortuithe Pearsanta (PIAB)

Bhreathnaigh an NDA ar na freagraí a sholáthair na comhlachtaí poiblí sin. Níor thug an ceithre chomhlacht poiblí sin a dhóthain fianaise, le linn an tréimhse dhá bhliana sin, go raibh bearta onghníomhacha i bhfeidhm acu, chun tacú le fostaithe a stádais míchumais a roinnt nó earcaíocht a mhéadú do dhaoine le míchumais.

Rinne an tÚdarás cinneadh gur chóir cinneadh deiridh a sheoladh go dtí na comhlachtaí poiblí sin mar gheall ar neamh-chomhréireacht do 2017 agus 2018. Déanfar athbhreithniú ar na freagraí ó na comhlachtaí poiblí sin do na dréachtaí ar chinntí in 2021 agus tabharfaidh siad faisnéis do chinneadh an Údaráis ar chóir cinneadh deiridh mar gheall ar neamh-chomhréireacht a thabhairt ar na comhlachtaí poiblí sin do 2017 agus 2018.

Leanann an NDA ag obair le comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo Pleananna Gníomhaíochta a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú lena n-áireofar cur chuige pleanáilte le gníomhartha sonracha chun méadú incriminteach a chur ar a bpróiseas earcaíochta do dhaoine le míchumais. Aithníonn an NDA gur féidir go nglacfaidh sé tamall ó chomhlachtaí poiblí athruithe a leabú ina bpróisis earcaíochta agus chun tionchar na n-athruithe sin a fheiceáil. D'ainneoin sin, áfach, tá an NDA ag súil le feabhsú i bhfeidhmíocht ghinearálta na hearnála poiblí sa todhchaí.

## Idirghníomhaíocht leis an HSE

Ceapadh foireann ainmnithe san HSE chun díriú ar chomhréireacht an chomhlachta poiblí seo a fheabhsú le Cuid 5 Achta Míchumais 2005. Bhí go leor cruinnithe ag an NDA leis an bhfoireann sin ó Mheitheamh 2020 agus thug sé comhairle maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm chur chuige incrimintigh a bheidh, thar am, ag cuidiú leis an HSE cloí lena oibleagáidí faoi Chuid 5.

Thug an HSE faisnéis don NDA gur tosaíocht é dul i ngleic lena fhadhbanna le bailiúchán sonraí. Mar chuid den idirghníomhaíocht straitéiseach leanúnach seo, d'óstáil an NDA ceardlann ar líne dúnta do phearsanra ábhartha an HSE (bainteach le próiseas Chuid 5, earcaíocht agus fostaíocht) ar an 7 Mheán Fómhair 2020. B'aidhm leis an gceardlann sin foghlaim a thabhairt don HSE ó shamhlacha dea-chleachta maidir le fostaíocht daoine le míchumais, lena n-áirítear bailiúchán agus tuairisciú ar shonraí. Is príomh- théama leis an gceardlann seo, i gcomhréir le treoraíocht NDA, go bhforbraíonn próisis bailiúcháin sonraí éifeachtacha ó thimpeallacht oibre ionchuimsitheach a chuireann earcaíocht agus coinneáil chun cinn do dhaoine le míchumais is a thacaíonn leis.

Beidh athleanúint ag an NDA leis an HSE maidir le dréacht ar an bPlean Gníomhaíochta agus Straitéis Chumarsáidí a bhfuil sé ag obair ann.

Táthar ag súil go gcuirfidh an HSE, le tacaíocht leanúnach ón NDA, feabhas ar a fheidhmíocht faoi Chuid 5 Achta Míchumais 2005.

## Seiminéar le Gréasáin Oifigigh Idirbheartaíochta Míchumais

I mí Feabhra 2020, d'iarr Gréasán Oifigigh Idirbheartaíochta Míchumais ar an NDA seiminéar a dhéanamh ar oibleagáidí comhlachtaí poiblí faoi Chuid 5 Achta Míchumais 2005 agus bearta a d'fhéadfadh comhlachtaí poiblí a chur i bhfeidhm chun timpeallacht oibre ionchuimsitheach a chruthú. Ar an 11 Márta 2020, roimh thús na paindéime Covid-19, d'óstáil an NDA seiminéar le freastal an-mhaith.

Thug an seiminéar sin foghlaim luachmhar don Ghréasán a d'fhéadfadh sé cuidiú le comhlachtaí poiblí ina Ranna feidhmíocht a fheabhsú faoi Chuid 5 Achta Míchumais 2005.

**Athbhreithniú ar an bpróiseas chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus tuairiscithe faoi Chuid 5 Achta Míchumais agus teorú ar chur i bhfeidhm na dtorthaí**

## Páipéar comhairleach NDA ar Athbhreithniú Chuid 5

In 2019, choimisiúnaigh an NDA athbhreithniú ar dea-chleachtas do phróisis i gcomhair monatóireachta agus measúnaithe talainn éagsúil san fhórsa saothair. D'eascaigh go leor príomh-thorthaí ón athbhreithniú sin lena n-áirítear réimsí a raibh a thuilleadh taighde agus soiléire ag teastáil uathu maidir leis an bpróiseas Chuid 5. Bhí an NDA tiomanta chun a thuilleadh taighde a dhéanamh ar na réimsí sin agus páipéar uileghabhálach a dhéanamh le faisnéis ó na torthaí sin, ar conas feabhas a chur ar an bpróiseas Chuid 5 agus conas na moltaí sin a chur i bhfeidhm sa todhchaí ag coinneáil le ról reachtúil an NDA maidir leis.



In 2020, tháirgidh an NDA páipéir faisnéisithe ar Athbhreithniú ar Chuid 5, arbh é sin sintéis an taighde bhreise sin; obair choimisiúnaithe, agus meastacháin NDA ar cheachtanna ón chorp oibre sin. Feictear sa pháipéar seo taighde le faisnéis ó fhianaise agus dea-chleachta ar go leor príomh- phointí lena n-áirítear: córais in úsáid ag Seirbhísí Sláinte Náisiúnta (NHS) san UK chun sonraí comparáideacha a bhailiú ar fhostaithe leis agus gan míchumais; foghlaim a chur i bhfeidhm ó phríomh-thorthaí ó thaighde NDA maidir le Lóistín Réasúnta (2019); agus córais is próisis a úsáidtear chun sonraí a dheimhniú. Tugann an páipéar seo leagan amach freisin ar phríomh-chonclúidí agus moltaí áirithe, mar shampla, athbhreithniú ar an bpróiseas Chuid 5 a d'fhéadfadh sé leasuithe reachtúla a chorprú, feabhsuithe ar an bpróiseas, ach feasacht níos mó a ardú do chomhlachtaí poiblí. Breathnóidh an NDA ar na moltaí sin maidir le conas feabhas a chur ar an bpróiseas Chuid 5 agus cur i bhfeidhm na moltaí sin le linn 2021- 2022, ag coinneáil le ról reachtúil NDA maidir leis sin.


### Measúnú agus monatóireacht a thabhairt ar chur i bhfeidhm agus tionchar straitéisí agus polasaithe náisiúnta

#### Comhairleoireacht Phoiblí ar thairiscintí ghréasán bus athbhreithnithe

Lean an NDA ag tabhairt comhairle don NTA maidir le idirghníomhaíocht le raon méadaithe úsáideoirí, go háirithe daoine le míchumais difriúla, maidir le babhtáí comhairliúcháin eagraithe maidir leis an tairiscint BusConnects. Luann an NDA gur reachtaigh an NTA comhairliúchán sonrath le daoine le míchumais i Nollag 2019 ar an tairiscint athbhreithnithe. Rinne an NDA aighneacht ag an am sin chuig an NTA le béim ar thábhacht an chomhairle roimhe sin a chur i bhfeidhm maidir le ionchuimsiú príomh-eilimintí soláthair dearaidh comhtháite go huilíoch i seirbhísí iompair i dtairiscintí ghréasán bus athbhreithnithe do Bus Connects. Tá na príomh-eilimintí sin mionsonraithe freisin i gcuid de phríomh-mholtaí in aighneacht a rinne an NDA chuig coiste an Oireachtais in 2018 ar **Inrochtaineacht Seirbhísí Iompair Poiblí do Dhaoine le Míchumais**.

In Iúil 2019, d'fhostaigh NTA Bainisteoir Inrochtaineachta Iompair don chéad uair. Thosaigh NDA ag obair go dlúth leis an mBainisteoir seo ar feadh 2020, chun dul chun cinn a chur ar go leor tionscadail. Tá áthas ar an NDA a lua go n-iarrann na conarthaí nua eisithe in Q4 2019 d'oibreoírí iompair poiblí orthu don chéad uair cloí le príomh-eilimintí an Chóid Cleachtais ar Fhoráil Seirbhísí Inrochtana agus Faisnéise. Is iad na príomh- eilimintí curtha leis na conarthaí nua ná: Foráil Seirbhísí Inrochtana; Soláthar Inrochtana; Foráil Faisnéise Inrochtana; Foráil Próisis Gearáin Inrochtana lena n-áirítear Oifigeach Iarratais chun freagairt do ghearáin agus iad a réitiú. Tá an NDA ag obair leis an NTA chun breathnú ar conas is féidir na forálacha sin a mhonatóireacht ar bhonn leanúnach agus fothú isteach i bpróiseas feabhsaithe leanúnaigh.

# Tosaíocht Straitéiseach 4



## Tosaíocht Straitéiseach 4:

“Leanúint ag tógáil feasachta agus ag glacadh Dearaidh Uilíoch ar fud na sochaí in Éirinn”.

**Comhairle a thabhairt agus cuidiú i bhforbairt caighdeáin idirnáisiúnta agus náisiúnta, treoirínite agus tacair uirlisí ar Dhearadh Uilíoch agus a gcur i bhfeidhm ag príomh- gheallshealbhóirí a chur chun cinn**

### Treoraíocht Dearaidh agus Athbhreithniú Chuid M chun soláthar do Leithris a Athraíonn Suíomh

In 2020, thosaigh Ionad an Údaráis Míchumais Náisiúnta um Shármhaitheas i nDearadh Uilíoch (CEUD) obair chun uasghrádú a thabhairt ar a threoraíocht dhearaidh maidir le Leithris a Athraíonn Suíomh Ní chloíonn leithris caighdeánacha inrochtana le riachtanais gach duine le míchumais, go háirithe, daoine a bhfuil míchumais casta iolracha orthu, a dteastaíonn cúnamh agus a thuilleadh trealamh uathu chun áiseanna leithris a úsáid. Ofrálann Leithris a Athraíonn Suíomh áiseanna a dhéileálann le riachtanais na ndaoine nach n-oireann áiseanna sláintíoch inrochtana reatha dóibh. Faoi láthair, níl aon riachtanas ann i rialacháin tógála na hÉireann chun Leithris a Athraíonn Suíomh a sholáthar.

I Nollaig 2020, bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht Grúpa Oibre ar fhoráil Áise a Athraíonn Suíomh, chun athbhreithniú a thabhairt ar riachtanais teicniúla Chuid M le ‘Áis a Athraíonn Suíomh’ oiriúnach le ionchuimsiú i gCáipéis Treoraíochta Teicniúil athbhreithnithe M (Rochtain agus Úsáid). Tá an CEUD ag glacadh páirt sa Ghrúpa Oibre seo. Is cathaoirleach é ball foirne CEUD le fo- ghrúpa a dhíríonn ar eilimintí teicniúla sonracha le leithreas a athraíonn suíomh.

### Grúpa Oibre NSAI ar Chaighdeán Eorpach Nua maidir le Inrochtaineacht agus Inúsáidteacht na Timpeallachta Tógtha

Ghlac CEUD páirt go gníomhach i nGrúpa Oibre NSAI chun aiseolas a sholáthar ar dhréacht ar chaighdeán á fhorbairt faoi Mhandáid M/420 i dtaca le riachtanais inrochtaineachta na hEorpa i gcomhair soláthair poiblí sa timpeallacht thógtha- prCEN/TR 17210:2020 Inrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha- Critéir agus sonraíochtaí feidhmíochta theicniúil. Léiríonn an t-aiseolas dírithe ar na caighdeáin sonraithe sa cháipéis dea-chleachtas agus Dearadh Uilíoch, in ionad cur chuige bunchaighdeáin. Tá an caighdeán le bheith críochnaithe ag tús 2021.

### Treoirínite Taighde agus Dearaidh i gcomhair oiriúnaithe tógála agus aiseofaithe i gcomhthéacs chúram altranais ó Chur Chuige Dearaidh Uilíoch

In 2020, choimisiúnaigh CEUD ó Trinity Haus agus Ospidéal Ollscoile Tamhlacht taighde a dhéanamh agus treoirínite Dearaidh Uilíoch ardleibhéil a fhorbairt ar aiseofaithe suíomhanna chúram altranais fadréimhseacha do dhaoine níos sine in Éirinn. Tá an obair seo an-ábhartha toisc gurb iad tithe altranais ceann de na earnálacha a fuair tionchar is mó ó COVID-19.

Déanfaidh an obair measúnú ar conas an timpeallacht thógtha sna suíomhanna sin a chur in oiriúint agus a aiseofaithe ó chur chuige Dearaidh Uilíoch chun:

- Feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil do chónaitheoirí agus a n- eispéireas cuairteora a

fheabhsú do bhaill teaghlaigh, cúramóirí agus cairde;

- Ullmhaíocht agus solúbthacht don phaindéim a fheabhsú agus sláinte síceasóisialta agus folláine na gcónaitheoirí agus foireann.

Thosaigh an obair in Q4 2020 agus tá an dáta críochnaithe socraithe i gcomhair Q2 2021.

## **Uirlis Dearaidh Uilíoch um Iniúchadh Insiúltachta do Bhóithre agus Sráideanna in Éirinn**

In 2020, lean CEUD ag tabhairt comhairle chuig an Údarás Iompair Náisiúnta ar fhorbairt Uirlise Dearaidh Uilíoch um Iniúchadh Insiúltachta do Bhóithre agus Sráideanna in Éirinn. Bhain an obair seo le athbhreithnithe ar dhréacht ar an uirlis iniúchta i ndiaidh píolóta déanta in 2019, i gCill Rois, Contae an Chláir. Bhain an píolóta le rannpháirtithe ó raon aoise agus cumais an-leathan agus bhí sé eagraithe ag CEUD ag obair i gcomhpháirtíocht le Éire Aoisbháúil. Fuair an bunuirlis iniúchta faisnéis ó chomhairleoireacht chríochnúil i sé phíolóta ar fud na hÉireann le raon leathan úsáideoirí lena n-áirítear daoine i ngach aois, tomhais, cumas agus míchumas amhail daoine le laigeachtaí radhairc, fadhbanna soghluaisteachta, srl. Foilsíodh an uirlis iniúchta Dearaidh Uilíoch ag an Údarás Iompair Náisiúnta in 2020.

## **Athbhreithniú Réamhchéime ar Thithe Dearaidh Uilíoch agus costais Gaolmhara**

Le linn 2020, lean CEUD ag idirghníomhú leis an Rannóg Suirbhéirí Cáinníochta (QS) i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) agus le Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) chun anailís a fhorbairt ar na costais le Tithe Dearaidh Uilíoch i gcomparáid le áitribh tógtha go traidisiúnta. Chas CEUD agus SCSI leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sa dara chuid de 2020 chun an dréacht ar pháipéar measúnaithe ar chostais a phlé. Rinne an Roinn go leor trácht ar an bpáipéar, agus tá CEUD is SCSI ag tabhairt measúnú orthu faoi láthair.

Beidh páipéar athbhreithnithe críochnaithe sa chéad chuid de 2021. Beidh ceardlann óstáilte ina dhiaidh sin le príomh-gheallshealbhóirí a bhí ceannródaíoch le UD agus suim acu na sonraí nua seo a chorprú mar chuid dá saothar.

## **Ceardlann maidir le caighdeán UD a chomhtháthú - tionscadal SláinteCare le ALONE**

Le linn 2020, rith CEUD ceardlann i gcomhair ALONE ar a dtionscadal maoinithe SláinteCare “Bconnect; ag nascadh cúraim sláinte, cúraim sóisialta agus cúraim pobail chun torthaí níos fearr a sheachadadh do

dhaoine níos sine”. Is cuspóir leis an tionscadal teicneolaíocht, seirbhís agus oiliúint a sholáthar chun tacú le scaoileadh amach as an ospidéal, othair isteach ar féidir a sheachaint a laghdú, tacú le daoine fanacht folláin ina dtithe agus pobail féin agus cáilíocht chúraim níos fearr a cheadú do dhaoine níos sine ó sheirbhísí reachtúla agus eagraíochtaí pobail. Dhírigh an ceardlann ar chomhtháthú agus úsáid na gcaighdeán ábhartha agus acmhainní chun cur chuige Dearaidh Uilíoch a thabhairt sa tionscadal agus dá réir sin raon úsáideoirí a úsáideann an teicneolaíocht píolóta a fhairsingiú. Leanann an tlonad ag idirghníomhú le ALONE ar an tionscadal seo chun comhairle a thabhairt ar úsáid na gcaighdeán agus acmhainní sin i dtionscadail cúraim sláinte agus teicneolaíochta eile do Sláintecare, an HSE agus an Roinn Sláinte.

**Forbairt chúrsaí agus glacadh comhthola curaclaim a chur chun cinn a thuilleadh, ag corprú Dearaidh Uilíoch agus á sheachadadh sin trí Dhearadh Uilíoch ag tógáil acmhainne in oiliúint ghairmiúil tosaigh, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD)**

### **Modúl r-fhoghlama a fhorbairt le úsáid mar CPD Dearaidh Uilíoch le haghaidh gairmithe ailtireachta in Éirinn**

I ndiaidh próisis tairisceana iomaíoch, choimisiúnaigh NDA do Aurion Learning modúl r-fhoghlama a fhorbairt le úsáid mar CPD Dearaidh Uilíoch le haghaidh gairmithe ailtireachta in Éirinn. Beidh an modúl bunaithe ar chás-staidéar Bhainc Ceannais na hÉireann, a bhuaigh Duais Dearaidh Uilíoch RIAI in 2017. Tá an obair i gcomhréir le Gníomh 112 Straitéise Ionchuimsithe Míchumais Náisiúnta 2017-2021, a luann go mbeidh an tÚdarás Míchumais Náisiúnta ‘ag tabhairt Forbartha Gairmiúil Leanúnaigh ar Dhearadh Uilíoch d’ailtirí, chun cur i gleachta treoraíochta an Údaráis Míchumais Náisiúnta a spreagadh, amhail Tógáil do Chách agus Treoirínite Dearaidh Uilíoch do Thithe in Éirinn’. Táthar ag súil go mbeidh an modúl r-fhoghlama seo ar an gcéad cheann le sraith forbartha, bunaithe ar fhoirgnimh a fuair Duais Dearaidh Uilíoch RIAI, duais bliantúil, tacaíthe ag CEUD ó 2013. Cuireadh moill leis an obair seo i ngeall ar COVID-19 in 2020 ach atosóidh sé chomh luath agus is féidir nuair a cheadaíonn treoraíocht sláinte poiblí.

### **Dearadh Scoile do Chách ó Chur Chuige Uilíoch**

D’iarr an Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar CEUD páipéar faisnéisithe ardleibhéil a sholáthar a théann i ngleic le príomhshruthú gach páiste i scoileanna na hÉireann agus cur i bhfeidhm cur chuige Dearaidh Uilíoch ar an ndearadh, tógáil agus aisfheistiú do scoileanna bunscoile agus meánscoile nua agus reatha, ag díriú ar an timpeallacht thógtha. Leanann obair leis an NCSE agus táthar ag súil go mbeidh athbhreithniú iomlán idirnáisiúnta ar litríocht agus forbairt treoraíochta náisiúnta san áireamh do gach scoileanna bunscoile agus meánscoile.

### **Dúshlán Deontais Dhearadh Uilíoch 2020**

Thosaigh CEUD, i dteannta le White Light Consulting, margaíocht agus cur chun cinn acmhainní oideachais an Ionaid d’ardoideachas agus Dúshlán Deontais Dhearadh Uilíoch 2020. Fuair os cionn 1300 léachtóir dhá r-phost i mí na Nollag le léacht tosaigh uair an chloig i nDearadh Uilíoch agus nasc chuig Modúl Dearaidh Uilíoch don ardoideachas forbartha ag an Ionad in 2014. Rinneadh íoslódáil ar na modúil tar éis ag 60 léachtóir agus tugadh cuireadh do CEUD 6 léacht cuairteora a sholáthar in Q1 2020 i Scoileanna Ailtireachta in TU Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh (UCC/CIT) agus i scoileanna innealtóireachta in DCU, TU Bhaile Átha Cliath agus TCD.

Forbraíodh an plean agus feachtas meán sóisialta dírithe ar mhic léinn agus rinneadh feidhmiú céimneach orthu i mí Eanáir go dtí Márta 2020.

I ngeall ar an suaitheadh suntasach de bharr géarchéime COVID-19 don earnáil ardoideachais, ghlac an tIonad go leor bearta teagmhais agus d’iarchuir sé an ócáid duaiseanna Dhúshlán Deontais Dearaidh Uilíoch (UDGC) 2020 ó Bhealtaine go dtí mí na Samhna 2020.

An bhliain seo bhí ardú suntasach i dtacaíocht don UDGC, i ngeall go páirteach ar obair for-rochtana an Ionaid agus cur chuige cumarsáide le léachtóirí agus mic léinn trí go leor cainéil. Thug

**UNIVERSAL DESIGN GRAND CHALLENGE 2020**


**Centre For Excellence In Universal Design**

**ENTER TODAY!**

**€4K PRIZE FUND**

**GREAT DESIGN WORKS FOR EVERYONE!**

[www.universaldesign.ie](http://www.universaldesign.ie)



**Built Environment - Winner**

**Congratulations Lydia Rose Morgan**

**Cork Institute of Technology**

ENTERPRISE IRELAND  
where innovation means business

**Technology and ICT - Winner**

**Congratulations Vicki Anderson**

**Institute of Art, Design and Technology (IADT)**

ENTERPRISE IRELAND  
where innovation means business

**People's Choice - Winner**

**Congratulations Team Korta**

**Trinity College Dublin**

ENTERPRISE IRELAND  
where innovation means business



# Thanks for attending

CEUD ocht aoi-léacht agus cuairteanna suímh do mhic léinn agus léachtóirí ag TU Bhaile Átha Cliath, UCC, CIT, DCU agus TCD.

Bhí ardú in iontrálacha na bliana seo beagnach 70% ón mbliain seo caite, le 118 iontráil faighte ar iomlán.

I ndiaidh breithiúnais ag an bpainéal breithimh idirnáisiúnta don duais, fógraíodh gearrliosta na bliana seo do Dhúshlán Deontais Dearaidh Uilíoch 2020 ar an 22 Iúil. Tháinig an naoi n-iontráil gearrliostaithe ón TU Bhaile Átha Cliath, TCD, IADT, CIT, NCAD agus OÉ Má Nuad. Fuair na iontrálaithe sa ghearrliosta cóitseáil pitseála agus tacaíochtaí eile roimh a ndearaidh a léiriú ar líne do phainéal breithimh náisiúnta roimh ócáid na nduaiseanna reachtáilte ar an 11 Samhna.

Ba í Patricia Scanlon an cainteoir spreagathisc ag ócáidí duaiseanna UDGC 2020. Fiontraí Éireannach, bhunaigh sí SoapBox Labs in 2013, comhlacht a chuireann intleacht shaorga i bhfeidhm chun feidhmchláir aitheanta gutha agus cainte atá tiúnáilte go speisialta do ghuthnanna páistí. Aithníodh Dr Scanlon ag Forbes i Nollaig 2018 mar cheann de 50 Bean is Iomráití in Teic. Sholáthair Fiontraíocht Éireann Duais Tráchtála Dearaidh Uilíoch arís an bhliain seo, a sholáthraíonn suas go dtí €15,000 comhairlithe chun breathnú ar an ndeis margaidh/tráchtála don iontráil a bhuann.

### Ár mbuaiteoirí ná:

- **Timpeallacht Thógtha:** Lydia Morgan, Cé Wandesford, Mol Pobail Idirghlúine, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaigh
- **Táirgí agus Seirbhísí:** Jack Canavan, Flo (Puck roimhe seo) NCAD.
- **Teicneolaíocht agus ICT:** Vicki Anderson, SuperValu Assistance App, IADT

- **Duais Tráchtála Dearaidh Uilíoch Fhiontraíocht Éireann:** Jack Canavan, Flo (Puck roimhe seo) NCAD.
- **Duaiseanna Rogha an Phobail:** Korta – Aip Rianaithe d’Othair Diaibéiteacha agus Hipirtheannasacha, Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath

## Dearadh Uilíoch agus Éachtaí Sóisearach Éireann

Le linn 2020, lean an NDA i dtionscadal comhpháirtíochta le Éachtaí Sóisearach Éireann (JAI) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC), ina bhfuil modúl Dearaidh Uilíoch á sheachadadh i mbunscoileanna mar chuid den Chlár Cumhacht Dearaidh tosaithe ag JAI agus DCC blianta roimhe seo.

Úsáideann modúl Cumhachta Dearaidh modheolaíocht ‘foghlama i gcleachta’ chun a léiriú do mhic léinn bunleibhéal tionchar dearfach dearaidh sa saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch. Tosaíodh an clár in 2015 mar chuid d’aighneacht Cheannróaíoch Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus níos mó ná 3,000 mac léinn tar éis páirt a ghlacadh i ndobharcheantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ní hamháin go dtugann an tionscadal tús áite ar Dhearadh Uilíoch do mhic léinn agus dá scoileanna ach ardaíonn sé feachtas freisin i measc raoin saorálaithe an tionscail rannpháirtigh. Is cur chuige éifeachtach é idirghníomhaíocht dhíreach le mic léinn i scoileanna, ag obair trí mhúinteoirí agus príomhoidí chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn.

Críochnaíodh Céim I in 2019 agus i ndiaidh athbhreithnithe ar a thoradh dearfach, comhaontaíodh dul ar aghaidh go Céim 2 ina mbeidh modúil UD comhtháite agus feidhmiú céimneach déanta air do níos mó scoileanna.

Táthar ag súil gur féidir samhail inbhuanaithe sa tréimhse níos faide a bhunú dá réir.

D’oibrigh CEUD go dlúth le Éachtaí Sóisearacha Éireann chun feidhmiú céimneach a phleanáil ó Chéim 2 an mhodúil ar Dhearadh (POD) do 50 ceardlann ar an 5ú agus 6ú Rang le linn 2020. Roimh COVID-19, bhí an chuid is mó scoileanna cláraithe agus saorálaithe oilte i dteannta leis na ábhair nuashonraithe agus réidh le dáileadh amach. Spreag COVID-19 athbhreithniú ar conas a rinneadh feidhmiú céimneach ar an modúl POD. Chríochnaíodh píolóta rathúil ar sheachadadh inneachair modúil modhnaithe in Q3 2020. Tá CEUD ag idirghníomhú chun formáidiú inrochtana ar an modúl fíorúil a athscagadh agus tá sé i mbun cumarsáide le JAI ar shocrúcháin chun an tréimhse ama conartha a shíneadh chun gur féidir feidhmiú céimneach don modúl a chríochnú ag tús 2021. Déanfar athbhreithniú iomlán ar an tionscadal chun faisnéis a thabhairt do bhreithniúcháin ar conas an clár a chur i bhfeidhm tar éis 2021.

## Caighdeán Eorpach ar Chumarsáidí in Iompar

Tá CEUD ag cuidiú le forbairt chaighdeán Eorpach dar teideal ‘Seirbhísí Iompair- cumarsáidí an chustaiméara do sheirbhísí iompair paisinéara- cur chuige Dearaidh Uilíoch’. Beidh an caighdeán seo bunaithe ar an gcaighdeán roimhe ina raibh baint ag CEUD le NSAI ag leibhéal náisiúnta ag clúdú na earnálacha fónais amhail leictreachas, gás agus uisce. Tá béim ar chumarsáidí ó bhéal/ comharthaíocht, scríofa agus digiteacha trí chur chuige Dearaidh Uilíoch. D’éascaigh CEUD cruinnithe do gheallshealbhóirí iompair na hÉireann chun cuidiú a chur chun cinn is a éascú ó gheallshealbhóirí ó dhreacht ar chaighdeán Eorpach le linn comhairleoireachta poiblí.



**Leanúint ag cur feasachta chun cinn agus tuiscint ar Dhearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide trí chur chun cinn agus rannpháirtíocht i nduaiseanna, ceardlanna agus comhdhálacha**

## **Treoirínite Dearaidh Uilíoch a chur i bhfeidhm don Luathfhoghlaim agus Cúram**

Is aidhm leis an tionscadal seo tuiscint agus glacacht a chur chun cinn do Threoirínite Dearaidh Uilíoch don Luathfhoghlaim agus Cúram, forbartha ag NDA CEUD in 2019 i dteannta leis an Roinn Páistí agus Cúrsaí Óige, agus tá siad ceannródaíoch go domhanda san earnáil sin.

Beidh maoiniú ag an tionscadal seo ó **Chiste Cuntais Díomhaoin (DAF)**. Sheol an Roinn Páistí agus Cúrsaí Óige aighneacht rathúil don tionscadal trí bhliana faoin DAF.

Is deis uathúil í an chomhoibríocht sin le Roinn an Rialtais chun gur féidir le CEUD tionchar a imirt ar ghlacacht Dearaidh Uilíoch in earnáil an-tábhachtach Luathfhoghlama agus Cúraim. Is í seo an deis is mó dá leithéid a raibh ag CEUD riamh; chun treoirínite UD a scaipeadh agus a leabú go náisiúnta. Bhí an obair measta in 2020 agus ineachadta comhaontaithe do 2021 mar a leanas:

1. Suíomh gréasáin- a chuidíonn le feasacht a thógáil
2. Cúrsaí agus ardán r-fhoghlama- a chuidíonn le acmhainn a thógáil
3. Straitéis agus feachtas cumarsáide chun úsáid na ineachadta thuas a scaipeadh is a chur chun cinn.

## **For-rochtain agus aoi-léachtaí le Institiúidí Ardoideachais**

A thuilleadh idirghníomhaíochta a dhéanamh le Institiúidí Ardoideachais (HEIs) agus obair CEUD a chur chun cinn san earnáil seo agus Mór-dhúshlán Dearaidh Uilíoch, d'fhreagair an tlonad le go leor cuiridh chun aoi-léachtóirí a sholáthar agus dul ar cuairt le ranna agus scoileanna.

Thug Ionad Chorcaigh um Oideachas Ailtireachta cuireadh don ionad i gcomhair cuairte lae chun léachtaí a sholáthar do mhic léinn 2ú, 3ú agus 4ú bhliain agus casadh le ceannaire na scoile agus gach foireann. Rinne an tlonad cur i láthair do os cionn 100 mac léinn, taighdeoirí agus foireann ó dhearadh tionsclaíoch, dearadh táirge agus teicneolaíocht ailtireachta in IT Cheatharlaigh. Cur i láthair tugtha do mhic léinn eolaíochta ríomhaireachta bhliain deiridh i gColáiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, le dearcadh ar Dhearadh Uilíoch a chorprú ina modúl deiridh, bunaithe ar dhúshlán. Thug Scoil Ailtireachta TU Bhaile Átha Cliath cuireadh don Ionad casadh le agus cur i láthair a dhéanamh do gach mac léinn Ailtireachta Intí 4ú bhliana. Ritheann Peter McVerry Trust dioplóma inmheánach ar chúram sóisialta dá fhoireann agus rinne an tlonad cur i láthair ar a chuid oibre tithíochta, cumarsáidí le custaiméirí agus foráil seirbhíse.

Thug CEUD cuairt ar Griffith College chun athbhreithniú a thabhairt ar chur i láthair bhliana deiridh mhic léinn Ailtireachta Intí. Is athleanúint é sin ar chúpla cur i láthair roimhe seo ó na mic léinn sin ar Dhearadh Uilíoch agus an Timpeallacht Thógtha. Ba bhuaiteoir é mac léinn Griffith College le UDGC 2019 catagóir Timpeallachta Tógtha.

### **Tithe Dearaidh Uilíoch, Sarsfield House, Baile Formaid**

Fuair CEUD cuireadh ag Rannóg Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun comhairle a thabhairt ar Thithe Dearaidh Uilíoch in Sarsfield House, Baile Formaid. D'fhreastail CEUD ar chruinniú chun tithe UD ilghlúine a phlé ag an suíomh seo. Tá an páirc 3.8 acra taobh le Bóthar Sarsfield i mBaile Formaid Íochtarach ar léas faoi láthair ag The Sons of Divine Providence (TSDP) ar shocrúchán léasa fadtréimhseach ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Socraíodh Grúpa Oibre in 2019 chun dearadh tithíochta ilghlúine a phlé do dhaoine níos sine ó chur chuige UD agus chun aiseolas geallshealbhóirí a sholáthar d'fhoireann Ailtirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Lean an obair in 2020 le comhairle soláthraithe ag foireann CEUD.

### **Seoladh Tacair Uirlisí Cumarsáidí le Custaiméirí nuashonraithe**

Seoladh Tacar Uirlisí Cumarsáidí le Custaiméirí nuashonraithe don Seirbhís Phoiblí- Cur Chuige Dearaidh Uilíoch seolta ag Patrick O'Donovan TD, An tAire Stáit ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) le Freagracht Speisialta i gcomhair Soláthair Poiblí, Rialtais Oscailte, agus ríomh-Rialtas. Bhí an seoladh reachtáilte ar an 11 Nollag 2019 mar chuid de Chomhdháil Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, a tharla ag Farmeleigh House. Chomhoibrigh CEUD leis an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) ar thionscadal chun an Tacar Uirlisí a nuashonrú agus a athsheoladh chun athruithe le déanaí a léiriú i reachtaíocht agus téarmaíocht ghaolmhar.

Críochnaíodh an Tacar Uirlisí athbhreithnithe in 2020 le cinntiú go mbeadh sé inrochtana go hiomlán agus liostaithe sna Ceantanna faoi réir Ár Seirbhíse Poiblí 2020, agus tá sé fós ailínithe le obair na Gníomhaireachta Náisiúnta um Inniúlacht Fhásta.

D'éirigh go hiontach le Tacar Uirlisí Bunúsach Cumarsáidí le Custaiméirí NDA-DPER 2017- Cur Chuige Dearaidh Uilíoch, le aisfhriotal agus tionchar thar raoin leathan comhlachtaí poiblí. Mar chuid de phriontáil roinnte rite ag DPER, tá 500 cóip ag NDA-CEUD den Tacar Uirlisí nuashonraithe le úsáid i gceardlanna agus seiminéir agus óstáiltear an Tacar Uirlisí athbhreithnithe ar shuíomhanna gréasáin DPER agus UD i gcomhair scaipthe níos leithne.

### **Máistreacht S.A.M i dTeiripe Gairme ar cuairt ar NDA**

Thug 15 mac léinn ó University of Tennessee ag Wesleyan cuairt ar an NDA i mí Feabhra 2020. Bhí an cuairt mar chuid de ghníomhaíocht chúrsa Teiripe Gairme le eagraíochtaí a bhaineann le míchumas i Sasana agus in Éirinn. Fuair an grúpa ar cuairt forléargas ar fheidhmeanna agus foilseacháin an NDA agus CEUD.

### **Dámhachtainí Ailtireachta Bliantúla RIAI - Ag Tógáil do Chách - catagóir Dearaidh Uilíoch**

Ó 2013, thacaigh an tIonad Sármaithis i nDearadh Uilíoch (CEUD) ag an Údarás Míchumais Náisiúnta (NDA) le Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) catagóir Dearaidh Uilíoch mar chuid dá dhámhachtainí ailtireachta bliantúla. Is aidhm leis an nduais sármaithias a chur chun cinn i nDearadh Uilíoch i measc an phroifisiún ailtire in Éirinn. Mar chuid dá thacaíocht don duais, tugann CEUD cuireadh d'ailtire náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheith mar chathaoirleach leis an ngiúiré don duais. In 2020, bhí Jim Harrison le bheith mar chathaoir giúiré, saineolaí aitheanta go hidirnáisiúnta ó chur chuige Dearaidh Uilíoch.

I ngeall ar theorainneacha COVID-19 (go náisiúnta agus idirnáisiúnta araon), chuir RIAI stad le

gach cuairteanna suímh do thionscadail sa ghearrliosta i gcomhair gach Duaiseanna Ailtireachta. Rinne RIAI cinneadh catagóir Dearaidh Uilíoch a iarchur go dtí 2020 agus d'aontaigh sé go mbeadh iarratasóirí gearrliostaithe mar chuid de chlár duaiseanna 2021RIAI. Tá NDA CEUD ag tnúth le comhoibríocht leanúnach a dhéanah leis an RIAI in 2021.

### **Caighdeán Éireannach NSAI SWIFT-19 Maisc Bactha**

Caighdeán nua na hÉireann, I.S. SWiFT-19: Fuair “Maisc Bactha do Thomhaltóirí- Riachtanais” 2020 faomhadh i gcomhair foilseacháin ag Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Bhí forbairt chaighdeán nua mar fhreagra do, agus i gcomhoibríocht le, iarratas ón gComórtas agus Coimisiún um Chosaint Thomhaltóirí (CCPC). Chuidigh Ionad Sármaithis i nDearadh Uilíoch NDA (CEUD) ar an gcoiste chun Dearadh Uilíoch a chomhtháthú maidir le riachtanais raoin éagsúil úsáideoirí, lena n-áirítear daoine le míchumais.

San am céanna leis an obair seo, forbraíodh sonraíocht Eorpach in [CEN](#) (Coiste Eorpach um Chaighdeánú). Foilseachán nua Eorpach (Comhaontú Ceardlainne CEN) S.R. CWA 17553:2020 (Clúdaigh aghaidhe pobail- Treoraí do bhunriachtanais, modhanna tástála agus úsáide) foilsithe in 2020.

Tháinig an NDA leis an CEN-CENELEC TC 248 WG38 ar thionscadal caighdeán chun Sonraíocht Theicniúil Eorpach (TS) a fhorbairt maidir le riachtanais do Chlúdaigh Aghaidhe Pobail. Táthar ag súil go mbeidh an TS foilsithe in 2021.

### **Caighdeán Eorpach um Theicneolaíochtaí Maireachtála Neamhspleách Inrochtaineachta**

Is ball choiste caighdeán Eorpaigh é ionadaí ón NDA maidir le Inrochtaineacht do tháirgí príomhshrutha agus seirbhísí do Theicneolaíochtaí Maireachtála Neamhspleách. ~Is béim leis an gcaighdeán breathnú ar coinbhéirseachta teicneolaíochtaí phríomhshrutha agus teicneolaíochta chúnata agus riachtanais is gá a fhorbairt le cinntiú go bhfuil siad inrochtana do dhaoine le míchumais. Táthar ag súil go mbeidh an caighdeán nua seo críochnaithe ag deireadh 2022.

### **Caighdeán Idirnáisiúnta um Bhainistíocht Nuálaíochta**

Is ball le Coiste Teicniúil TC 45 Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) é ionadaí ón NDA. Léiríonn TC 45 forbairt sraithe Eagraíochta Caighdeán Idirnáisiúnta (ISO) 56000 ar Bhainistíocht Nuálaíochta. Tá baill áirithe Éireannacha an choiste gníomhach freisin le nuálaíocht a chomhtháthú i bhfiontar agus sa tseirbhís phoiblí ag úsáid measúnaithe chárta scór nuálaíochta agus tionscnaíochtaí oiliúna gaolmhara.

Tá an NDA ag cuidiú le inneachar sna caighdeán maidir le inrochtaineacht i ndiaidh cur chuige Dearaidh Uilíoch. Táthar ag cur tús le tras- chomhoibríocht idir nuálaíocht agus inrochtaineacht bunaithe ar ailíniú leis an gCaighdeán Eorpach nua, ‘I.S. EN 17161:2019 Dearadh do Chách- Inrochtaineacht i ndiaidh cur chuige Dearaidh do Chách i dtáirgí agus seirbhísí- Ag fairsingiú raoin úsáideoirí’.

### **Cur i láthair leis an nGrúpa Comhairleach Straitéisigh ar Inrochtaineacht (SAGA)**

Rinne CEUD cur i láthair leis an nGrúpa Comhairleach Straitéisigh ar Inrochtaineacht (SAGA) maidir

le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm chaighdeán próisis Dearaidh Uilíoch na hEorpa EN 17161:2019 Inrochtaineacht i ndiaidh Dearaidh do Chách i dtáirgí agus seirbhís- Raon úsáideoirí a fhairsingiú. Mar bhall SAGA bhí freastal fíorúil ar chruinniú leath-bhliantúil sa Bhruiséil ag Oifig Chaighdeán na hEorpa. Tá ballraíocht ag SAGA ó Chomhlachtaí Caighdeán Náisiúnta Eorpacha chomh maith le grúpaí ionadaíochta do mhíchumas, tomhaltóirí, daoine níos sine agus Coimisiún an AE. Chuir an cur i láthair béim ar thrialacha chur i bhfeidhm leanúnacha do 17161 agus pleanáil i gcomhair ceardlainne Eorpaigh in 2021 do bhallstáit chun a léiriú conas atá siad ag úsáid an chaighdeán.

### **An Ghníomhaireacht Thithíochta - Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) CPD maidir le Tithíocht Nuálaíoch do Chách**

Rinne ball CEUD cur i láthair ar Thithe Dearaidh Uilíoch mar chuid de shraith 3 sheiminéir gréasáin ag breathnú ar ‘Thithíocht Nuálaíoch do Chách’ eagraithe ag an nGníomhaireacht Thithíochta, i gcomhpháirtíocht leis an RIAI. Bhí ‘Tithe Dearaidh Uilíoch ó UD go UD++’ mar theideal leis an gcur i láthair. Áirítear leis na príomh-theachtaireachtaí gur dearadh maith é an Dearadh Uilíoch agus gur chóir tithe tógtha le Dearadh Uilíoch a chur in áit tosaíochta toisc go seasfaidh siad an aimsir le bheith inrochtana do dhaoine ar feadh na saolré. Bhí freastal maith ar an seiminéar gréasáin agus an tsraith féin agus bhí aiseolas dearfach ann dóibh.

### **Coiste Stiúrtha um fhorbairt seirbhíse ISL cianda**

Tugadh cuireadh do CEUD páirt a ghlacadh i nGrúpa Stiúrtha agus comhairle a thabhairt ar fhorbairt go leor tonscadail roinnte ag Bord Faisnéise do Shaoránaithe (CIB) agus Seirbhís Ateangaireachta Theanga Comharthaíochta (SLIS). Áirítear leis sin forbairt leanúnach agus fairsingiú IRIS (Seirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann). D’éirigh le CIB maoiniú a fháil faoin Roinn Caiteachais Poiblí agus Ciste Nuálaíochta chun Aip a fhorbairt, mar aon le ardán agus taifead ateangairí ISL chun inrochtaineacht ar sheirbhísí ISL a fheabhsú don phobal bodhar agus chun seirbhísí phoiblí a thacú chun seirbhísí inrochtana a sholáthar a mbeidh mar chuid d’obair an Ghrúpa Stiúrtha.

### **Duaiseanna Institiúide Dearthóirí na hÉireann (IDI)**

Lean CEUD a chomhpháirtíocht fadtréimhseach le Institiúid Dearthóirí na hÉireann (IDI) chun Dearadh Uilíoch a chur chun cinn sa phobal dearaidh. Tugann CEUD breithiúnas sa chatagóir Dearaidh Uilíoch le Duaiseanna IDI agus Duaiseanna Dearaidh Céimithe IDI gach bliain. In 2020, bhí Duaiseanna IDI agus Duaiseanna Dearaidh do Chéimithe IDI i mí na Samhna. Buaiteoir i gcatagóir Dearaidh Uilíoch i nDuaiseanna IDI ná Nokia Bell Labs as a dhearadh stalla idirghníomhaigh ag Taispeántas Eolaire Óg agus Teicneolaíochta BT. Buaiteoir i gcatagóir Dearaidh Uilíoch i nDuaiseanna Dearaidh do Chéimithe IDI ná Aoife Taaffe ó Institiúid

Teicneolaíochta Chorcaigh i gcomhair ‘Céimeanna Speisialta’, aip a chuidíonn chun feabhas a chur ar inniúlacht dhigiteach agus leithlisiú sóisialta a laghdú do dhaoine fásta níos sine.

Fuair CEUD cuireadh freisin chun teacht i bpáinéal breithimh i gcomhair catagóir Duaiseanna IDI nua dar teideal “Design for Good”, bunaithe chun freastal ar fhás dearaidh ar dea-chúis. Téann an duais do thionscadal dearaidh a théann i ngleic le riachtanas ar mhaithe le domhain níos fearr a chruthú. Ba iad buaiteoirí i gcatagóir Dearaidh ar Dea-Chúis ná Big Life Fix agus Creatives against Covid-19.

**Leanúint linn ag tógáil gréasáin Seaimpíní Dearaidh Uilíoch ar feadh go leor réimsí an tionscail, an rialtais, oideachais agus an phobail chun an bunchar faisnéise dea-chleachta a shíneadh i nDearadh Uilíoch**

### **Cur i Láthair ar Thacar Uirisí Chumarsáidí le Custaiméirí ag Comhdháil QCS DPER**

Rinne CEUD cur i láthair ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe (DPER) ag casadh le Gréasán Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCSN) ar an 1 Aibreán. Áirítear leis an QCSN baill ó gach áit timpeall na seirbhíse sibhialta agus poiblí, agus tá sé éascaithe ag an Oifig Athchóirithe agus Seachadta ag DPER. Rinne CEUD cur i láthair ar Thacar Uirlisí Chumarsáidí le Custaiméirí Nuashonraithe, an caighdeán nua IS EN 17161 ‘Dearadh do chách’, agus soláthar faoi réir treorach inrochtaineachta an ghréasáin Eorpaigh.

**Leanúint linn ag cur chun cinn glacachta Dearaidh Uilíoch i gcleachta i réimsí táirgí, seirbhísí, agus Teicneolaíochtaí Chumarsáide Faisnéise**

### **Clár oideachais nua dar teideal The BIG IDEA**

Shínigh CEUD a chomhpháirtíocht fadtréimhseach le Institiúid Dearthóirí na hÉireann (IDI) chun comhoibriú ar chomh-fhorbairt an chlár BIG IDEA do mhic léinn Idirbhliana (YT) a ghlacfaidh agus a bhainfidh úsáid as codanna curaclaim Dearaidh Uilíoch 2ú Leibhéil CEUD. Tá éiteas dearaidh cruthaithigh, téamaí sóisialta agus torthaí foghlama molta don chlár oideachais BIG IDEA an-oiriúnach do Dhearadh Uilíoch.

Cuimsíonn an clár BIG IDEA ceardlanna do scoileanna mar chuid de ranganna TY, rannpháirtíocht phobail agus an tionscail agus comhpháirt sárthaispeántais/comórtais. Tá struchtúr agus oibriúchán an chlár Big Idea don 2ú Leibhéal cosúil le tionscnaíochtaí oideachais rathúla CEUD le Éachtaí Sóisearacha don Bhunleibhéal agus Dúshlán Deontais Dearaidh Uilíoch don 3ú Leibhéal. Tháinig feabhas ar chomhtháthú rathúil curaclaim Dearaidh Uilíoch isteach in BIG IDEA toisc gurb é príomh-chomhairleoir le BIG IDEA an t-oideoir céanna a d’oibrigh ar fhorbairt churaclaim Dearaidh Uilíoch don 2ú Leibhéal. Mar athleanúint do Dhearadh Uilíoch i gcomhair oibre tionscadail churaclaim 2ú Leibhéil, aithnítear gur féidir le tráthúlacht an tionscadail IDI BIG IDEA cur le tús áite churaclaim Dearaidh Uilíoch go han-mhaith i scoileanna agus i measc múinteoirí. Anuas air sin, tá na seirbhísí tionscnaíochta chun feasacht a ardú ar Dhearadh Uilíoch (UD) i measc gréasáin leathain gairmithe IDI cleamhnaithe leis an gclár The Big Idea.

### **Cruinniú an Ghréasáin Dearaidh Seirbhíse**

Tháinig CEUD i gcruinniú [Áras na hÉireann \(brainse\) le Gréasán Dearaidh Seirbhíse \(SDN\)](#) in Q3 2020. Is institiúid neamhbhrabúis domhanda é SDN le dearthóirí seirbhíse. Cuimsíonn Áras na hÉireann an SDN dearthóirí seirbhíse a oibríonn le custaiméirí sna earnálacha poiblí agus príobháideacha, agus is aidhm leis luach an dearaidh seirbhíse a chur chun cinn in Éirinn. Ag an gcruinniú, labhair CEUD maidir lena aidhmeanna, lena chuid oibre, agus caighdeán Eorpach EN 17161:2019 ‘Dearadh do Chách- Inrochtaineacht i ndiaidh cur chuige Dearaidh do Chách i dtáirgí agus seirbhísí- Ag fairsingiú raoin úsáideoirí’ agus conas a d’fhéadfaí é sin a úsáid i ndearadh seirbhísí.

### **Forbairt Dearaidh Uilíoch do Threoirlínte Foghlama i gcomhair FET**

Ghlac NDA páirt i gCoiste Comhairleach Náisiúnta SOLAS ar Dhearadh Uilíoch i gcomhair Foghlama don Bhreisoideachas agus Oiliúint (NAC- UDL) agus ar a Fo-Choiste. Choimisiúnaigh an tAonad Ionchuimsithe Gníomhaigh SOLAS, i gcomhoibríocht le ETBI, taighde ó AHEAD chun taighde a dhéanamh ar thimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha ag úsáid Dearaidh Uilíoch i gcomhair creata Foghlama (UDL). Baineann aschur ginearálta na hoibre le Treoirlínte a fhoilsiú ar UDL i gcomhair FET. Thug CEUD comhairle i gcomhair bunaíochta Fo-Choiste chun rannpháirtíocht agus follasacht a fheabhsú i bhforbairt na dTreoirlínte. Bhí grúpa oibre déanta le seaimpíní oideachais inmheánacha agus cúpla ceann seachtrach UD óstáilte ag CEUD chun tráchtanna forleathan a ullmhú ar go leor dréachtaí na dTreoirlínte. Dullmhaigh CEUD Páipéar Polasaithe ar Dhearadh Uilíoch i gcomhair Oideachais comhtháite i dTreoirlínte UDL. Féach ar:

<http://universaldesign.ie/awards/education/universal%20design%20in%20education%20and%20training%20%E2%80%93%20policy%20landscape%20in%20ireland.pdf> molann SOLAS go seolfar na treoirlínte ag tús 2021.

### **Inrochtaineacht agus Soláthair Poiblí ICT**

Rinne CEUD cur i láthair ag comhrá comhstádais ar “Inrochtaineacht agus Soláthair Poiblí ICT” eagraithe ag G3ICT agus Fóram Míchumais na hEorpa ar an 16ú Iúil i gcomair ballstát an AE. Ó Eanáir 2016, tá oibleagáid ag Éirinn faoi Threoir an AE maidir le Soláthar Poiblí lena n-áirítear riachtanais sonracha ar inrochtaineacht thagartha do dhaoine le míchumais i dtairiscintí. D’ainneoin sin, ní chuirtear critéir inrochtaineachta go forleathan nó comhleanúnach i soláthair ICT poiblí. Rinne CEUD cur i láthair maidir lena thaithí forbartha agus fógartha acmhainní inrochtaineachta ICT agus caighdeáin le comhlachtaí an earnála phoiblí.

### **Oiliúint CPD ar Dhearadh Uilíoch do Ghairmithe IT**

D’fhorbair CEUD i dteannta le Cumann Ríomhairí na hÉireann agus sheachadadh sé an chéad cheann i sraith cúrsaí ar Dhearadh Uilíoch do Ghairmithe IT. Rinneadh oiliúint ar “Inneachar Digiteach Inrochtana” amhail Word, PDF agus PowerPoint a sheachadadh do 200 rannpháirtí in 2020. I ngeall ar an ngéarchéim COVID-19, rinneadh athdhearadh ar an gcúrsa le seachadadh go heisiach ar líne, rud a d’éascraigh i sábhálacha costais áirithe ach freisin an gá chun méideanna ranga fíorúil a choinneáil beag. Leanann an cúrsa seo á ofráil don fhoireann ón earnáil príobháideach agus poiblí. Táthar ag forbairt dara chúrsa, “Tús Áite don Inrochtaineacht Ghréasáin” á fhorbairt agus beidh tús lena sheachadadh in 2021. Tá a thuilleadh sonraí ar fáil anseo: <https://www.ics.ie/events/accessible-digital-content-1990>


### **Cur i Láthair ag Gréasán Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí**

Rinne CEUD cur i láthair do Ghréasán Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, gréasán seirbhíse poiblí éascaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, ag a sheiminéar ar líne ar an 16ú Mheán Fómhair. Ba theideal leis an gcur i láthair ‘Cur Chuige Dearaidh Uilíoch ar Inrochtaineacht i Seirbhísí do Chustaiméirí’, agus chluadaigh sé Dearadh Uilíoch seirbhísí, cumarsáidí le custaiméirí agus dearadh ICT. An cuspóir a bhí ann ná faisnéis a thabhairt do ghréasán thacar uirlisí athbhreithnithe agus nuashonraithe lena n-áirítear teanga comharthaíocht mar phríomh-thuilleadh. Tá an gréasán seo déanta suas go háirithe le foireann líne tosaigh ar feadh an earnála phoiblí arbh iad na príomh-dhaoine a chuir na leagaineacha thacar uirlisí a tháinig roimhe.

### **AI Anseo i gcomhair Dea-straitéise**

Thug an NDA faisnéis ar dhréacht ar straitéis AI (Intleachta Saorga) an rialtais, “AI Here for Good”, á fhorbairt ag an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta. Príomh-mholadh soláthraithe ná an gá i gcomhair aon tacair sonraí in úsáid mar bhunús le feidhmchláir AI, amhail foghlaim innill agus próiseáil teanga nádúrtha, chun raon leathan cumais agus míchumais i sochaí na hÉireann a léiriú go hiomlán. Ba chóir dearadh uilíoch a thabhairt do gach comheadain le feidhmchláir AI, go háirithe i seirbhísí phoiblí.

# Tosaíocht Straitéiseach 5





## Tosaíocht Straitéiseach 5:

**“Leanúint de bheith mar eagraíocht éifeachtach onghníomhach, tiomanta le seachadadh ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus cumarsáid ar ár gcuid oibre”.**

Tá an tÚdarás Míchumais Náisiúnta tiomanta chun an caighdeán is airde rialachais corparáidigh a bhaint amach laistigh na heagraíochta. Bhí leanúnachas forbartha ar chultúr a thacaíonn agus a thiomáineann ardchaighdeán lárnach don chlár oibre déanta ag an Údarás agus Feidhmeannach in 2020.

Faigheann an creat rialachais agus rialaithe ginearálta laistigh Údaráis Míchumais Náisiúnta treoraíocht ó chomhréireacht le Acht NDA 1999 agus forálacha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016). Le linn 2020, i ngeall ar an riachtanas don fhoireann chun oibriú go cianda i gcomhréir le treoraíocht sláinte poiblí, cuireadh béim ar leith ar athbhreithniú agus monatóireacht a thabhairt don timpeallacht rialaithe ag oibriú sa NDA, a dhíríonn go sonrach ar bhearta bainistíochta airgeadais agus sonraí i bhfeidhm.

Bunaíodh Comhaontú Chreat Maoirseachta agus Feidhmíochta idir an Údarás Míchumais Náisiúnta agus an Roinn Ceartais agus Comhionannais don tréimhse 2020. Thug an Comhaontú seo sonraíocht agus soiléire do róil agus freagrachtaí an NDA agus na Roinne Cirt agus Comhionannais mar aon le mionsonraí ar na aidhmeanna agus tosaíochtaí ardleibhéil, chomh maith leis an bpríomh-chlár gníomhaíochta a bhfuil an NDA tiomanta dó i gcomhair 2020. Luaigh an Comhaontú tiomantas an NDA ar chomhréireacht leanúnach le riachtanais ábhartha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016).

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d’aistrigh an Rialtas go leor feidhmeanna ábhartha agus gníomhaireachtaí ón Roinn Cirt go dtí an Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige (DCEDIY), lena n-áirítear an tÚdarás Míchumais Náisiúnta, de réir luaite in Ordú Míchumais, Comhionannais, Cearta Daonna, Comhtháite agus Glacachta (Aistriú ó Riarachán na Roinne agus Feidhmeanna na hAireachta) 2020 (S.I. Uimh 436/2020). I bhfianaise an aistrithe seo, gheall DCEDIY Seirbhísí Roinnte Airgeadais agus seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh a sholáthar don NDA.

Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha airgeadais (trí chuntais agus nuashonruithe bainistíochta) a thaispeánann mionsonraí ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid chomhaontaithe ag an gCoiste Airgeadais agus an Údarás ar feadh na bliana gach dara mí. Bhí na cuntais bainistíochta roinnte freisin leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar feadh na bliana.

I gcomhréir le Acht an Údaráis Míchumais Náisiúnta 1999, d’ullmhaigh an NDA agus sheol sé dréachtaí ar chuntais airgeadais do 2019 chuig an Ard-reachtair agus Ard-Iniúcháir. Sheol an NDA na cuntais airgeadais faofa agus an Tuarascáil Bliantúil do 2019 chuig an Aire ar an 23 Mheán Fómhair 2020. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin don NDA don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe san UK agus Éirinn eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

## **Iniúchadh Inmheánach**

Lean an NDA ag baint leasa as na seirbhísí neamhspleácha ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh leis an Roinn Cirt agus Comhionannais chun a fheidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanamh le linn 2020, chun monatóireacht a thabhairt ar riosca, agus athbhreithniú ar éifeachtacht shocrúchán an NDA i gcomhair a rialachais, bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh. Rinneadh iniúchadh inmheánach amháin in 2020 a bhain le athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha ag oibriú le linn tréimhse 2019 gan bhuairtí ábhartha aitheanta agus gan rioscaí arda aitheanta. Críochnaíodh tuarascáil ar athbhreithniú ar nósanna imeachta airgeadais ag oibriú sa NDA in Aibreán 2020 le moltaí curtha i bhfeidhm le linn 2020.

## **An tÚdarás 2020**

Comhdhéanann Údarás an NDA Cathaoirleach agus 12 gnáth-bhall. Chas an tÚdarás le chéile 9 n-uair le linn 2020, le 2 lá cruinnithe. I gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí, bhí gach cruinniú reachtáilte go cianda ó Mhárta 2020. Tá sceideal ar fhreastal 2020, táillí agus caiteachais leagtha amach sa Ráiteas Rialachais. D'fhreastail ionadaithe an NDA ar go leor seiminéar soláthraithe ag Fóram Rialachais an IPA ar feadh 2020. Rinne an tÚdarás féin-mheasúnú ar a fheidhmíocht in 2020, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit (2016), ag glacadh san áireamh iarscríbhinn Inscne agus Éagsúlachta foilsithe le déanaí leis an gCód. Rinneadh dul chun cinn ar mholtaí ón bpróiseas measúnaithe roimhe seo (2019) ar feadh na bliana.

## **Bainistíocht ar Rioscaí**

Teastaíonn próisis stuama ó bhainistíocht éifeachtach ar riosca eagraíochtúil chun tacú leis an Údarás agus an bhFeidhmeannach chun aidhmeanna an NDA a bhaint amach agus éifeachtacht na n-oibriúchán a chinntiú. Bunaítear feidhmeanna riosca agus rialaithe i ról an Choiste Iniúchta agus Riosca ceaptha ag an Údarás, a thugann athbhreithniú ar fheidhmíocht, ábhair riosca lena n-áirítear polasaí agus cleachta.

Comhdhéanann Grúpa Comhairleach Bainistíochta ar Rioscaí an NDA grúpa bainistíochta sinsearaigh agus beirt bhall neamhspleách. Soláthraíonn an grúpa fóram chun tacú leis an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaigh maidir lena mbreithniúcháin do chur i bhfeidhm laethúil an chreata bainistíochta ar rioscaí NDA. Bhunaigh an NDA Taifead ar Rioscaí a dtugtar athbhreithniú air i bhfianaise Covid-19 agus faofa ag eatrainmh rialta ag an gCoiste agus Údarás Iniúchta agus Riosca, mar is cuí. Tá Príomhoifigeach Rioscaí ag an Údarás agus d'fhorbair sé is d'fhaomhaigh sé Ráiteas Inghlacthachta Riosca na heagraíochta.

Tugtar breithniúchán don timpeallacht rioscaí agus aon cheisteanna don NDA ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaigh ag eatrainmh rialta agus bíonn riosca i gcónaí sa chlár do gach cruinniú an Údaráis. Cuireadh go leor moltaí feabhsaithe i bhfeidhm ó Athbhreithniú ar Riosca déanta roimhe seo agus bíonn siad faofa ag an Údarás ar fud 2020. Tá breithniúcháin ar rioscaí tógtha i dtionscadal an chórais bainistíochta NDA freisin.

I gcomhréir leis an riachtanais faoi Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit chun na príomh-rioscaí a fhoilsiú, agus ag smaoineamh ar phríomh-thosaíochtaí na heagraíochta, aithníodh a leanas mar rioscaí féideartha a d'fhéadfadh siad droch-thionchar a imirt ar an NDA i 2020:

- 1. Dúshlán i seachadadh ar fheidhmeanna nua laistigh na tréimhsí sonraithe amhail an Treoir**

Inrochtaineachta Gréasáin agus ról monatóireachta méadaithe ceal acmhainní agus saineolas teicniúil.

2. Dúshlán chun go leor acmhainne a chinntiú chun torthaí leanúnacha, ardchaighdeáin, tráthúla a sheachadadh ar fheidhmeanna reachtúla an Ionaid Sármhathis i nDearadh Uilíoch mar fhreagra le éileamh méadaithe sa réimse sin.
3. Dúshlán ar sheachadadh éifeachtacht chlár oibre NDA in 2020 i bhfianaise paindéime COVID-19 agus na tionchair féideartha léirithe.

Le linn 2020, chuir an NDA pleananna agus gníomhartha i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú.

### **Cód Iompair, Eitice in Oifig Phoiblí, Nochtuithe Breise ar Leasanna ag Baill an Údaráis agus Nochtuithe Cosanta**

Don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2020, is féidir leis an NDA a dheimhniú go raibh Cód Iompair don Údarás agus baill na foirne i bhfeidhm agus go raibh daoine ag cloí leis. Anuas air sin, chomhlíon gach ball an Údaráis agus baill ábhartha na foirne lena bhfreagrachtaí reachtúla faoin reachtaíocht Eitice in Oifigí Phoiblí.

Mar chomhlacht phoiblí, iarrtar ar an NDA faoi chuid 22 Achta um Nochtuithe Cosanta 2014, tuarascáil bliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaithe cosanta déanta dó sa bhliain roimhe, agus an gníomh glactha mar fhreagra le aon nochtuithe cosanta dá leithéid sin.

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta chuig an NDA sa tréimhse idir 1 Eanáir 2019 agus 31 Nollaig 2020.

Thug an NDA nuashonrú freisin ar a Pholasáí Frith-Chalaois agus Frith-Thruailliú le linn 2020, faofa ag an Údarás agus ciorclaithe chuig an bhfoireann tar éis.

### **Cosaint Sonraí/Saoirse Faisnéise**

Le linn 2020, lean an NDA clár oibre chun a chomhréireacht a chinntiú le Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (2018) agus a rioscaí gaolmhara maolaithe. Áirítear leis sin nuashonrú agus forbairt ar phríomh-pholasaithe agus nósanna imeachta i bhfianaise an Rialacháin. D'idirbheartaigh an NDA leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (DPC) ar an Rialachán ábhartha don NDA nuair a tháinig sin chun solais le linn 2020. Is ball Ghréasáin DPO DPC freisin é Oifigeach an NDA um Chosaint Sonraí.

Fuair an NDA trí iarratas FOI in 2020. Bhí dhá cheann de na iarratais bronnta go páirteach le atheagraithe agus freagartha laistigh tréimhse reachtúil. Bhí an t-iarratas eile faighte i mí na Nollag 2020 i gcomhair freagra in Eanáir 2021.

### **Dualgas an Earnála Phoiblí**

De réir Achta Choimisiúin Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann (2014), ní mór don NDA measúnú a dhéanamh ar na cearta daonna agus fadhbanna comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir NDA; polasaithe, pleananna agus gníomhartha a shocrú atá i bhfeidhm nó molta le cur i bhfeidhm chun déileáil leis na fadhbanna; agus tuairisciú ar fhorbairtí agus éachtaí an Dualgais Earnála Phoiblí ina thuarascáil bliantúil. Bhí dul chun cinn ar mholtaí déanta trí phróiseas comhairleoireachta le foireann in 2019 le linn 2020 lena n-áirítear

obair tosaigh chun tús a chur le uasghrádú ‘Treoirlínte Ceisteanna’ NDA ó thaobh cearta daonna agus comhionannais.

### Foireann sa NDA

I gcomhréir le cuid 27 Acha an Údaráis Míchumais Náisiúnta 1999, fostaíonn an NDA a chuid foirne. Cuireann an Feidhmeannach, faoi stiúir an Stiúrthóra, an straitéis i bhfeidhm, mar aon le plean oibre bliantúil agus polasaithe an Údaráis Míchumais Náisiúnta ar bhonn laethúil.

Ón 31 Nollag 2020, bhí 34 ball foirne ag an Údarás Míchumais Náisiúnta. Soláthraítear párolla, pinsean agus taisteal agus próiseáil maireachtála an NDA ag Ionad Seirbhíse Roinnte Párolla na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe.

Comhdhéanann trí rannóg an Feidhmeannach:

- Polasaí, Gnóthaí poiblí agus Taighde;
- An tIonad Sármhathis i nDearadh Uilíoch;
- Seirbhísí Chorporáideach.

Cuimsíonn ceannairí an trí rannóg sin, ag tuairisciú don Stiúrthóir, an grúpa bainistíochta sinsearaigh.

#### Bainistíocht Shinsearach ag 31 Nollag 2020

|  |                    |
|--|--------------------|
| Stiúrthóir   | Dr Aideen Hartney  |
| Ceannaire Polasaí, Gnóthaí Poiblí agus Taighde           | Dr Rosalyn Tamming |
| Príomhoifigeach, An tIonad Sármhathis I nDearadh Uilíoch | Dr Ger Craddock    |
| Ceannairí Seirbhísí Corparáideacha                       | Suzanne Lambe      |

### Traenáil agus Forbairt

Lean an NDA le feidhmiú céimneach ar phlean oiliúna agus forbartha don fhoireann le faisnéis ón gCóras Bainistíochta ar Fhorbairt Feidhmíochta (PMDS) agus riachtanais aonair, lena n-áirítear freastal ar sheiminéir, seisiúin oiliúna agus rochtain ar thacaíochtaí cóitseála mar shampla. Seo a leanas sampla de cuid de na deiseanna oiliúna agus forbartha in 2020:

- Rialachas Corparáideach do Chomhlachtaí an Stáit agus an Earnála Phoiblí
- COVID-19- Freagraí Garchabhrach agus oiliúint ionadaithe ceannasaigh oibre
- Oiliúint in Innechar Digiteach
- GDPR agus Rialacháin Taighde Sláinte;
- Measúnuithe DSE
- Seisiún Faisnéisithe um Shaoirse Faisnéise
- Oiliúint ar Nochtuithe Cosanta
- Oiliúint Soláthair
- Cód Caiteachais Poiblí
- Seiminéar Gréasáin ar Inrochtaineacht Ghréasáin- r-Cháipéisí inrochtana a chruthú agus a sheiceáil

- Idirghníomhaíocht le Seiminéar Gréasáin UNI Leeds
- Think Visual- Smaointeoireacht Fhísiúil agus Nótaí

D'fhreastail an fhoireann freisin ar chomhdhálacha ar théamaí ábhartha oibre lena n-áirítear mar shampla:

- Oiliúint Ar Líne d'Inneachar Digiteach Inrochtana
- Cruinniú Sláinte Bliantúil
- Comhdháil Mac Léinn CIPD
- Fóram Rialachais- Cultúr agus Dea-rialachas
- Comhdháil Sheirbhísí Phoiblí 2020- Nuálaíocht: Díriú ar thorthaí
- Comhdháil Bliantúil SEAI ar Fhuinneamh an Earnála Phoiblí 2020
- Comhdháil Polasaithe Poiblí UCD

### Folláine sa Láthair Oibre

Lean an NDA ag obair chun an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur ar fáil don fhoireann le linn 2020. Soláthraíonn an tseirbhís saor in aisce, iontaofa, gairmiúil seo raon tacaíochtaí agus comhairle don fhoireann ar ábhair pearsanta nó bainteach leis an obair, a d'fhéadfadh siad tionchar a imirt ar fholláine duine agus a fheidhmíochta sa láthair oibre.

Rinneadh Measúnú DSE/Eirgeanamaíoch ag gach ball foirne, i ndiaidh gluaiseachta go dtí obair sa bhaile i bhfianaise COVID-19, le moltaí ag eascrú curtha i bhfeidhm.

Sholáthair an NDA r-Fhoghlaim Folláine Fostaithe, éascaithe ag Vhi, do gach ball foirne le linn 2020, sna réimsí seo a leanas:

- Smaointe Maithe a chuireann Feabhas le Folláine
- Solúbthacht a Thógáil
- Oiriúnacht Airgeadais
- Cothú
- Meabhairshláinte Dhearfach

### Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an NDA tiomanta chun láthair oibre sábháilte a choinneáil chun folláine a fhostaithe a chinntiú, agus comhréireacht a chinntiú le gach riachtanais de réir Achta Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine san Obair 2005 (de réir leasaithe). Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta NDA ag tacú le monatóireacht agus treoraíocht ar ábhair Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2020 lena n-áirítear athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an NDA.

Ag freagairt do COVID-19 agus treoraíocht an Rialtais maidir leis sin, tá gach ball foirne an NDA ag obair go cianda ó dheireadh Mhárta 2020.

Bhunaigh an NDA Foireann Freagartha Bainistíochta ar COVID-19 agus cheap sé príomhionadaí na nOibrithe chun cuidiú le cur i bhfeidhm bearta aitheanta ag an Rialtas agus gníomhaireachtaí

ábhartha chun filleadh sábháilte ar an obair a aithint do gach fostaithe trí Phlean Freagartha comhaontaithe COVID-19. Rinneadh athbhreithniú Sláinte agus Sábháilteachta coimisiúnaithe, ag díriú go sonrach ar bhearta smachtaithe COVID-19, leis na moltaí curtha i bhfeidhm le linn 2020 agus 2021.

### **An tAcht um Míchumas, 2005**

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, tá ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisciú a dhéanamh ar an leibhéal daoine faoi mhíchumas a fhostaíonn siad. Ba é céatadán fhostaithe faoi mhíchumas an ÚNM, faoin sainmhíniú san Acht um Míchumas 2005, 20% don bhliain 2020.

Tá na figiúirí seo bunaithe ar Dhaonáireamh Foirne ar tugadh faoi in 2021. Nuashonraítear na sonraí gach bliain, faoi mar is cuí, chun foireann nua nó foireann reatha a bhfuil Athrú ar Stádas acu san áireamh.

Chuaigh an ÚNM i mbun na mbeart réasúnta go léir fostú daoine faoi mhíchumas ag an Údarás a chur chun cinn agus tacú leis. Mar shampla; timpeallacht oibre inrochtana a sholáthar, Measúnuithe Stáisiún Oibre san áireamh, agus tugadh faoi mheasúnuithe breise cianda stáisiún oibre agus eirgeanamaíochta in 2020.

### **Straitéis Chumarsáide**

Ar feadh na bliana d'oibrigh an tÚdarás Míchumais Náisiúnta le conraitheoir seachtrach chun Straitéis Chumarsáide nua a fhorbairt. Bhí comhairliú le go leor geallshealbhóirí lena n-áirítear daoine le míchumas, oifigigh na roinne agus baill an Bhoird NDA, ar a dtaithe cumarsáide leis an Údarás Míchumais Náisiúnta. Ina dhiaidh sin, rinne ár gconraitheoirí dréacht ar go leor cáipéisí forbartha i Straitéis Chumarsáide ardleibhéal, agus Plean Chur i bhFeidhm gaolmhar. Beidh treoir/prótacal i bhfeidhm ag gach gníomhaíocht mholta, nó a bhfuil tiomantas dóibh, do gach ball foirne ionas gur féidir leo an próiseas riachtanach a leanúint go héasca. Beidh tacaíocht ag an gcur i bhfeidhm ag Plean Gníomhaíochta Cumarsáidí agus Grúpa Comhairleach Cumarsáidí inmheánach.

Chun a thuilleadh tacaíochta a thabhairt don Straitéis Chumarsáide, chruthaigh an tÚdarás Míchumais Náisiúnta cuntas Twitter (@NDAIreland) chun a chomhairle polasaithe agus taighde a roinnt, comhairliúcháin agus folúntais a phoibliú agus béim a chur ar cháipéisí ón chartlann ina shuíomh gréasáin. Tá cuntas Twitter nua ag an Ionad Sármaithis i nDearadh Uilíoch (@CEUD\_NDA) a athchuireann an cuntas úsáidte chun Dúshlán Deontais i nDearadh Uilíoch bliantúil a chur chun cinn agus a rith.

### **Acmhainn Leabharlaine agus Faisnéise**

Lean an Leabharlann NDA ag soláthar seirbhíse don fhoireann le cuardaigh litríochta don fhoireann chun tacú le forbairt comhairle bunaithe ar fhianaise an NDA agus le úsáid in athbhreithnithe litríochta agus ailt.

Áirítear le seirbhísí eile don fhoireann soláthraithe ag conraitheoir na Leabharlaine:

- Idirghníomhaíocht le foireann chun freagra feabhsaithe a threorú chun riachtanais a chomhlíonadh;

- Comhoibríocht le foireann chun feabhas a chur ar thionscadail;
- Freagraí ar cheisteanna ón fhoireann agus ón phobal ginearálta.

Tá bailiúcháin forleathan ag an leabharlann ar mhíchumas agus ábhair gaolmhara, ábhair dearaidh uilíoch, chomh maith le leabhair, r-Leabhair, r- Irisí, nuachtlitreacha agus ábhair eile. Cuireadh sos le rochtain poiblí ar an leabharlann in 2020 i ngeall ar COVID-19.

### Forbairt shuíomhanna gréasáin

Iarrtar ón NDA gníomhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2012 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ó 26 Dheireadh Fómhair 2016 (Treoir Inrochtaineachta Gréasáin) ar inrochtaineachta shuíomhanna gréasáin agus feidhmchláir soghluaiste le comhlachtaí poiblí. Iarrtar ar gach comhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a shuíomhanna gréasáin agus aipeanna inrochtana do dhaoine le míchumais.

Bhí an Treoir trasuite isteach i ndlí na hÉireann trí Rialacháin ar an 23 Mheán Fómhair 2020, ag an Roinn Chumarsáidí, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Mar chomhlacht comhairleach reachtúil an rialtais ar ábhair a bhaineann le míchumas agus Dearadh Uilíoch, agus comhlacht mhonatóireachta náisiúnta ainmnithe don Treoir, is tábhachtach go gcloíonn suíomhanna gréasáin an Údarás Míchumais Náisiúnta leis na caighdeáin reatha idirnáisiúnta inrochtaineachta is fearr.

I ndiaidh faofa ag an Roinn Cirt agus an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, i nDeireadh Fómhair 2020, chonraigh an tÚdarás Míchumais Náisiúnta i gcomhair athfhorbartha a dhá shuíomh gréasáin ([nda.ie](http://nda.ie) agus [universaldesign.ie](http://universaldesign.ie)) i gcomhréir le forálacha na Treorach Inrochtana Gréasáin, agus aidhmeanna Straitéise Chumarsáide nua na heagraíochta. . Beidh na suíomhanna gréasáin nua in oibriúchán roimh shamhradh 2021.

### Lóistín agus Áiseanna

Tá Roinn Seirbhísí Chorporáideacha an NDA freagrach as áitribh sábháilte éifeachtacha a choinneáil agus socrúcháin a éascú d'úsáid geallshealbhóra agus inmheánaigh áiseanna NDA i gcomhair cruinnithe agus ócáidí eile sa sceideal.

Thar chúrsa 2020, choimisiúnaigh an NDA obair chun cothabháil agus úsáid a chinntiú dá lóistín. Áirítear leis sin uasghrádú ar bhealaigh éalaithe éigeandála agus feabhas ar inrochtaineacht dorais istigh. Bhí dearadh déanta freisin ar spás páirceála inrochtana do chairr díreach os comhair an fhoirgnimh. Thosaigh an NDA clár oibre lena n-áirítear oibreacha leictreacha, inrochtaineachta agus athchóirithe thar an chéad 3 bhliana eile agus cheap sé Bainisteoir Tionscadail saineolach chun comhairle a thabhairt ar feadh an tionscadail.

Ón 1 Iúil 2015 tá comhaontú léasaithe ag an NDA i bhfeidhm do thionóntaí i gcomhair go leor oifigí, óna bhfuil ioncam fabhráithe mar Leithreasáí i gCabhair don Roinn Cirt agus Comhionannais. Aistríodh ioncam chuig an Roinn mar is cuí in 2020.

## Fuinneamh

Déanann agus coimeádann Foireann Fuinnimh agus Glas NDA taifid don Údarás Míchumais Náisiúnta le Údarás Fuinnimh Inathnuaite na hÉireann.

Tá achar urláir iomlán 2,633 m<sup>2</sup> ag an Údarás Míchumais Náisiúnta a chomhdhéanann Foirgneamh Viteoiriach dhá leibhéal thar ghairdín (x2), foirgneamh naisc críochnaithe in 2006 agus foirgneamh trí urlár agus áiléar críochnaithe ag tús na 1980idí. Is iad príomh-úsáideoirí fuinnimh ná:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsíú, ICT agus Oifigí, Aerchóiriú agus Seirbhísí Ghinearálta;
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamhú Spáis (Ciorcaid radaitheora LTHW agus téamhú faoin urlár) agus Uisce Te (HWS).

Chun cuspóirí fáltais reachtuil a dhéanamh do 2020, bhain 94% d'úsáid fhuinnimh leictreach sna foirgnimh leis an Údarás Míchumais Náisiúnta. Maidir le fuinneamh teirmeach, bhain 82% den ghás nádúrtha úsáidte leis an NDA.

Ón 1ú Iúil 2015, tá an chéad urlár den Fhoirgneamh Dubh léasaithe agus áitrithe ag comhlacht príobháideach. Tá méadar leictreachais ar leithligh ag an gcomhlacht seo, cé nach bhfuil méadar gáis ar leithligh ann.

In 2020, d'ídigh an tÚdarás Míchumais Náisiúnta 247,692 kWh fuinnimh, comhdhéanta le:

- 69,692 kWh leictreachais;
- 178,000 kWh breoslaí iontaise;
- 0 kWh breoslaí inathnuaite.

Is féidir leis an NDA a thuairisciú:

- 50.2% sábháil costais ón mbonnlíne;
- 56.6% níos ísle ídithe ón mbonnlíne.

## Gníomhartha déanta in 2020

In 2020, rinne an NDA pleanáil agus cur i bhfeidhm ar raon tionscnaíochtaí chn feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fhuinnimh, lena n-áirítear:

- Feasacht Fuinnimh Leanúnach

## Bearta pleanáilte i gcomhair 2021

In 2021, is mian leis an NDA a thuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fhuinnimh leis na tionscnaíochtaí seo a leanas:

- Athbhreithniú agus uasghrádú ar insliú



### **Oifigeach Rochtana**

D'fhan Oifigeach Rochtana an NDA, ceaptha i gcomhréir le Acht Míchumais 2005, ar fáil chun treoraíocht a thabhairt ar aon chúnamh a theastaíonn do dhaoine le míchumais a d'úsáid áiseanna, ócáidí agus suíomh gréasáin an NDA in 2020. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh ar an leathanach baile le suíomh gréasáin an NDA.

### **Fiosrúcháin bhaill an Oireachtais**

I gcomhréir le Ciorclán DPER 24/2016, sholáthair an tÚdarás Míchumais Náisiúnta seoladh r-phoist tiomnaithe d'fhiosrúcháin [OireachtasReps@nda.ie](mailto:OireachtasReps@nda.ie) do bhaill an Oireachtais ar mian leo eolas a fháil ar ábhair a bhaineann le saothar an NDA.

**Ráiteas Airgeadais  
don bhliain dár gcríoch  
31st Nollag 2020**





**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**  
**Comptroller and Auditor General**

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- teas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- teas ar ioncam cuimsitheach
- teas ar an staid airgeadais
- teas ar shreafaí airgid, agus
- ótaí Gaolmhara, Achoimre ina measc ar Bheartais Shuntasacha tasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

**Bunús na tuairime**

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

**Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile**

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais.

Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

**Colette Drinan**  
**Le haghaidh agus thar ceann Comptroller and Auditor General**

**An 23 Iúil 2021**

## **Aguisín leis an tuarascáil Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis**

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

## **Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Ginearálta**

Ceanglaítear orm faoi alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus

leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaitníim agus déanaim meas ar rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis; ceapaim agus comhlíonaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na priacail sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh ghaolmhair.
- Bainim tatal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Údaráis a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach.

Má bhainim an tatal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú.

Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo

thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an tÚdarás deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.

Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

#### **Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

#### **Tuairisciú ar cheisteanna eile**

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdarais a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta

# An tÚdarás Náisiúnta Míchumais Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

## **FAISNÉIS GHINEARÁLTA**

**Seoladh:** 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

**Stiúrthóir:** Aideen Hartney (ceaptha ar an 13 Iúil 2020)

Siobhan Barron (éirithe as ar an 24 Iúil 2020)

**Dlíodóirí:** Messrs. Beauchamps, Duga na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí:** Banc na hÉireann, 104 Raghmallach, Baile Átha Cliath 6 Banc na hÉireann,  
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4

**Iniúchóirí:** An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,

3a Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

## Ráiteas Rialachais agus Tuairiscáil Chomhaltaí an Údaráis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

### Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Tá dualgais ar an ÚNM na feidhmeanna atá leagtha amach in alt 8 den Acht a chomhlíonadh, agus féadfar dó cóid chleachtais a chruthú de réir alt 10 den Acht. Bronntar feidhmeanna breise ar an ÚNM faoin Acht um Míchumas, 2005 agus ainmníodh é mar chomhlacht monatóireachta faoi Rialacháin AE (I.R. Uimh. 358 de 2020) maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí- ar a dtugtar an Treoir maidir le hinrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán. Go déanach in 2020, leagadh an dualgas ar an ÚNM tuairiscáil a ullmhú faoi Alt 10 den Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (2017), agus moltar go mbeidh sé seo ina cheann eile de bhuanfheidhmeanna an ÚNM sna blianta atá amach romhainn. Leagfar dualgais eile ar an ÚNM nuair a dhéanfar athbhreithniú agus athmheas ar an ndrúacht-Bhille um Míchumas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2016 lena achtú ag Dáil agus Seanad an lae.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'aistrigh an Rialtas, i gcomhréir leis an Acht um Airí agus Rúnaithe, 1939 roinnt feidhmeanna agus gníomhaireachtaí áirithe ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, mar a leagtar amach san Ordú 2020 um Míchumas, Comhionannas, Cearta an Duine, Imeachadh agus Fáiltiú (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) (I.R. Uimh. 436/2020).

Tá an ÚNM neamhspleách i bhfeidhmiú na feidhmeanna atá sannta air, de réir alt 7 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999. Tá Bord neamhspleách an ÚNM (an tÚdarás) cuntasach don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus tá sé freagrach as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas ann. Is trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach, agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh i dtaca leis na ceisteanna tábhachta gnó go léir a dhéantar é seo.

Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais. Caithfidh an grúpa cloí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an Údarás agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill an Údaráis ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an gcomhlacht, agus ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teach chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir nua, arna cheapadh i mí Iúil 2020 i ndiaidh dheireadh théarma an Stiúrthóra roimhe sin, mar theagmhálaí díreach idir an tÚdarás agus bainistíocht an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Leagtar síos obair agus freagrachtaí an Údaráis san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999 agus san Acht um Míchumas 2005. Tá sceideal foirmiúil ag an Údarás de nithe a choimeádtar go sonrach dó i gcomhair cinnidh lena chinntiú go gcoinnítear treo agus smacht an Údaráis. Áirítear an méid seo a leanas sa sceideal sin:

- fáltais shuntasacha, diúscairtí agus scor sócmhainní an ÚNM;

- infheistíochtaí ollmhóra (níos mó ná €50,000) agus tionscadail chaipitil, conarthaí agus infheistíochtaí;
- leibhéil údaráis tarmligthe agus beartais bainistíochta riosca (mír bhuan);
- Struchtúir agus téarmaí tagartha choiste an Údaráis;
- deimhnithe gur comhlíonadh ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le ceapachán, líon, grádú agus coinníollacha na foirne go léir a cheadú (lena n-áireofar freisin luach saothair agus aoisliúntas);
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a cheadú;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú;
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Stiúrthóra.

Ceanglaítear in Alt 17 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999 gach leabhar cuí cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Údaráis a choimeád i cibé foirm a fhaomhann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Anuas air sin, luaitear in Alt 16 den Acht gur féidir leis an Oireachtas airgead a sholáthar, an tsuim sin a dheonú a cheadaíonn an tAire Aire agus Cirt agus Comhionannais, le comhthoilíú an Aire Airgeadais, i dtreo chostais an Údaráis i dtabhairt faoina fheidhmeanna.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé d'oibriú, agus;
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta sásúil a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis, agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 17 d'Acht ÚNM. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus as iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an ÚNM.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinne an tÚdarás measúnú ar bhonn leanúnach i rith 2020 ar fheidhmiú an phlean agus an bhuiséid bhliantúil. Áirítear leis seo athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta míosúla, tuarascálacha ón gCoiste Airgeadais agus athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ceadaíonn an tÚdarás freisin pleananna oibre bliantúla agus déanann sé athbhreithniú ar dhul chun cinn le linn na bliana. Déanann an grúpa ardbhainistíochta mar aon leis an gCoiste Airgeadais athbhreithniú freisin ar an mbuiséad agus ar fheidhmiú mar atá leagtha amach sna cuntais bhainistíochta míosúla. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na cuntais bhainistíochta míosúla freisin chun críocha faisnéise.

Tá an tÚdarás freagrach as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Is é tuairim an Údaráis go dtugtar léargas fforcheart cóir ar staid chúrsaí na cuideachta sna ráitis airgeadais maidir le hioncam agus le caiteachas an Údaráis Náisiúnta Míchumais amhail ar an 31 Nollaig 2020.

### Struchtúr an Bhoird

Is éard a gcuimsítear leis an Údarás (i.e. Bord ÚNM) ná an Cathaoirleach in éineacht le 12 ghnáthbhall, agus is é an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a cheapann iad go léir. As na 12 ghnáthbhall, roghnaítear duine amháin díobh trí bhallóid na foirne agus is é an tAire a dhéanann iad a cheapadh. Tá duine eile díobh ina oifigeach de chuid an Aire Dlí agus Cirt agus déanann an tAire tríú ball de chuid an Údaráis a cheapadh thar ceann na Roinne Sláinte.

Ceaptar baill an Údaráis ar feadh tréimhse cheithre bliana agus bíonn cruinniú acu uair gach dhá mhí. Ó mhí Márta 2020 ar aghaidh, i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí maidir leis an bpaindéim COVID-19, reáchtáladh cruinnithe uile an bhoird go cianda. Faoi fhorálacha an Achta, is féidir comhaltaí an Údaráis a cheapadh don dara téarma. Sa tábla ag seo thíos, tá mionsonraí faoin tréimhse cheapacháin i ndáil leis na baill reatha le feiceáil:

| Ainm:              | Ról:          | Dáta Ceapacháin    | Dáta Athcheapacháin |
|--------------------|---------------|--------------------|---------------------|
| Helen Guinan       | Cathaoirleach | Iúil 2014*         | Lúnasa 2018         |
| Ruthann LaMalfa    | Comhalta      | Iúil 2014*         | Lúnasa 2018         |
| Teresa McDonnell   | Comhalta      | Iúil 2014*         | Lúnasa 2018         |
| Deaglán O'Briain   | Comhalta      | Mí na Nollag 2014* | Nollaig 2018        |
| Aisling Glynn      | Comhalta      | Meitheamh 2017*    | Lúnasa 2018         |
| Jack Kavanagh      | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Cathal Morgan      | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Kathryn O'Donoghue | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Martha Griffin     | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Deirdre O'Connor   | Comhalta      | Iúil 2014*         | Lúnasa 2018         |
| Damian Gordon      | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Brian Callanan     | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |
| Grainne Collins**  | Comhalta      | Lúnasa 2018        |                     |

\*Baill den Údarás agus an dara téarma á dhéanamh acu faoi láthair.

\*\*Ball den Údarás (ainmní foirne) a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2020. Reáchtáladh próiseas toghcháin foirne maidir leis an ról seo chun ball nua a cheapadh don Údarás mar thoradh ae an éirí as seo. Ceapadh Niamh Fawl go hoifigiúil i mí Eanáir 2021.

Rinne an tÚdarás féinmheasúnú ar a fheidhmiú in 2020 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus an larscríbhinn um Inscne & Eagsúlacht don Chód á cur san áireamh. Cuireadh moltaí ón bpróiseas meastóireachta roimhe sin (2019) ar aghaidh i rith na bliana.

Bhí na ceithre choiste seo a leanas ag an Údarás in 2020:

### 1: Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Ar an gCoiste Iniúcháireachta tá triúr baill de chuid an Údaráis agus ceathrar baill neamhspleách, agus duine díobhsan ina Chathaoirleach ar an gCoiste agus duine eile díobh ina Chathaoirleach ar an gGrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ina chuid de thimpeallacht rialaithe an Údaráis Náisiúnta Míchumais, agus freagracht air as comhairle neamhspleách a sholáthar don Stiúrthóir agus don Údarás, agus as tacú leo ó thaobh a bhfreagrachtaí as cúrsaí a bhaineann le rialú inmheánach, riosca agus rialachas. Go speisialta, déanann an riosca Iniúcháireachta & Riosca moltaí don Údarás agus don Stiúrthóir maidir le cúrsaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- a) Na próisis chuntasáíochta airgeadais agus tuairiscithe bliantúil;
- b) Éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha agus leis an timpeallacht bainistíochta riosca;
- c) Oibríochtaí agus forbairtí fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh;
- d) Éifeachtúlacht an Iniúchta sheachtraigh agus an caidreamh leis; agus
- e) Luach ar airgead agus saincheistean eile a bhaineann leis an rialachas corparáideach.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta don Údarás tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Sa tábla ag seo thíos, tá mionsonraí faoin tréimhse cheapacháin i ndáil leis na baill reatha Coiste Iniúcháireachta & Riosca feiceáil:

| Ainm:              | Ról:          | Dáta Ceapacháin | Dáta Athchheapacháin |
|--------------------|---------------|-----------------|----------------------|
| John Fitzgerald    | Cathaoirleach | Márta 2017      |                      |
| Teresa McDonnell   | Comhalta      | Iúil 2014*      | Lúnasa 2018          |
| Tony Fitzpatrick   | Comhalta      | Meitheamh 2017  |                      |
| Cathal Morgan      | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| Kathryn O'Donoghue | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| Tim Maverley       | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| John Maher         | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |

\*Baill den Choiste Iniúcháireachta & Riosca atá an dara téarma á dhéanamh acu faoi láthair.

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca in 2020 agus rinneadh athbhreithniú ar Chairt an Choiste mí Bealtaine 2020. Is é an leasú is mó a tharla ná an Coiste Iniúcháireachta a athainmniú mar Choiste Iniúcháireachta & Riosca, i ndiaidh moladh a rinneadh le linn Athbhreithnithe ar Riosca coimisiúnaithe a tharla go déanach in 2019. Rinne an tÚdarás féinmheasúnú ar a fheidhmiú in 2020 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus rinne sé monatóireacht a na socruithe leanúnachais gnó arna moladh agus arna gcur i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannas i bhfianaise COVID-19.

## 2. An Coiste Airgeadais

Cuimsítear leis an gCoiste Airgeadais ceathrar comhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Is iad seo a leanas dualgais an Choiste:

- a) an phróifíl chaiteachais bhliantúil a scrúdú agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir leis;
- b) athbhreithniú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm i rith na bliana nuair a cheadaítear an buiséad oibríochta bliantúil;
- c) cuntais bainistíochta an Údaráis a scrúdú ar bhonn rialta go leanúnach;
- d) na cuntais reachtúla bliantúla a chur faoi bhráid an Údaráis lena gceadú i ndiaidh moltaí ón gCoiste Iniúchóireachta;
- e) machnamh a dhéanamh ar thograí ón gCoiste Iniúchóireachta nuair is iomchuí; agus
- f) athbhreithniú a dhéanamh ar fhormaid chuntais an Údaráis.

Sa tábla ag seo thíos, léirítear na mionsonraí maidir le tréimhse cheapacháin bhaill reatha an Choiste Airgeadais:

| Ainm:              | Ról:          | Dáta Ceapacháin | Dáta Athchheapacháin |
|--------------------|---------------|-----------------|----------------------|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Lúnasa 2018     |                      |
| Ruthann LaMalfa    | Comhalta      | Iúil 2014*      | Lúnasa 2018          |
| Pat Fitzsimons     | Comhalta      | Iúil 2014*      | Lúnasa 2018          |
| Harry McGeary      | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| Damian Gordon      | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| Brian Callanan     | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |
| John Maher         | Comhalta      | Lúnasa 2018     |                      |

\*Baill den Choiste Airgeadas agus an dara téarma á dhéanamh acu faoi láthair.

Tá sé mar cheanglas ar an gCoiste Airgeadais ceithre chruinniú ar a laghad a thionól gach bliain, agus caithfidh ceann acu sin a bheith ar chomhchéim leis an moladh i gcomhair fhaomhadh na gcuntas reachtúil bliantúil ón Údarás. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Airgeadais ann in 2020. Rinne an Coiste measúnú ar a fheidhmiú in 2019 i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus an larscríbhinn um Inscne & Éagsúlacht don Chód á cur san áireamh. Cuireadh moltaí ón bpróiseas meastóireachta roimhe sin (2019) ar aghaidh i rith na bliana.

## 3: Coiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra

Cuireadh an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Stiúrthóra (fochoiste den Údarás) i mbun chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a leagan síos ar aon dul le clár oibre an ÚNM mar atá leagtha síos sa Phlean Straitéise agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Ina theannta sin, oibríonn an Coiste ar son an Údaráis, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Stiúrthóra i dtaca le freagrachtaí agus gníomhartha atá comhaontaithe. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus coimeádann sé an Stiúrthóir ar an eolas maidir le tuairimí agus moltaí an Údaráis. Tháinig an Coiste le chéile 2 uaire le linn 2020.

| Ainm:            | Ról:             | Dáta Ceapacháin | Dáta Athcheapacháin |
|------------------|------------------|-----------------|---------------------|
| Helen Guinan     | Cathaoirleach    | Iúil 2014*      | Lúnasa 2018         |
| Deirdre O'Connor | Baill an Údaráis | Iúil 2014*      | Lúnasa 2018         |
| Jack Kavanagh    | Baill an Údaráis | Lúnasa 2018     |                     |

\*Baill de Choiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra agus an dara téarma á dhéanamh acu faoi láthair.

Chuir an tÚdarás tús le pleanáil comharbais do ról Stiúrthóir an ÚNM i Meán Fómhair 2019 agus tháinig sé chun deiridh i mí Iúil 2020 nuair a ceapadh an Stiúrthóir nua, an Dr Aideen Hartney. Rinneadh Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Kathryn O' Donoghue, a chomhthoghadh chun an gCoiste um Fheidhmiú an Stiúrthóra sa dara leath de 2019 chun cabhrú leis an gCoiste i ndáil leis an bpróiseas earcaíochta go sonracha, próiseas arna dhéanamh i gcomhréir le treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le ceapacháin POFanna chun comhlachtaí stáit neamhthráchtála agus nithe a fhorchoimeádtar lena gcinneadh ag an Údarás, agus freagracht an Údaráis maidir le maoirsiú a dhéanamh ar earcú an Stiúrthóra.

#### 4: Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca

Ar leithligh do na Coistí arna gceapadh don Údarás, cuireann Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca bunaithe fóram ar fáil chun tacú leis an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí maidir le breithnithe a bhaineann le cur chun feidhme laethúil an chreata comhaontaithe bainistíochta riosca de chuid an ÚNM. Tá Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca an ÚNM comhdhéanta den ghrúpa bainistíochta sinsearaí agus beirt chomhalta neamhspleácha arna n-ainmniú ón gCoiste Iniúcháireachta & Riosca agus ón gCoiste Airgeadais faoi seach. Tuairiscíonn Stiúrthóir an ÚNM agus an Príomhoifigeach Riosca, ar comhaltaí den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí iad beirt, don Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus don Údarás faoi seach.

Is iad seo a leanas dualgais an Ghrúpa:

- a) Comhairle a thabhairt maidir leis an mbeartas maidir le bainistiú rioscaí ar fud an Údaráis a shainiú agus a athbhreithniú;
- b) Comhairle a thabhairt maidir leis an mbeartas bainistíochta riosca a chur chun feidhme;
- c) Tacaíocht agus comhairle a sholáthar maidir le feasacht ar an mbainistíocht riosca a chur chun cinn agus comhairle a sholáthar maidir le dea-chleachtas chun a chinntiú go bhfuil próiseas cuimsitheach ann chun riosca laistigh den Údarás a shainiú, a mheas, a bhainistiú, a fhaire agus a thuairisciú;
- d) Comhairle a sholáthar maidir le monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar riosca ar fud an Údaráis;
- e) Comhairle a sholáthar maidir le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar rioscaí an Údaráis gach dhá bhliain;
- f) Comhairle a sholáthar maidir le tuarascáil an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus tuarascáil an Údaráis

Sa tábla seo thíos, léirítear na mionsonraí maidir le tréimhse ceapacháin bhaill reatha an Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca.

| Ainm:                         | Ról:          | Dáta Ceapacháin | Dáta Athcheapacháin |
|-------------------------------|---------------|-----------------|---------------------|
| Tim Maverley                  | Cathaoirleach | Lúnasa 2018     |                     |
| Pat Fitzsimons*               | Comhalta      | Iúil 2014*      | Nollaig 2018        |
| Grúpa Bainistíochta Sinsearaí |               |                 |                     |

\*Comhalta den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca atá i mbun an dara téarma faoi láthair.

Tháinig an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca le chéile dhá le linn 2020. Déanann an Grúpa athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár Riosca ar bhonn leanúnach i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Rinne an Grúpa athbhreithniú ar a Théarmaí Tagartha i mí Lúnasa 2020 agus athainmníodh é mar Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca (seachas an Coiste Riosca) i gcomhréir le moladh arna fháil ón Athbhreithniú coimisiúnaithe ar Riosca a rinneadh go déanach in 2019.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal maidir le freastal ar chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí le linn 2020 agus cuirtear na táillí agus speansais a fuair gach comhalta san áireamh ann. Reáchtáladh cruinnithe breise le linn 2020 chun Stiúrthóir nua a cheapadh go foirmiúil agus chun breithniú a dhéanamh ar fheidhm mhonatóireachta faoin Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017. Ní íoctar táillí le cúigear comhaltaí an Údaráis mar thoradh ar an bprionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin” (OPOS):

| Comhaltaí an Údaráis                   | Dáta Ceapacháin          | Táillí an Údaráis | Costais Tabhaithe Costais | Cruinnithe ar a bhfreastalaíodh |
|--|--------------------------|-------------------|---------------------------|---------------------------------|
| <b>Helen Guinan</b><br>(Cathaoirleach) | Athcheaptha Lúnasa 2018  | 8,978             | 1,385                     | 9/9                             |
| Aisling Glynn                          | Athcheaptha Lúnasa 2018  | 5,985             | -                         | 8/9                             |
| Ruthann LaMalfa                        | Athcheaptha Lúnasa 2018  | 5,985             | -                         | 7/9                             |
| Teresa McDonnell                       | Athcheaptha Lúnasa 2018  | 5,985             | 45                        | 9/9                             |
| Deaglán OBriain                        | Athcheaptha Nollaig 2018 | -                 | -                         | 8/9                             |
| Deirdre O'Connor                       | Athcheaptha Lúnasa 2018  | 5,985             | -                         | 9/9                             |
| Jack Kavanagh                          | Ceaptha Lúnasa 2018      | 5,985             | -                         | 8/9                             |
| Cathal Morgan                          | Ceaptha Lúnasa 2018      | -                 | -                         | 8/9                             |
| Kathryn O'Donoghue                     | Ceaptha Lúnasa 2018      | 5,985             | -                         | 9/9                             |
| Martha Griffin                         | Ceaptha Lúnasa 2018      | -                 | -                         | 1/9                             |
| Damian Gordon                          | Ceaptha Lúnasa 2018      | -                 | -                         | 4/9                             |
| Brian Callanan                         | Ceaptha Lúnasa 2018      | 5,985             | -                         | 9/9                             |
| Grainne Collins                        | Ceaptha Lúnasa 2018      | -                 | -                         | 6/6                             |

D'éirigh Grainne Collins (ainmní foirne) as a ról san Údarás i mí Dheireadh Fómhair agus léirítear a freastal i gcomhréir lena téarma.

| Coiste Iniúcháireachta & Riosca | Dáta Ceapacháin         | Táillí an Choiste | Costais a Tabhaíodh | Líon na gCruinnithe ar ar bhFreastalaíodh* |
|---------------------------------|-------------------------|-------------------|---------------------|--|
| John Fitzgerald (Cathaoirleach) | Ceaptha Lúnasa 2018     | 2,565             | -                   | 4/4  |
| Teresa McDonnell                | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 4/4  |
| Tony Fitzpatrick                | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 3/4  |
| Cathal Morgan                   | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 2/4  |
| Kathryn O'Donoghue              | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 4/4  |
| Tim Maverley                    | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 4/4  |
| John Maher                      | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 3/4  |

| Coiste Airgeadais                  | Dáta Ceapacháin         | Táillí an Choiste | Costais a Tabhaíodh | Líon na gCruinnithe ar ar bhFreastalaíodh* |
|------------------------------------|-------------------------|-------------------|---------------------|--|
| Kathryn O'Donoghue (Cathaoirleach) | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 6/6  |
| Pat Fitzsimons                     | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 4/6  |
| Ruthann LaMalfa                    | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 6/6  |
| Harry McGearry                     | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | 201                 | 6/6  |
| Damian Gordon                      | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 3/6  |
| Brian Callanan                     | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 4/6  |

| Coiste Athbheithnithe um Fheidmiú an Stiúrthóra | Dáta an Cheapacháin     | Táillí an Choiste | Costais a Tabhaíodh | Líon na gCruinnithe ar ar bhFreastalaíodh* |
|---|-------------------------|-------------------|---------------------|--|
| Helen Guinan (Cathaoirleach)                    | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 2/2  |
| Deirdre O'Connor                                | Athcheaptha Lúnasa 2018 | -                 | -                   | 2/2  |
| Jack Kavanagh                                   | Ceaptha Lúnasa 2018     | -                 | -                   | 2/2  |

| Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca | Dáta Ceapacháin          | Táillí an Choiste | Costais a Tabhaíodh | Líon na gCruinnithe ar ar bhFreastalaíodh* |
|---|--------------------------|-------------------|---------------------|--|
| Tim Maverley                            | Ceaptha Nollaig 2018     | -                 | -                   | 2/2  |
| Pat Fitzsimons                          | Athcheaptha Nollaig 2018 | -                 | -                   | 2/2  |
| Grúpa Bainistíochta Sinsearaí           |                          |                   |                     | 2/2  |
|   |                          | <b>53,438</b>     | <b>1,631</b>        |  |

### Ceapacháin Chomhaltaí an Údaráis

Rachaidh an téarma ceithre bliana reatha in éag in 2022 agus, mar sin, ní dhearnadh aon cheapacháin don Údarás in 2020. D'éirigh an t-ainmní foirne don Údarás as i mí Mheán Fómhair 2020. Ní dhearnadh ceapacháin an chomhalta nua a dhéanamh foirmeálta, áfach, go dtí Eanáir 2021, i ndiaidh próisis toghcháin foirne.

### Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear sa chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

#### (a) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha d’Fhostaithe

Tá tábla ina dtaispeántar miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaí san áireamh i Nóta 6(a)-Luach Saothair agus Costais Phá Eile, leis na ráitis airgeadais.

#### (b) Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna “gnó mar is gnách” a seachfhóinsíodh leo.

|  | 2020<br>€     | 2019<br>€     |
|--|---------------|---------------|
| Comhairle Dlí  | 42,526        | 27,429        |
| Tionscadail straitéiseacha agus rialachais   | 41,007        | 40,283        |
| <b>Costais Sainchomhairleoireachta Iomlána a ghearrtar ar an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeáda</b> | <b>83,533</b> | <b>67,712</b> |

#### (c) Costais agus socraíochtaí dlí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe, maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe (2019- €0).

#### (d) Costais Taistil agus Chothabhála

Rangaítear costais taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

|  | 2020<br>€    | 2019<br>€     |
|--|--------------|---------------|
| Intíre   |              |               |
| - Costais Dhíreacha an Údaráis (an Bord)       | 1,876        | 5,769         |
| - Costais Indíreacha an Údaráis                | 191          | 6,402         |
| - Fostaithe                                    | 2,510        | 13,877        |
| Idirnáisiúnta                                  |              |               |
| - An tÚdarás (an Bord)                         | -            | -             |
| - Fostaithe                                    | 831          | 9,027         |
| <b>Iomlán Costais Taistil agus Chothabhála</b> | <b>5,408</b> | <b>35,075</b> |

**(e) Costais Fáilteachais**

Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir le fáilteachas cliant sa tréimhse thuairiscithe (2018- €0).

|                                     | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|-------------------------------------|-----------|-----------|
| Fáilteachas an Údaráis              | -         | -         |
| Ceardlann ar fholláine foirne       | -         | -         |
| <b>Costais Fáilteachais Iomlána</b> | <b>-</b>  | <b>-</b>  |

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Glacann an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an Cód a chomhlíonadh. Bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2020.



Helen Guinan  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Iúil 2021



Kathryn O' Donoghue  
Comhalta an Údaráis  
Dáta: 23 Iúil 2021



Dr Aideen Hartney  
Stiúrthóir  
Dáta: 23 Iúil



## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2019 – le hÚdarás an ÚNM

### Raon Freagrachta

Thar ceann Údarás an Údaráis Náisiúnta Míchumais, deimhnímh go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an Údarás as a chinntiú go mbeidh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann agus go n-oibrítear é, agus chun a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Trí struchtúr an Stiúrthóra agus an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, tá an Coiste Feidhmiúcháin freagrach don Údarás as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil thar gach feidhm.

### Cuspóir agus comhthéacs an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas é a dhíothú ar fad. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil. Le linn 2020, mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19, tharla athruithe tapa ar an timpeallacht oibre agus rialaithe atá i bhfeidhm laistigh den ÚNM nuair a tugadh isteach oibriú cianda agus fíorúil i mí Aibreán 2020. Chomh maith leis sin, i mí Dheireadh Fómhair 2020, d'aistrigh an Rialtas roinnt feidhmeanna agus gníomhaireachtaí ábhartha ón Roinn Dlí agus Cirt chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, mar a leagtar amach san Ordú 2020 um Míchumais, Comhionannas, Cearta an Duine, Imeascadh agus Fáiltiú (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) (I.R. Uimh. 436/2020).

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a réitíonn leis na treoracha a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san ÚNM don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá bainistíocht riosca lárnach don chaoi a n-oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus cuirtear i bhfeidhm é agus déantar monatóireacht air trí struchtúir a bhfuil cur síos déanta orthu mar seo a leanas.

Ar an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca de chuid an ÚNM, arna cheapadh ag an Údarás, tá triúr baill de chuid an Údaráis agus ceathrar baill neamhspleách, lena n-áirítear Cathaoirleach neamhspleách a bhfuil an taithe riachtanach airgeadais agus iniúcháireachta aige. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialachais gnó agus corparáidí an Údaráis, maoirseacht agus comhairle a thabhairt don Údarás agus don Stiúrthóir maidir le hábhair a bhaineann le héifeachtacht rialuithe inmheánacha agus leis an timpeallacht bainistíochta riosca.

Le linn 2020, rinne an Coiste monatóireacht ar na socruithe leanúnachais ghnó a bhí á moladh agus á gcur chun feidhme ag an bhFeidhmeannas mar fhreagra ar Covid-19 ar eatraimh rialta. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar Clár Riosca an ÚNM ar a ndearna an Feidhmeannas athbhreithniú ar bhonn rialta i bhfianaise Covid-19, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe rialaithe a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagra ar shocruithe cianoibre. Is mír bhuan

ar chlár oibre an Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus tuairiscítear tuairimí an Choiste maidir le cúrsaí riosca don Údarás i dtuarascálacha foirmiúla i scríbhinn. Tá an Coiste freagrach freisin as an gClár Riosca a mholadh go foirmiúil don Údarás lena fhaomhadh ag amanna áirithe le linn na bliana. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair in 2020 agus cuireadh tuarascáil bhliantúil an Choiste i scríbhinn chuig an Chathaoirleach ar an 26 Samhain 2020.

Déanann Grúpa Bainistíochta Sinsearaí an ÚNM, atá comhdhéanta de 3 Cheann Aonaid, breithniú ar riosca agus ar an gClár Riosca ar bhonn rialta ag na cruinnithe foirne arna reáchtáil dhá uair sa tseachtain. Tá Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca an ÚNM, a tháinig le chéile faoi dhó in 2020, comhdhéanta den Ghrúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca agus beirt chomhalta neamhspleácha arna n-ainmniú ón gCoiste Iniúcháireachta & Riosca agus ón gCoiste Airgeadais faoi seach. Cuireann Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca bunaithe fóram ar fáil chun tacú leis an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí maidir le breithnithe a bhaineann le cur chun feidhme laethúil an chreata comhaontaithe bainistíochta riosca de chuid an ÚNM. Tuairiscíonn Stiúrthóir an ÚNM agus an Príomhoifigeach Riosca, ar chomhaltaí den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí iad beirt, don Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus don Údarás faoi seach.

Rinne an ÚNM Athbhreithniú ar Riosca a choimisiúnú go déanach in 2019, mar a fhoráiltear dó in Alt 7.2 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. I rith 2020, d'fhéach an ÚNM le roinnt moltaí arna ndéanamh chun Creat Bainistíochta Riosca an ÚNM a chur chun feidhme, lena n-airítear athbhreithnithe ar Bheartas Riosca, Treoirínte agus Clár an ÚNM, agus faomhadh gach ceann díobh ina dhiaidh sin. Leagtar amach sna doiciméid seo cumas an ÚNM déileáil le riosca, leis na próisis bainistíochta riosca, leis na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá sé beartaithe oiliúint bainistíochta foirne a reáchtáil don Phríomhoifigeach Riosca, do chomhaltaí an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí agus don fhoireann i gcoitinne in 2021.

Tá Coiste Airgeadais ag an Údarás chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus ar phleanáil buiséid. Tá an Coiste comhdhéanta de chomhaltaí ón Údarás agus comhaltaí neamhspleácha, agus tháinig sé le chéile 6 uaire le linn 2020. Áirítear le hobair an Choiste athbhreithniú lárbhlíana ar chaiteachas agus réamh-mheas ar sheachadadh tionscadal áirithe i bPlean Oibre comhaontaithe an ÚNM.

Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020, bhain an tÚdarás leas as seirbhísí iniúcháireachta de chuid an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí faoin Roinn Dlí agus Cirt, a raibh clár oibre ar siúl aige a comhaontaíodh go díreach leis an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca agus arna fhaomhadh ag Údarás an ÚNM. I bhfianaise an aistrithe feidhmeanna a tharla chomh déanach sin in 2020, comhaontaigh an Roinn Dlí agus Cirt na seirbhísí iniúcháireachta inmheánaí a chur ar fáil don ÚNM don iniúcháireacht ÚNM, agus meastar go gcuirfear DCEDIY na seirbhísí sin ar fáil in 2021 agus ina dhiaidh sin.

Is comhalta freisin den fhóram rialachais IPA (an Foras Riaracháin) é an ÚNM agus bhain sé leas as oiliúint tríd an fhóram sin i rith 2020 maidir le réimsí amhail bainistíocht riosca.

## Creat um Riosca agus Rialú

### *Riosca*

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an NDA agus a shainiú agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Cheadaigh an tÚdarás Ráiteas Inghlacthachta Riosca an ÚNM, ina mhionsonraítear an leibhéal riosca atá an ÚNM sásta a ghlacadh leis chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Feidhmíonn an ráiteas seo chun an bhainistíocht a threorú maidir le spriocanna a leagadh síos agus cinntí a dhéanamh ionas gur mó an seans go mbainfidh an ÚNM a chuspóirí amach agus go leanfar lena chuid oibríochtaí.

Tá clár riosca i bhfeidhm a rinneadh a fheabhsú tuilleadh in 2020 mar thoradh ar mholadh arna dhéanamh ag an athbhreithniú coimisiúnaithe. Sainiúitear ar an gClár na príomhrioscaí atá roimh an ÚNM a rinneadh a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhacht. Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta, atá freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm, an clár a athbhreithniú agus a uasdátú.

Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. I mí Bealtaine 2020, áirítear leis sin athbhreithniú agus athmheas an Fheidhmeannais ar Chlár Oibre an ÚNM i bhfianaise Covid-19 agus a thionchar ar thionscadail agus a seachadadh. Chuir an tÚdarás Plean athbhreithnithe i láthair i mí an Mheithimh 2020. Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith lena seachadadh laistigh de chreataí ama áirithe. Chomh maith leis sin, oibríonn an ÚNM córas bainistíochta tionscadail lena sainiúitear na rioscaí a bhaineann le tionscadail ar leith ag an gcéim is luaithe de thogra, mar aon leis na gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Rinneadh beartas bainistíochta tionscadal an ÚNM, arna dhearadh chun gnéithe rithábachtacha tionscadal a shainiú lena n-áirítear measúnú ar rioscaí tionscadail, a uasdátú den uair dheireanach in 2019, agus tá tuilleadh feabhsuithe le déanamh in 2021.

### *Rialuithe Buiséid*

Déantar próifíliú ar bhuiséad an ÚNM ag tús na bliana agus déantar é a leithdháileadh i measc na míreanna ábhartha mar atá faofa ag an Údarás, lena n-áirítear párolla, seirbhísí lárnacha agus oibreacha coimisiúnaithe. Bíonn gach ceann Aonaid freagrach as a bhuiséad ranna féin. Déantar athbhreithniú ar an bpróifíl chaiteachais agus feidhmíocht mionsonraithe go rialta trí na cuntais bhainistíochta míosúla, trí chruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Sinseartha, tríd an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúcháireachta & Riosca, agus trí thuarascálacha a thugtar don Údarás mar mhíreanna seasta ar an gclár oibre.

Réitítear na cuntais bhainistíochta míosúla le tuarascálacha ar chaiteachas a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais/an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus tuarascálacha ón Ionad

Seirbhísí Comhroinnte Párolla faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá tuarascálacha ardchaighdeáin ó ionaid sheirbhísí comhroinnte tábhachtach chun bonn eolais a chur faoi mhonatóireacht éifeachtach ar an rialú.

### **Córais TFC agus Sócmhainní TFC**

Baineann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leas as seirbhísí tacaíochta comhroinnte TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tseirbhís chomhroinnte bainistíochta clódóireachta trí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Bunaíodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ar feadh tréimhse 3 bliana eile i mí na Samhna 2019 leis an Roinn maidir leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais ÚNM a chúltacú. Tháinig seirbhís tacaíochta an ÚNM agus TFC le chéile uair amháin in 2020 agus tá an chéad chruinniú eile le bheith ann i Ráithe 1 2021.

Is ábhar misnigh í an litir agus an ráiteas dearbhaithe ó Cheannasaí TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina ndeirtear go bhfuil rialú TF dóthanach i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag obair go héifeachtach. Tá ráiteas dearbhuithe mar aguisín leis an litir, ag cumhdach bainistíochta faisnéise lena n-áirítear slándáil agus príobháideacht; athshlánú ó thubaistí TFC; socruithe SLA; slándáil bonneagair TFC; bainistíocht sócmhainní TFC; Cosaint Sonraí; Slándáil Sócmhainní Soghluaiste; Líonraí Cumarsáide; Rialachas TFC agus cleachtais Bainistíochta Tionscadal.

Cloíonn an ÚNM le beartas úsáide TFC na Roinne agus cuirtear é sin in iúl don fhoireann go léir. Cúltacaítear na córais lasmuigh de láthair na heagraíochta agus déanann an Roinn maoirsiú air sin. Le linn 2020, thug Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe an ÚNM treoir don fhoireann maidir le bearta cosanta sonraí agus iad i mbun cianoibre, díreach mar a mhol an Coimisiún Cosanta Sonraí. Tá athbhreithniú coimisiúnaithe ar an tseirbhís TFC beartaithe le haghaidh 2021.

Soláthraítear sócmhainní TFC don ÚNM tríd an tseirbhís tacaíochta comhroinnte TFC agus déantar na sócmhainní sin a thairgeadh ar Chlár Sócmhainní na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. In 2020, cheadaigh an tÚdarás go bhfaighfí crua-earraí breise chun tacú le socruithe cianoibre mar thoradh ar bhearta sláinte poiblí Covid-

19. Is leis an ÚNM na bogearraí breise seo arna cheannach i mí Eanáir 2021 agus déanfar iad a thairgeadh ar Chlár Sócmhainní an ÚNM. Caitear le sócmhainní sna ráitis airgeadais i gcomhréir leis na rátaí dímheasa iomchuí.

### **Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**

Tá an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Eanáir-Deireadh Fómhair 2020)/an Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (Samhain-Nollaig

2020) tar éis dearbhú i scríbhinn a thabhairt don ÚNM maidir le rialuithe i leith na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Faigheann an ÚNM tuairisc uair sa mhí ón Roinn maidir leis an gcaiteacht agus déantar iad a réiteach gach uile mhí le sonraí an ÚNM ar an gcaiteacht agus ar phróifíl bhuiséid. Faigheann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de na Ranna faoi mar a thuiriscíonn oifigigh na Ranna faoi seach.

Cuireann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (an ISCP) seirbhísí comhroinnte ar fáil don ÚNM freisin faoin Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (an ONSC) na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bunaíodh Meabhrán Tuisceana chun an tseirbhís seo a sholáthar in Aibreán 2020 go díreach idir an ONSC agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Faigheann an ÚNM

dearbhuithe freisin ó na bearta rialaithe a leagadh amach mar chuid d'imeachta um Dhearbhú Iniúcháireachta arna óstáil ag Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC).

Cuireann an ISCP tuairiscí párolla ar fáil don ÚNM gach coicís. Cumhdófar na rialuithe a oibríonn an ÚNM maidir le párolla le hiniúchadh inmheánach ar Rialuithe Inmheánacha atá le déanamh sa chéad ráithe de 2021.

### **Calaois agus Neamhrialtachtaí**

Níl aon cheisteanna calaoise nó neamhrialtachtaí le tabhairt le fios don bhliain 2019.

Tá Beartas um Chalaois a Chosc ag an ÚNM agus rinne an tÚdarás é a uasdátú agus a fhaomhadh i mí na Samhna 2020. Rinneadh an beartas seo, a bhfuil sé mar aidhm aige cultúr a chur chun cinn a dhéanann calaois san eagraíocht a dhíspeagadh, a scaipeadh ar an bhfoireann go léir lena ghlacadh. Cuirfear tuilleadh oiliúna ar fáil don fhoireann le linn 2021.

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta ag an ÚNM, chomh maith le nósanna imeachta um nochtadh cosanta agus teagmhais nó mírialtachtaí líomhnaithe calaoise a fhógairt.

Rinneadh an beartas seo, ina leagtar amach na struchtúir agus na próisis chun nochtuithe a fháil agus a láimhseáil, agus chun tuairiscí a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le haon nochtadh, a nuashonrú agus a fhaomhadh i mí na Samhna 2019.

Is iad seo a leanas na páirtithe a gheobhaidh fógra maidir le teagmhais dá leithéid sin:

Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Comhaltaí an Údaráis

Ceannasaí na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh

Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige An tAire (de réir mar is cuí)

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Garda Síochána (de réir mar is cuí)

Níor tuairiscíodh aon Nochtadh Cosanta i rith 2020. Coinníonn an ÚNM clár le haghaidh Nochtuithe Cosanta agus teagmhais líomhnaithe calaoise. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ÚNM chun a bhfiosruithe a chinntiú. De réir alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, d'fhoilsigh an ÚNM a Thuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar an 2 Iúil 2020.

### **Comhlíonadh Cánach**

Déantar an chuid is mó d'íocaíochtaí an ÚNM a phróiseáil trí sheirbhísí airgeadais comhroinnte, agus ina measc siúd áirítear:

- Sonraisc a íoc trí Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais faoin Roinn Dlí agus Cirt atá lonnaithe i gCill Airne, Co. Chiarraí (Eanáir-Deireadh Fómhair) agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais faoin Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá lonnaithe i gCo. na Gaillimhe (Samhain-Nollaig);

- Íoctar tuarastail, pinsin, cnapshuimeanna pinsin agus taisteal agus cothabháil tríd an Lárionad na Seirbhísí Párolla Comhroinnte faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar caiteachas i dtaca le cáin faoi uimhir chánach CBL agus Uimhir an Fhostóra de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cloíonn an tÚdarás le riachtanais chun Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla a chur i bhfeidhm.

### Cuntasacht

Ullmhaíonn an tÚdarás Plean Straitéiseach gach 3 bliana faoin Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, a chuirtear isteach chuig an Aire Dlí agus Cirt lena fhaomhadh. Cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an plean reatha don tréimhse ó 2019 go 2021 i rith 2018. Lean an tÚdarás de chur chun feidhme na straitéise le haghaidh 2019-2021 a chinntiú, ina leagtar amach na spriocanna straitéiseacha eagraíochta ardleibhéil a ndearna an ÚNM tuairisciú a thabhairt ina gcoinne maidir le dul chun cinn. Thosaigh an tÚdarás an próiseas chun an chéad Phlean Straitéiseach eile (2022-2024) a fhorbairt in R4 2020 agus beidh sé réidh le faomhadh an Aire i mí an Mheithimh 2021.

Tá na pleananna oibre bliantúla ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha agus tugann an bhainistíocht shinsearach tuairiscí don Údarás go rialta maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na bpleananna. Rinne an Feidhmeannas an Plean Oibre a athbhreithniú agus a athmheas i mí Bealtaine 2020 i bhfianaise Covid-19 agus a thionchar ar thionscadail agus a seachadadh. Rinneadh athbhreithniú ar roinnt dátaí seachadadh tionscadal agus leithdháiltí caiteachais beartaithe dá bharr sin. Chomh maith leis sin, cuireadh roinnt tionscadail nua leis an bplean oibre maidir le tionchar Covid-19 ar dhaoine faoi mhíchumas. Rinne an tÚdarás Plean Oibre 2021 a fhaomhadh i mí na Samhna 2020.

Tá forbairt, cothabháil agus monatóireacht leanúnach á déanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá dinimiciúil ar aon nós agus sin á dhéanamh mar fhreagra ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. I measc na bpríomhghnéithe, na bpróiseas agus nósanna imeachta atá ann, áirítear iad seo a leanas:

- Deighilt shoiléir idir ról an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra mar atá leagtha amach i lámhleabhar rialachais an ÚNM;
- Doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do phríomhphróisis gnó; freagrachtaí airgeadais sannaithe ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chuí ag gabháil leo; Próiseas tuairiscithe rialta i bhfeidhm agus creat nósanna imeachta riaracháin a chuimsíonn deighilt dualgais, córas tarmhligin agus cuntasáochta, agus córas chun an caiteachas a údarú.
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm atá deartha chun cur leis an gcomhlíonadh maidir le riachtanais pá agus taistil de réir chiorclán na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (Uasdátaithe i bhfianaise Covid-19);
- Rinneadh na Nósanna Imeachta Airgeadais a uasdátú i ndiaidh tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí in 2020. Cuireadh na moltaí uile i bhfeidhm roimh dheireadh 2020 agus rinneadh iad a uasdátú tuilleadh i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais na máthair-Roinne nua.
- Tá beartais agus nósanna imeachta ag an eagraíocht a dearadh chun comhlíonadh le ceanglais phá agus taistil a neartú de réir chiorclán na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Tá comhaontú curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seachadadh na feidhmíochta don tréimhse 2020, agus reáchtáladh cruinniú rialachais leis an Roinn maidir leis an seachadadh;
- Tá téarmaí tagartha i bhfeidhm ag na coistí seo a leanas den údarás, i.e. an Coiste Iniúcháireachta & Riosca, an Coiste Airgeadais, agus an Coiste Athbhreithnithe um Fheidhmiú an Stiúrthóra. Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus an Choiste Airgeadais le linn 2020. Le linn 2020, rinne an tÚdarás agus a choistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht sa tréimhse 12 mhí roimhe sin. Cuireadh an larscríbhinn um Inscne & Éagsúlacht arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2020 san áireamh san athbhreithniú sin;
- Athainmníodh an Coiste Iniúcháireachta mar Choiste Iniúcháireachta & Riosca i ndiaidh athbhreithnithe ar Chairt an Choiste Iniúcháireachta a d'éascair as moladh arna dhéanamh ag an Athbhreithniú coimisiúnaithe ar Riosca a rinneadh go déanach in 2019.
- Tháinig an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmiú an Stiúrthóra le chéile le linn 2020 chun freagrachtaí agus gníomhartha an Stiúrthóra a leagan síos ar aon dul le clár oibre an ÚNM mar atá leagtha síos sa Phlean Straitéise agus sa Phlean Oibre Bliantúil. Tuairiscíonn an Coiste don Údarás agus coimeádann sé an Stiúrthóir ar an eolas maidir le tuairimí agus moltaí an Údaráis;
- Chuir an tÚdarás tús le pleanáil comharbais do ról Stiúrthóir an ÚNM i Meán Fómhair 2019 agus cuireadh deireadh leis an bpróiseas in Iúil 2020 nuair a ceapadh an Stiúrthóir nua, an Dr Aideen Hartney. Rinneadh an próiseas seo i gcomhréir le treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le ceapacháin POFanna chun comhlachtaí stáit neamhthráchtála agus nithe a fhorchoimeádtar lena gcinneadh ag an Údarás, agus freagracht an Údaráis maidir le maoirsiú a dhéanamh ar earcú an Stiúrthóra.
- Tá córais i bhfeidhm chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag an ÚNM maidir le seirbhís tacaíochta comhroinnte TFC a úsáideann sé faoin Roinn Dlí agus Cirt.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint agus cuntas a thabhairt orthu;
- Oibríonn Feidhmeannas an ÚNM go leanúnach chun feabhas a chur ar chórais rialaithe agus chun tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúcháireachta & Riosca agus don Choiste Airgeadais. Don tréimhse 2020, áiríodh leis sin dearbhuithe bainistíochta a fhorbairt maidir le rialuithe atá i bhfeidhm san ÚNM, chomh maith le hathbhreithniú ag an ngrúpa ar thionchar Covid-19 ar thimpeallacht rialaithe an ÚNM, faoi mar a cuireadh i láthair é i mí Márta 2021;
- Cuirtear an Tuarascáil Bhlíantúil le chéile leis na ráitis airgeadais agus foilsíonn an ÚNM í tar éis í a chur faoi bhráid an Oireachtais.

Tá lámhleabhar Rialachas Corparáideach an ÚNM i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Leagtar amach sa lámhleabhar an ról atá ag baill an Údaráis agus an Fheidhmeannais, agus nósanna imeachta chun údarás a tharmligean, cinntí a dhéanamh, coimhlínt leasa agus cúrsaí eile.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifigeach um Shaoráil Faisnéise agus Oifigeach Riosca san Údarás Náisiúnta Míchumais.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i mbun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh sna réimsí iomchuí, le forálacha chun an bhainistíocht, an tÚdarás agus a choistí a chur ar an eolas, nuair is iomchuí, ar bhonn caoithiúil.

Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaitnítear, ina gcasann an Grúpa Comhairleach Bainistíochta Riosca ar a chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain, agus casann an Coiste Iniúcháireachta & Riosca ar a chéile ar a laghad gach ráithe;
- Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Údarás gach dhá mhí ar nithe maidir leis an eagraíocht, rialachas, pleananna gnó agus tionscadail, ag cur aon nithe óna dteastaíonn cead faoi bhráid an Údaráis;
- Déanann an Stiúrthóir monatóireacht ar fheidhmíocht chaiteachais agus cinntíonn sé go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil maidir le cur i bhfeidhm buiséid agus tionscadal. Áirítear leis sin athbhreithniú ar chuntais bainistíochta míosúla agus ar riaradh an chórais bainistíochta tionscadal, a thacaíonn le tomhas feidhmíochta i gcoinne tiomantais agus buiséid/réamhaisnéisí sa phlean oibre;
- Is mír bhuan é an bhainistíocht riosca ar chlár oibre an Údaráis;
- Déanann an Stiúrthóir monatóireacht ar fheidhmíocht chaiteachais agus cinntíonn go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil maidir le cur chun feidhme buiséid agus tionscadail. Airítear leis sin athbhreithniú de chuntais bainistíochta míosúla agus riarachán córais bainistíochta tionscadail, a thacaíonn le tomhas feidhmíochta i gcoinne ceanglais an phlean oibre agus buiséid/réamh-mheastachán.
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais Tuairiscíonn an tOifigeach Airgeadais don Bhainisteoir Seirbhísí Corparáideacha agus cuireann sé cuntais mhíosúla ar fáil i gcomhair athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach, an Coiste Airgeadais agus an tÚdarás. Déanann an Coiste Airgeadais machnamh ar an anailís airgeadais a chuireann an grúpa bainistíochta sinsearaí le chéile agus tuairiscíonn don Údarás maidir le feidhmíocht. Tagann an Coiste Airgeadais le chéile 4- 6 huair in aghaidh na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht caiteachais agus ar bhainistiú buiséid;
- Tá éifeachtacht na rialuithe faoi réir iniúchtaí neamhspleácha atá á dtreorú ag clár iniúchta arna chinneadh ag an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca. Le haghaidh 2020, áiríodh leis sin athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san Údarás Náisiúnta Míchumais. Déanann an Coiste Iniúcháireachta & Riosca machnamh ar thuarascálacha iniúchtaí agus cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad;
- Tá staidéar déanta ag an Údarás ar na tuarascálacha iniúchta atá déanta in 2020, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an rialú inmheánach agus an t-athbhreithniú ar ullmhúchán na gcuntas, agus tá sé sásta go bhfuil rialú éifeachtach i bhfeidhm.



### **Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ÚNM chun comhlíonadh le rialacha agus treoirínite soláthair reatha a chinntiú agus gur chloígh an ÚNM leis na nósanna imeachta sin tríd is tríd le linn 2020.

Tá polasaí doiciméadaithe i bhfeidhm ag an ÚNM mar aon le córais chun conarthaí a mheas agus a bhronnadh, agus torthaí soláthair a chur faoi bhráid an Údaráis. Lean an ÚNM air ag cur le nósanna imeachta agus cleachtadh soláthair reatha i rith na bliana agus tabharfaidh sé faoi athbhreithniú de nósanna imeachta soláthair mar chuid den Phlean Iniúcháireachta Inmheánaí 2021.

### **Bainistíocht Riosca**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an ÚNM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú an ÚNM maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus obair an ghrúpa ardbhainistíochta laistigh den ÚNM atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

### **Athbhreithniú Bliantúil**

Tugadh faoin athbhreithniú bliantúil neamhspleách ar rialuithe inmheánacha go luath in 2021. Meastar go gcuireann Iniúcháireacht Inmheánach meastóireacht agus tuairim oibiachtúil ar fáil ar éifeachtacht chreat rialachais, bhainistíocht riosca agus rialú an ÚNM. Is é an tátal a baineadh ón iniúchadh seo, go mór mór, ná go bhfuil rialuithe inmheánacha éifeachtacha i bhfeidhm. Rinne an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil an iniúchta seo a bhreithniú agus a fhaomhadh an 23 Márta 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis í lena breithniú agus a fógairt ag an gcruinniú ar an 25 Márta 2020.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta & Riosca machnamh ar chur i bhfeidhm mholtaí agus torthaí iniúchta (iniúcháireachta inmheánacha agus seachtracha araon) a bhí déanta roimhe seo agus tugadh dearbhú maidir leo sin ina dtuarascáil bhliantúil don Údarás i mí na Samhna 2020 maidir leis sin.

Ghlac an tÚdarás leis an ráiteas maidir le rialú inmheánach anuas ar phlé agus machnamh ar gach deimhniú a tugadh.

### **Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach**

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020.



Helen Guinan  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Iúil 2021

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**  
**RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM COINNITHE**  
**don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020**

|   | Nóta | 2020<br>€        | 2019<br>€        |
|---|------|------------------|------------------|
| <b>Ioncam</b>   |      |                  |                  |
| Deontais Oireachtais  | 2    | 4,029,788        | 4,275,899        |
| Glan-Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha                             | 3(d) | 307,400          | 455,100          |
| Ioncam Eile   | 4    | 190,579          | 200,809          |
| Aistriú ó/( chuig) an Cuntas Caipitil                       | 7    | 56,965           | 55,305           |
| <b>Ioncam Iomlán</b>  |      | <b>4,584,732</b> | <b>4,987,113</b> |
| <b>Caiteachas</b>   |      |                  |                  |
| Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe Iníoctha          | 5    | 519,331          | 577,516          |
| Costais Riaracháin agus Oibriúcháin                         | 6    | 3,124,645        | 3,264,407        |
| Costais Sochair Scoir                                       | 3(a) | 991,300          | 975,100          |
| Laghdú ar luach na sócmhainní seasta                        | 8    | 76,020           | 75,686           |
| <b>Caiteachas Iomlán</b>                                    |      | <b>4,711,296</b> | <b>4,892,709</b> |
| <b>(Easnamh)/Barrachas don bhliain</b>                      | 9    | <b>(126,564)</b> | <b>94,404</b>    |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2020          |      | 354,093          | 259,689          |
| <b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2020</b> |      | <b>227,529</b>   | <b>354,093</b>   |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-16.

Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan  
Cathaoirleach  
Dáta: 23 Iúil 2021



Kathryn O' Donoghue  
Comhalta an Údaráis  
Dáta: 23 Iúil 2021



Dr Aideen Hartney  
Stiúrthóir  
Dáta: 23 Iúil

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais  
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**  
 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

|   | Nóta | 2020<br>€      | 2019<br>€     |
|---|------|----------------|---------------|
| <b>Barrachas/(Easnamh)</b>  |      | <b>227,529</b> | <b>94,404</b> |
| Gnóthachain/(cailteanas) achtúireacha ar cheanglais sochair scoir | 3(b) | (1,934,400)    | (2,152,700)   |
| Coigeartú ar an maoiniú pinsin iarchurtha                         |      | 1,934,400      | 2,152,700     |
| <b>Ioncam/(cailteanas) Cuimsitheach Iomlán don bhliain</b>        |      | <b>227,529</b> | <b>94,404</b> |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-16.  
 Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan  
 Cathaoirleach  
 Dáta: 23 Iúil 2021



Kathryn O' Donoghue  
 Comhalta an Údaráis  
 Dáta: 23 Iúil 2021



Dr Aideen Hartney  
 Stiúrthóir  
 Dáta: 23 Iúil

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**  
**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS**  
**Amhail an 31 Nollaig 2020**

|   | Nóta | 2020<br>€        | 2019<br>€        |
|---|------|------------------|------------------|
| <b>Sócmhainní seasta</b>  |      |                  |                  |
| Maoin, gléasra agus trealamh  | 8    | 2,864,814        | 2,921,779        |
| <b>Sócmhainní Seasta Iomlána</b>  |      | <b>2,864,814</b> | <b>2,921,779</b> |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>  |      |                  |                  |
| Suimeanna infhaighte  | 10   | 480,703          | 500,073          |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim                                |      | 122,757          | 45,224           |
| <b>Dlíteanais reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b> |      | <b>603,460</b>   | <b>545,297</b>   |
| Suimeanna iníoctha  | 11   | (365,931)        | (181,204)        |
| <b>Glansócmhainní Reatha</b>  |      | <b>237,529</b>   | <b>364,093</b>   |
| <b>Dlíteanais fhadtéarmacha (suimeanna dlite tar éis bliain amháin)</b>   |      |                  |                  |
| Éarlais cíosa coinnithe   | 12   | (10,000)         | (10,000)         |
| <b>Sochair scoir</b>  |      |                  |                  |
| Sócmhainn Maoinithe um Shochair Scoir Iarchurtha                          | 3(b) | (28,984,200)     | (26,742,400)     |
| Oibleagáidí sochair scoir   | 3(b) | 28,984,200       | 26,742,400       |
| <b>Sócmhainní Reatha Iomlána</b>  |      | <b>3,092,343</b> | <b>3,275,872</b> |
| <b>Arna léiriú ag</b>   |      |                  |                  |
| Cuntas caipitil   | 7    | 2,864,814        | 2,921,779        |
| Cúlchiste ioncaim coinnithe   |      | 227,529          | 354,093          |
|   |      | <b>3,092,343</b> | <b>3,275,872</b> |

Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-16.  
 Thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Míchumais:



Helen Guinan  
 Cathaoirleach  
 Dáta: 23 Iúil 2021



Kathryn O' Donoghue  
 Comhalta an Údaráis  
 Dáta: 23 Iúil 2021



Dr Aideen Hartney  
 Stiúrthóir  
 Dáta: 23 Iúil

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**  
**RÁITEAS AR AN SREABHADH AIRGID**  
 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

|   | Nóta | 2020<br>€      | 2019<br>€      |
|---|------|----------------|----------------|
| <b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí</b>   |      |                |                |
| Oibriúcháin   |      | (126,564)      | 94,404         |
| Barrachas loncaim thar Caiteachas   |      | (56,965)       | (55,305)       |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil   | 8    | 76,020         | 75,686         |
| Dímheas Sócmhainní Seasta<br>(Méadú)/laghdú ar infháltais   |      | 19,370         | (112,012)      |
|   |      | 184,727        | 8,892          |
|   |      | <b>96,588</b>  | <b>11,665</b>  |
| <b>(Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníochta</b>  |      |                |                |
| <b>Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>  |      |                |                |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistiúcháin<br>Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a shealbhú | 8    | (19,055)       | (20,381)       |
|   |      | (19,055)       | (20,381)       |
| <b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe</b>  |      |                |                |
|   |      | -              | -              |
| <b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>  |      |                |                |
| Ús Bainc infhaighte   |      | -              | -              |
| <b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>  |      |                |                |
|   |      | -              | -              |
| <b>Glanluach (Méadú) / (Laghdú) in Airgead agus Coibhéisí Airgid</b>                                      |      |                |                |
|   |      | <b>77,533</b>  | <b>(8,716)</b> |
| Airgead agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir 2020   |      | <b>45,224</b>  | <b>53,940</b>  |
| <b>Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig 2020</b>  |      | <b>122,757</b> | <b>45,224</b>  |

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**  
**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**  
**don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020**

**1. Beartais Chuntasaíochta**

Tá bunús na mbeartas cuntasaíochta agus cuntasaíochta suntasach arna nglacadh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (An ÚNM / An tÚdarás) leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe sin. Cuirtear i láthair na ráitis airgeadais in Euro (€).

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Cuireadh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar bun faoi alt 6 den Acht Náisiúnta Míchumais 1999, agus a áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 an 12 Meitheamh 2000 ar dhíscaoileadh an iar-eagraíochta, an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin (NRB).

Is é príomhfheidhm an Údaráis Náisiúnta Míchumais (an ÚNM) comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le saincheisteanna beartais agus cleachtais atá ábhartha do shaol daoine faoi mhíchumas.

Áirítear ar na feidhmeanna ar leith atá ag an Údarás Náisiúnta Míchumais mar atá leagtha amach in alt 8 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999:

- Gníomhú mar chomhlacht náisiúnta lárnach a chuideoidh leis an Aire i dtaca le comhordú agus forbairt beartais maidir le daoine faoi mhíchumas.
- Tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde ar shaincheisteanna maidir le míchumas a ghabháil de láimh nó a choimisiúnú, nó comhoibriú iontu, agus cuidiú a thabhairt i dtaca le forbairt faisnéise staidrimh is cuí chun pleanáil, soláthar agus faireachán a dhéanamh maidir le cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le caighdeáin chúí le haghaidh clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas agus gníomhú mar chomhlacht comhairleach i leith caighdeáin ghinearálta agus caighdeáin shonrach a fhorbairt i ndáil leis na cláir agus na seirbhísí sin.
- Faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú caighdeán agus cód cleachtais i gcláir agus seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí eile, idir chomhlachtaí corpraithe agus chomhlachtaí neamhchorpraithe, a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus éascú agus tacú a dhéanamh maidir le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán cuí le haghaidh clár agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Cóid chleachtais a ullmhú arb é is cuspóir dóibh aidhm i leith dea-chaighdeán agus dea-cháilíocht a bhaint amach i dtaca le soláthar clár agus seirbhísí a sholáthraítear nó atá le soláthar do dhaoine faoi mhíchumas.
- Aitheantas a thabhairt do ghnóthú dea-chaighdeán agus dea-cháilíochta le linn cláir agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar lena n-áirítear trí chóras dámhachtainí comhionannais míchumais a sholáthar.

- Pleananna straitéiseacha a ullmhú.

Áirítear na nithe seo a leanas le feidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Míchumais, 2005:

- Cóid chleachtas a ullmhú a bhaineann le hinrochtaineacht foirgneamh poiblí, seirbhísí agus acmhainní faisnéise agus láithreáin oidhreachta ar iarraidh an Aire (Cuid 3).
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh spriocanna reachtúla agus a chinntiú go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm maidir le hearcaíocht agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí, gníomhartha a mholadh a bheidh le glacadh i gcás nach bhfuil na spriocanna sin á gcomhlíonadh, agus cóid chleachtas a ullmhú nuair a iarrtar sin (Cuid 5).
- Ionad Barr Feabhais sa Dearadh Uilíoch a bhunú agus a fheidhmiú maidir leis an timpeallacht thógtha, táirgí, seirbhísí agus teicneolaíocht na faisnéise a chuirfidh prionsabail an dearadh uilíoch chun cinn ionas go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas gach ceann acu sin a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is praiticiúil:
- Ar an mbealach is neamhspleáiche agus nádúrtha, agus
- Sa raon is leithne de chásanna gan gá a bheith le hoiriúnú, modhnú, fearais chuiditheacha nó réitigh speisialaithe (Cuid 6).

### **b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### **c) Bonn Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag úsáid an mhodha fabhrúithe cuntasáíochta, cé is moite den mhéid a thugtar le fios thíos agus de réir FRS 102 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a bhíonn siad i mbun oibre. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna ceadú ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tá na beartais chuntasáíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna, a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Míchumais.

### **d) Ioncam**

#### *Deontais ón Oireachtas*

Faigheann an tÚdarás deontas gach bliain ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais de réir mar a fhoráiltear san Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999. Aithnítear Deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltas airgid thirim.

#### *Ioncam Eile*

Is éard a chuimsítear in Ioncam Eile cíos, cistiú FSS agus sochair leasa shóisialaigh agus tuairiscítear é ar bhonn fabhrúithe.

### e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fóna measta, mar seo a leanas:

- (i) Réadmhaoin ar ruileas 2.5% in aghaidh na bliana (Iarmhéid laghdaithe)
- (ii) Daingneáin agus Feistis, Trealamh 10% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach)
- (iii) Crua-earraí agus Bogearraí Ríomhaire 20% in aghaidh na bliana (Líne dhíreach)

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán luach sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus i gCúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

### f) Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil do luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh ar chúiseanna caipitil (i.e. éadálacha).

### g) Infháltais

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach an fhoráil d'fhiachais amhrasacha, agus leagtar síos é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Tuairiscítear do na hathruithe go léir i soláthar na bhfiach amhrasach sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe.

### h) Sochair Fostaithe

#### *Sochair ghearrthéarma*

Tuairiscítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain. Áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

#### *Sochair scoir*

Feidhmíonn an ÚNM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil agus ó ranníocaíochtaí foirne arna sealbhú ag an Roinn thar ceann an Údaráis agus a chuirtear chun sochair cuntais fionraí ar mhórleabhar Vóta na Roinne. Íoctar teidlíochtaí cnapshuime le foireann atá ag dul ar scor amach as an gcuntas fionraí ach íoctar íocaíochtaí pinsin míosúla d'fhoireann ar scor amach as ioncam reatha.

Suas go dtí deireadh na bliana 2020, bhí 18 mball foirne laistigh de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”), ar scéim sochair shainithe é do státseirbhísigh inphinsin a



cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íocann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus iar-fhostaithe an iar-Bhoird Náisiúnta Athshlánúcháin, ranníocaíochtaí na scéime aonair, nuair is iomchuí, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a bhíonn á sealbhú ag an DCEDIY agus a íoctar leis an DPER (i gcás comhaltaí na scéime aonair). Aithnítear suim atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid is féidir í a aisghabháil agus fritháirítear í in aghaidh deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dlhiteanais scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin ÚNM agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### **i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla**

Chun ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndluiteanas a tuairiscíodh tráth dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncain agus speansas le linn na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhrí a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

#### ***Dímheas agus Luachanna Iarmharacha***

Tá athbhreithniú déanta ag an bhFeidhmiúchán ar shaol na sócmhainní agus ar na luacha iarmharacha atá gaolmhar le gach aon aicme de shócmhainn sheasta daingneáin agus feistis agus tháinig an Bord ar an tuairim go raibh tréimhsí na sócmhainní agus na luacha iarmharacha iomchuí. Nuair a díscaoileadh an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin, aistríodh obair ealaíne a raibh luach iarmharach €1 leis chuig an ÚNM.

#### ***Oibleagáidí Sochair Scoir***

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortláíochta agus treorátaí maidir le cúram sláinte) bunaithe ar dhálaí eacnamaíochta reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) Leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí
- (iii) treorátaí costas cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha

## 2. Deontais ón Oireachtas

Cuimsítear sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais ón Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais:

|                                 | Note                         | 2020<br>€        | 2019<br>€        |
|---------------------------------|------------------------------|------------------|------------------|
| Deontais don chaiteachas reatha | Vóta 40 Fo-cheannteideal D03 | 4,029,788        | -                |
| Deontais don chaiteachas        | Vóta 24 Fo-cheannteideal D3  | -                | 4,275,899        |
|                                 |                              | <b>4,029,788</b> | <b>4,275,899</b> |

## 3. Costais Sochair Scoir

(a) Anailís ar na sochair scoir iomlán a ghearrtar leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

|  | 2020<br>€      | 2019<br>€      |
|--|----------------|----------------|
| Costais seirbhíse reatha                     | 769,000        | 597,300        |
| Ús ar Dhlíteanais um Shocair Scoir na Scéime | 320,800        | 482,400        |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe                    | (98,500)       | (104,600)      |
|  | <b>991,300</b> | <b>975,100</b> |

(b) Gluaiseacht sa ghlandliteanas sochar scoir le linn na bliana airgeadais

|   | 2020<br>€         | 2019<br>€         |
|---|-------------------|-------------------|
| Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir         | 26,742,400        | 24,134,600        |
| Costais seirbhíse reatha                                  | 670,500           | 597,300           |
| Costais úis   | 320,800           | 482,400           |
| Cailiteanas/(gnóthachan) achtúireach                      | 1,934,400         | 2,152,700         |
| Pinsin a íocadh sa bhliain                                | (683,900)         | (624,600)         |
| <b>Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail an 31 Eanáir</b> | <b>28,984,200</b> | <b>26,742,400</b> |

(c) Glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an ÚNM na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir bunaithe ar shraith toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar roinnt teagmhas roimhe seo.

Cuimsíonn na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun an scéim pinsin a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás Náisiúnta Míchumais nach leanfar ar aghaidh riar ar na suimeanna dá dhála de réir an chleachtais reatha.

Chomh maith leis sin, i gcás comhaltaí na scéime aonair, foráiltear in Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 d'íocaíochtaí pinsin a chistiú, de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí a dhéanamh as an Lár- Chiste nó ó chistí a chuireann an tOireachtas ar fáil, don chuspóir sin.

Is mar seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a thuairiscíodh sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus loncam Cúlchiste loncaim Coinnithe:

|   | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|-----------|-----------|
| Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 991,300   | 1,079,700 |
| Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc                    | (683,900) | (624,600) |
|   | 307,400   | 455,100   |

B'ionann agus €28.9m an tsócmhainn cistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €26.7).

#### **(d) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Is é atá sa scéim sochair scoir ná socrú pinsin shainithe tuarastail deiridh ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do rialacháin reatha na scéime “eiseamláirí” earnála poiblí. Leis an scéim, tugtar pinsean (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb ionann í agus 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir agus tá daoine a tháinig chun a bheith ina mbaill roimh-2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois ar aghaidh. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus iarchur) ar aon dul le boilsciú ginearálta i dtuarastal earnála poiblí.

Glacann an ÚNM páirt freisin i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an scéim aonair). Is é an scéim seo an scéim pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Forálann an scéim do phinsean agus do chnapshuim ar dul ar scor bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin le linn do ghairme chomh maith le pinsin céile agus leanaí. Is é 66 bliain an t-íosaois pinsin (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear leis áis luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55 bliain d'aois. I gcás pinsean atá á n-íoc, méadaítear iad i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mí an Mhárta 2020, ag cur cheanglais FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2020.

Ag seo a leanas, na príomhthoimhdí achtúireacha:

|                                      | 2020  | 2019 |
|--------------------------------------|-------|------|
| Ráta méadaithe tuarastal             | 3.3%  | 3.4% |
| Méaduithe Pinsin- Scéim aoisliúntais | 2.3%  | 2.4% |
| Ráta lascaine                        | 0.65% | 1.2% |
| Ráta boilscithe                      | 1.3%  | 1.4% |
| Méaduithe sa Phinsean Stáit          | 1.3%  | 1.4% |
| Méaduithe pinsin- SPSPS              | 1.3%  | 1.4% |

#### Básmhaireacht

58% de ILT15 d’fhir le feabhsúcháin (féach thíos). 62% de ILT15 do mhná le feabhsúcháin (féach thíos).

Comhfheabhsúcháin bhliantúla ar rátaí blianachta 0.36% sa bhliain (Fir gan pinsean céile), 0.30% sa bhliain (Fir le pinsean céile), 0.30% sa bhliain (Mná gan pinsean céile), .25% sa bhliain (Mná le pinsean céile) do gach bliain idir 2014 agus an bhliain ina dtagann an gnáthdháta scoir aníos.

Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a nglactar leis do chomhaltaí a bhaineann gnáthaois scoir amach in 2021 agus 2041.

| Bliain inar baineadh 65 bliana d’aois amach | 2021 | 2041 |
|---|------|------|
| Ionchas saoil fear                          | 21.4 | 23.0 |
| Ionchas saoil ban                           | 24.0 | 25.5 |

#### 4. Ioncam Eile

|                 | 2020<br>€      | 2019<br>€      |
|-----------------|----------------|----------------|
| Leas Sóisialach | 18,360         | 14,791         |
| Ioncam ó chíos: | 52,016         | 56,703         |
| Maoiniú HSE     | 120,203        | 103,523        |
| Maoiniú NEN     | -              | 25,792         |
|                 | <b>190,579</b> | <b>200,809</b> |

Baineann an figiúr ‘Ioncam cíosa’ €56,703 le hioncam cíosa cíos €38,000 agus €18,703 a bhaineann leis an muirear gaolmhar seirbhíse a d’íoc na tionóntaí a bhfuil urlár ag 25 Bóthar Chluaidh tógtha ar cíos acu ón ÚNM.

Faigheann an ÚNM maoiniú ón FSS i leith 2 bhall foirne (1.5 coibhéis lánaimseartha) a oibríonn ar 2 thionscadal taighde ar leith de chuid an FSS. Cuireadh ceann de na tionscadail seo i gcrích in 2020 agus ag deireadh na bliana, bhí ball foirne amháin (0.8 ar choibhéis lánaimseartha) ag obair ar an tionscadal eile arna mhaoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**5. Tionscadail agus Oibreacha Coimisiúnaithe**

|                                      | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|--------------------------------------|----------------|----------------|
|                                      | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Taighde                              | 220,394        | 175,763        |
| Acmhainní Faisnéise                  | 46,916         | 11,301         |
| Chur chun Cinn an Deartha Uilíoch    | 63,849         | 51,415         |
| Caighdeáin agus Treoirínte           | 77,128         | 156,670        |
| Comhdháil agus Seimineáir            | 29,440         | 22,555         |
| Aistriúchán                          | -              | 2,963          |
| Clár feasachta i leith an mhíchumais | 81,604         | 156,849        |
|                                      | <b>519,331</b> | <b>577,516</b> |

Táthar tar éis costais aistriúcháin €7,123 ar an iomlán a leithdháileadh i leith na dtionscadal ábhartha de réir mar a tabhaíodh iad.

**6. Costais Riaracháin agus Oibriúcháin**

|                                      |      | <b>2020</b>      | <b>2019</b>      |
|--------------------------------------|------|------------------|------------------|
|                                      |      | <b>€</b>         | <b>€</b>         |
| Luach saothair agus costais eile phá | 6(a) | 2,429,335        | 2,420,176        |
| Forchostais tógála agus feabhsúcháin |      | 127,655          | 227,098          |
| Rátaí                                |      | 54,431           | 53,009           |
| Seirbhísí glantacháin agus tí        |      | 17,852           | 46,131           |
| Táillí agus costais an Údaráis       | 6(b) | 57,244           | 69,196           |
| Postas agus teileachumarsáid         |      | 15,531           | 23,432           |
| Costais oifige                       |      | 33,406           | 45,983           |
| Leabharlann                          |      | 32,812           | 34,647           |
| Costais TFC                          |      | 134,668          | 134,770          |
| Táillí gairmiúla                     |      | 73,115           | 65,776           |
| Táillí Iníúcháireachta               |      | 17,600           | 17,600           |
| Oiliúint Foirne                      |      | 37,250           | 56,222           |
| Táillí earcaíochta                   |      | 61,582           | 30,084           |
| Sainchomhairleoireacht               |      | 32,164           | 40,283           |
| Fháilteachas                         |      | -                | -                |
|                                      |      | <b>3,124,645</b> | <b>3,264,407</b> |

**(a) Luach saothair agus costais eile phá**

|  | <b>2020</b>      | <b>2019</b>      |
|--|------------------|------------------|
|  | <b>€</b>         | <b>€</b>         |
| Tuarastail foirne (lena n-áirítear fabhrú pá saoire) | 2,346,934        | 2,260,611        |
| Pá Fhoireann na nGníomhaireachtaí                    | 76,621           | 136,661          |
| Costais taistil agus chothabhála foirne              | 5,780            | 22,904           |
|  | <b>2,429,335</b> | <b>2,420,176</b> |

Luaitear tuarastail foirne glan ón €39,563 arna fhorchúiteamh ón gCoimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus um Chothromas (IHREC) le haghaidh ball foirne amháin atá ar iasacht (2019 - €50,616).

*Miondealú ar na Sochair Ghearrthearma d'Fhostaithe*

| <b>Réimse na sochar gearrthearmach iomlán d'fhostaithe</b> |               | <b>Líon na bhFostaithe</b> |             |
|--|---------------|----------------------------|-------------|
| <b>ó</b>   | <b>Go dtí</b> | <b>2020</b>                | <b>2019</b> |
| Níos lú ná €59,999   |               | 25                         | 21          |
| €60,000 - €69,999  |               | 4                          | 3           |
| €70,000 - €79,999  |               | 3                          | 3           |
| €80,000 - €89,999  |               | 4                          | 6           |
| €90,000 - €99,999  |               | 0                          | 1           |
| Níos mó ná €100,000  |               | 2                          | 2           |
| <b>Líon iomlán atá fostaithe</b>                           |               | <b>38</b>                  | <b>36</b>   |

Áirítear tuarastail leis na sochair ghearrthearmacha maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo. Níor cuireadh aon sochair eile, ar nós pá saoire, san áireamh.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí le haon chomhaltaí foirne maidir le ragobair nó sochair foirceanta (2019: €0).

*Luach Saothair an Stiúrthóra*

Le linn 2020, tharla athrú ó thaobh an Stiúrthóra de i ndiaidh dul in éag théarma an chonartha. Leagtar amach sa tábla thíos an tuarastal a íocadh in 2020 agus an méid comparáideach le haghaidh 2019 (pá scála (Ard-) Príomhoifigigh na Státseirbhíse). Ní dhearnadh aon íocaíocht eile sa bhliain leis an Stiúrthóir i dtaobh pá. Is ball de scéim aoisliúntais na Roinne Dlí agus Cirt an Stiúrthóir a bhí ag dul as oifig agus níor leathnaíodh a teidlíochtaí thar na gnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

|   | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|---|----------------|----------------|
|   | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Aideen Hartney (ceaptha 13 Iúil 2020)       | 51,140         | -              |
| Siobhan Barron (a d'éirigh as 24 Iúil 2020) | 70,506         | 104,617        |
|   | <b>121,646</b> | <b>104,617</b> |

Tá pá an Stiúrthóra nuacheaptha bunaithe ar phá scála (Ard-) Príomhoifigigh na Státseirbhíse, nuair a bhaineann an méadú bliain ar bhliain leis an aischur pá ón 1 Eanáir 2018 faoin Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2015 (FEMPI) agus an tAcht um Pá agus Pínsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Ní dhearnadh aon íocaíocht eile sa bhliain leis an Stiúrthóir i dtaobh pá. Is ball de scéim aoisliúntais í an Stiúrthóir agus ní shíneann a cuid teidlíochtaí thar na gnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoi scéim den sórt sin.

### *Ranníoc Bhreise Aoisliúntais*

Asbhaineadh €71,477 (2018: €81,043) ón bhfoireann tríd an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise agus choimeád an Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é. Tháinig an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (an RAB) in ionad 'na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean' (ABP) le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 agus ranníocaíocht bhuan í atá bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin.

## **6(b) Costais an Údaráis**

### *Táillí agus Costais Chomhaltaí an Údaráis*

|  | <b>2020</b>      | <b>2019</b>      |
|--|------------------|------------------|
|  | <b>€</b>         | <b>€</b>         |
| Iarmhéid tosaigh   | 2,921,779        | 2,977,084        |
| Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach                              | 19,055           | 20,381           |
| An méid a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainne                     | (76,020)         | (75,686)         |
| <b>Aistriú (chuig)/ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim</b> | <b>(56,965)</b>  | <b>(55,305)</b>  |
| <b>Iarmhéid deiridh</b>  | <b>2,864,814</b> | <b>2,921,779</b> |

Cuimsítear €1,984 i dtáillí an Údaráis a bhaineann le ÁSPC fostóra (2019: €1,966). Ní áirítear le táillí an Údaráis a léirítear i Nóta 6 aon fhabhrúithe do chostais na bliana 2020 (2019:

€245). Íocadh costais taistil leis an Uasal Donie O'Leary, chomh maith, ar luach €54 (2019: €349) maidir lena bhallaíocht den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais agus a fho-choiste. Íocann an ÚNM costais an Uasail O'Leary amach agus sonraítear iad faoin teideal Tionscadail agus Oibreacha a Coimisiúnaíodh atá Iníoctha (Nóta 5).

## 7. Cuntas Caipitil

|  | 2020<br>€        | 2019<br>€        |
|--|------------------|------------------|
| Iarmhéid Tosaigh   | 2,921,779        | 2,977,084        |
| Ioncam a cuireadh i bhfeidhm ar cheannach sócmhainní seasta                      | 19,055           | 20,381           |
| An méid a amúchadh sa bhliain ar aon dul le dímheas sócmhainne                   | (76,020)         | (75,686)         |
| <b>Aistrithe chuig/ó Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim</b> | <b>(56,965)</b>  | <b>(55,305)</b>  |
| <b>Iarmhéid Deiridh</b>  | <b>2,864,814</b> | <b>2,921,779</b> |

## 8. Maoin, Gléasra agus Trealamh

|   | Crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta<br>€ | Daingneáin agus Feistis, Trealamh<br>€ | Réadmhaoi n Ruilse<br>€ | Iomlán<br>€      |
|---|--|--|-------------------------|------------------|
| <b>Costas amhail an 1 Eanáir 2020</b>                       | 26,556   | 116,556                                | 4,474,208               | <b>4,617,320</b> |
| <b>Breiseanna</b>   | -  | 19,055                                 | -                       | <b>19,055</b>    |
| <b>Diúscairtí</b>   | -  | -                                      | -                       | -                |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2020</b>                            | <b>26,556</b>                                  | <b>135,611</b>                         | <b>4,474,208</b>        | <b>4,636,375</b> |
| <b>Dímheas amhail an 1 Eanáir 2020</b>                      | 26,556   | 108,062                                | 1,560,923               | <b>1,695,541</b> |
| <b>Dímheas ar Dhiúscairtí</b>                               | -  | -                                      | -                       | -                |
| <b>Táille don bhliain</b>                                   | -  | 2,891                                  | 73,129                  | <b>76,020</b>    |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2020</b>                            | <b>26,556</b>                                  | <b>110,953</b>                         | <b>1,634,052</b>        | <b>1,771,561</b> |
| <b>Glanluach de réir na leabhar Amhail an 1 Eanáir 2020</b> | -  | 8,494                                  | 2,913,285               | <b>2,921,779</b> |
| <b>Glanghluaiseacht don bhliain</b>                         | -  | <b>16,164</b>                          | <b>(73,129)</b>         | <b>(56,966)</b>  |
| <b>Amhail an 31 Nollaig 2020</b>                            | -  | <b>24,658</b>                          | <b>2,840,156</b>        | <b>2,864,814</b> |

Feidhmíonn an tÚdarás a ghnó féin ó áitreabh ag 25 Bóthar Chluaidh, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, agus is leis féin an t-áitreabh sin. Níl aon réadmhaoín eile ag an Údarás agus níl aon réadmhaoín amach ar léas aige.

## 9. Easnamh/Barrachas don bhliain

Mar atá luaite sna beartais chuntasaíochta, tuairiscítear deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltais airgid agus léiríonn sé na holl-íocaíochtaí a rinne an Roinn thar ceann an ÚNM arna seach-chur i roinnt cásanna le fáltais ar íocadh iad leis an Roinn. Tuairiscítear ioncam agus caiteachas eile sna ráitis airgeadais seo ar bhonn fabhruithe. Mar gheall air sin, ní hionann an barrachas/easnamh ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus gnáth- bharrachas/easnamh oibriúcháin. Is éard is cúis leis



sin, den chuid is mó, ná an athraitheas idir maoiniú bunaithe ar airgead tirim agus caiteachas a ndéantar cuntas air ar bhonn fabhruithe.

### 10. Infháltais

|  | 2020<br>€      | 2019<br>€      |
|--|----------------|----------------|
| An Roinn Leanaí, Comhionannais,<br>Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige* | 366,987        | 415,832        |
| Réamhíocaíochtaí   | 19,008         | 48,474         |
| Feichiúnaithe Eile   | 94,708         | 35,767         |
|  | <b>480,703</b> | <b>500,073</b> |

\* Íoctar costais chnapshuimeanna pinsin ó chuntas sonrath/fionraí arna choinneáil ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun na críche sin, agus ón 1 Samhain ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndiadh an fheidhm a aistriú. Coimeádann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige na ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann go léir agus déanann sí iad seo a chur chun sochair an chuntais sin gach coicís. Gearrtar íocaíochtaí cnapshuime i rith na bliana ar an gcuntas sin. Is éard atá san iarmhéid anseo ná an méid atá á choimeád sa chuntas an 31 Nollaig 2020.

### 11. Suimeanna iníochta - suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

|   | 2020<br>€      | 2019<br>€      |
|---|----------------|----------------|
| An Roinn Leanaí, Comhionannais,<br>Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 116,614        | 57,173         |
| Fabhrú pá saoire  | 117,820        | 66,356         |
| Táillí Iniúcháireachta  | 17,600         | 17,600         |
| Fabhruithe eile   | 113,897        | 40,075         |
|   | <b>365,931</b> | <b>181,204</b> |

### 12. Suimeanna iníochta – suimeanna atá dlite tar éis bliana

Cuimsítear le creidiúnaithe a bhíonn dlite tar éis bliain amháin €10,000 (2019: €10,000) arna shealbhú mar éarlais chíosá maidir leis an gcomhaontú léasa i dtaca le cuid den réadmhaoin atá sealbhaithe ag 25 Bóthair Chluaidh.

### 13. Príomhphearsanra Bainistíochta

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta agus an Stiúrthóir agus 3 Bhainisteoir Shinsearacha. Is ionann an luach saothair iomlán, seachas PRSI an fhostóra, a íocadh leis an príomhfhoireann bainistíochta agus €410,486 (2019: €384,846). B'ionann táillí chomhaltaí údaráis agus €53,438 (2019: €53,438). Féach Nóta 6 chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bhfoireann go léir, an Stiúrthóir ina measc. Nochtar íocaíochtaí le comhaltaí an Údaráis sa Ráiteas Rialachais.

#### **14. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara**

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais le gnásanna a réitíonn leis na treoirlíní a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lena gcuimsítear leasa pearsanta chomhaltaí an Údaráis. I ngnáthchúrsaí gnó, is féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais a cheadú nó dul i mbun socruithe conarthacha eile le heintitis ina bhfuil comhaltaí Údarás ÚNM fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu iontu. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní bhfaighidh comhaltaí an Údaráis cáipéisíocht Boird ná ní bhíonn siad rannpháirteach sna pléití a bhaineann leis na hidirbhirt sin ná ní bhíonn siad i láthair agus iad ar siúl. Coinnítear clár maidir le gach cás den chineál sin agus tá fáil air ach é a iarraidh.

Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí an Údaráis.

#### **15. Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe**

Tá ionchas réasúnta ag an NDA, an tráth a d'fhaomhadh na ráitis airgeadais, go bhfuil go leor acmhainní ag an ÚNM leanúint lena chuid oibríochtaí. Ar an gcúis seo, leanann an ÚNM de bhonn gnóthais leantaigh a ghlacadh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Tá an phaindéim Covid-19 tar éis tionchar a imirt ar an mbealach a fheidhmíonn an ÚNM, agus an fhoireann go léir ag obair ó áiteanna eile agus acmhainní atreoraithe chun tionchair na paindéime a bhainistiú le linn 2020. Díorthaíodh ioncam an ÚNM ó mhaoiniú deontais, atá á fháil i gcónaí le linn na paindéime agus mar sin, níor imríodh an tionchar airgeadais céanna orainn agus a imríodh ar na tionscail sin a dúnadh síos nó a chuir teorainn lena n-aschur.

#### **16: Faomhadh na ráiteas airgeadais**

Rinne Bord an Údaráis Náisiúnta Míchumais na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 15 Iúil 2021.

# Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile in 2020

| Ainm:              | Ról:          | Dáta Ceapacháin: |
|--------------------|---------------|------------------|
| Helen Guinan       | Cathaoirleach | Iúil 2014*       |
| Ruthann La Malfa   | Ball          | Iúil 2014*       |
| Teresa McDonnell   | Ball          | Iúil 2014*       |
| Deaglan O'Briain   | Ball          | Iúil 2014*       |
| Aisling Glynn      | Ball          | Meitheamh 2017   |
| Jack Kavanagh      | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Cathal Morgan      | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Kathryn O'Donoghue | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Martha Griffin     | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Deirdre O'Connor   | Ball          | Iúil 2014*       |
| Damian Gordon      | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Brian Callanan     | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Grainne Collins    | Ball          | Lúnasa 2018**    |

\*Tá baill an Údaráis ag freastal dara théarma faoi láthair.

\*\*Ball den Údarás (ainmní foirne) a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2020. Reáchtáladh próiseas toghcháin foirne maidir leis an ról seo chun ball nua a cheapadh don Údarás de bharr an éirí as seo. Toghadh ainmnitheach foirne nua go hoifigiúil i mí Eanáir 2021.

## An Choiste Iniúchta agus Riosca

| Ainm:              | Ról:        | Dáta Ceapacháin: |
|--------------------|-------------|------------------|
| John Fitzgerald    | Chairperson | Márta 2017*      |
| Teresa McDonnell   | Member      | Iúil 2014*       |
| Tony Fitzpatrick   | Member      | Meitheamh 2017*  |
| Cathal Morgan      | Member      | Lúnasa 2018      |
| Kathryn O'Donoghue | Member      | Lúnasa 2018      |
| Tim Maverley       | Member      | Lúnasa 2018      |
| John Maher         | Member      | Lúnasa 2018      |

\*Baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ag freastal dara théarma faoi láthair.

### Coiste Airgeadais

| Ainm:              | Ról:          | Dáta Ceapacháin: |
|--------------------|---------------|------------------|
| Kathryn O'Donoghue | Cathaoirleach | Lúnasa 2018      |
| Ruthann LaMalfa    | Ball          | Iúil 2014*       |
| Pat Fitzsimons     | Ball          | Iúil 2014*       |
| Harry McGearry     | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Damian Gordon      | Ball          | Lúnasa 2018      |
| Brian Callanan     | Ball          | Lúnasa 2018      |

\*Baill an Choiste Airgeadais ag freastal dara théarma faoi láthair.

### Grúpa Comhairleach um Bhainistíocht ar Rioscaí

| Ainm:                           | Ról: | Dáta Ceapacháin: |
|---------------------------------|------|------------------|
| Tim Maverley                    | Ball | Lúnasa 2018      |
| Pat Fitzsimons*                 | Ball | Iúil 2014*       |
| Grúpa Bainistíochta Sinsearaigh |      |                  |

\*Baill an Choiste Riosca ag freastal dara théarma faoi láthair.

### Coiste Feidhmíochta an Stiúirthóra

| Ainm:            | Ról:            | Dáta Ceapacháin: |
|------------------|-----------------|------------------|
| Helen Guinan     | Cathaoirleach   | Iúil 2014*       |
| Deirdre O'Connor | Ball an Údaráis | Iúil 2014*       |
| Jack Kavanagh    | Ball an Údaráis | Lúnasa 2018      |

\*Baill Choiste Feidhmíochta an Stiúirthóra ag freastal dara théarma faoi láthair.

## Aguisín 2: Léiriú ar chomhlachtaí seachtracha in 2020

- Grúpa Stiúrtha Straitéise Ionchuisithe Míchumais Náisiúnta
- Comhthoil an HSE chun Taighde a dhéanamh ar Ghrúpa Stiúrtha Polasaithe
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus gníomhaireachtaí ghaolmhara
- Grúpa Monatóireachta Feidhmiúcháin do Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumais
- Grúpa Oibre ar Mhíchumais ag Vótáil
- Fo-ghrúpa Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine le Míchumas sa Ghníomhaireacht Thithíochta
- Fóram Geallshealbhóirí in Uisce Éireann

### An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball Ghrúpa Chur i bhFeidhm Treoracha Nua Náisiúnta HSE
- Ball Ghrúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm Buiséidí Saincheaptha
- Ball Ghrúpa Oibre um Trasfhoirmiú Saolta 2
- Ball Fhóram Comhairligh Náisiúnta an HSE
- Ball Ghrúpa Dul chun Cinn Oiliúna do Sheirbhísí Míchumais HSE
- Ball Ghrúpa Dul chun Cinn ar Aschuir Seirbhísí Mhíchumais do Chreat Páistí agus Teaghlaigh
- Ball Ghrúpa Stiúrtha ar Pholasaí Comhthola Taighde an HSE
- Ball Bhoird Taighde Sláinte (HRB) Le Coiste Chórais Tacáochta Cumais Náisiúnta (NASS)

### An Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball Foirne Tionscadail AIM
- Ball Ghrúpa Chur i bhFeidhm Tras-earnála AIM
- Ball TÚSLA- Fóram Chigireachta Luath-Óige

### An Roinn Oideachais agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Ball Fhóram Comhairligh Oideachais Speisialta leis an gComhairle Náisiúnta
- Ball le Fo-choiste Taighde NCSE

### Grúpaí bainteach le Fostaíocht agus Breisoideachas agus Oiliúint

- Ball choiste eacnamaíoch Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Ball Leaca Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath
- Ball ghrúpa athbhreithnithe oiliúna saineolaigh Solas
- Ball Choiste Comhairligh Teicniúil Náisiúnta SOLAS um Straitéis Inniúlachta, Uimhearthachta agus Inniúlachta Digití Fásta 10 mbliana

### Eile

- Ball Choiste Stiúrtha TILDA IDS (Forlónadh Míchumais Intleachtúla leis an Staidéar Fadaimseartha ar Dhul in Aois);
- Ball An Gharda Síochána- Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna
- Grúpa Stiúrtha Phróisis Comhpháirtíochta ar mhaoiniú ESF/ERDF, tionólta ag DPER
- Grúpa Comhairleach HIQA ag forbairt Caighdeán Uileghabhálaca um Chúram agus Tacaíocht do pháistí ag úsáid Seirbhísí Sláinte agus Chúram Sóisialta
- Grúpa Comhairleach Caighdeán Náisiúnta HIQA ag forbairt caighdeán náisiúnta do sheirbhísí sóisialta na bpáistí
- Foghrúpa Chur i bhFeidhm Chreat Pleanála Lárnaithe ar Dhuine HSE
- Coiste Comhairleach ar Chaighdeán Dearaidh Uilíoch (NSAI TC023) le Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) agus a chuid fochoistí agus grúpaí oibre
- Coistí Theicniúla (TC) Choiste na hEorpa um Chaighdeánú (CEN): CEN TC452 (agus a ghrúpaí oibre (WGs)), CEN TC320, CEN TC228 WG14, CEN TC 293 WG12,
- Comhairle Institiúide Dearthóirí na hÉireann
- Coiste Athbhreithnithe ar Rialachas um Fheabhsú Cáilíochta do Sheirbhísí Míchumais Náisiúnta HSE
- Grúpa Oibre na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fhoráil Áis Suímh Athraithigh
- Coiste Comhairleach na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Athbhreithniú ar Chuid B Sábháilteacht Dóiteáin

## Coistí Comhairleacha na Roinne

Tá 9 gCoiste Comhairleach na Roinne ann (DCC), ar tasc leo monatóireacht a thabhairt ar chur i bhfeidhm na Straitéise Ionchuimsithe Míchumais Náisiúnta, go háirithe gníomhartha NDIS leithdháilte don Roinn seo ar leith. Comhdhéanann siad oifigigh na roinne / gníomhaireachta, ionadaithe NDA, baill DSG, agus go minic ionadaithe le eagraíochtaí míchumais, agus chas siad 4 uair sa bhliain (de ghnáth). Is mar a leanas iad:

- An Roinn Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Páistí
- An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Cumarsáidí, um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil

## Aguisín 3: Foilseacháin i 2020

- An tÚdarás Míchumais Náisiúnta 2000-2020: Fiche Bliain Forbartha Pholasaí Míchumais in Éirinn
- Straitéis Chumarsáide
- Tuarascáil Bliantúil 2019
- Measúnú NDA ar dhul chun cinn faoi Straitéis Ionchuimsithe Míchumais Náisiúnta 2019
- Athbhreithniú meán-téarma ar dhul chun cinn: Straitéis Ionchuimsithe Míchumais Náisiúnta agus Táscairí
- Straitéis Fostaíochta Cuimsithí 2019: Athbhreithniú deiridh na bliana NDA, Táscairí 2020 um Mhonatóireacht ar Dhul chun Cinn faoin Straitéis Fostaíochta Cuimsithí do Dhaoine le Míchumais 2015- 2024



## Aguisín 4: Páipéir comhairleacha polasaithe in 2020

Áirítear le páipéir comhairleacha polasaithe in 2020:

### Litreacha Ráitis Straitéise

- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Páistí, Míchumais, Comhtháite agus Óige
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Cirt
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Coimirce Sóisialaí
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair
- Aighneacht chuig Ráiteas Straitéise Sheirbhíse Promhaidh na hÉireann
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Aighneacht chuig Plean Forbartha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2022- 2028- Comhairleoireacht Réamh- dhréachtála
- Aighneacht chuig Comhairleoireacht Phoiblí ar Phlean Réamh- dhréachtála Forbartha Chomhairle Contae Dheisceart Átha Cliath
- Aighneacht chuig Comhairleoireacht Phoiblí ar Phlean Réamh- dhréachtála Forbartha Chomhairle Contae Chorcaigh
- Comhairle chuig Oifig Pleanála Éigeandála i gcomhair a gComhairle Réidh don Samhradh le béim ar Dhaoine le Míchumais

### An Roinn Oideachais is Scileanna

- Aighneacht chuig Indecon ar rannpháirtíocht mhac léinn aibí chéad uair in ardoideachais
- Aighneacht chuig Indecon maidir le Anailís ar Riachtanais um fhorbairt Chomhaontaithe Comhpháirtíochta a chlúdaíonn Cistí Rialaithe Fhorálacha Coitinn agus Cláir Oibriúcháin do Chiste Sóisialta na hEorpa agus Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa don tréimhse 2021-2027.

### An Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháite agus Óige

- Páipéar Comhairleach Neamhspleách Idirghníomhaíochta le Eagraíochtaí Dhaoine le Míchumais
- Páipéar Comhairleach Neamhspleách ar Chur Chuige Teirmeach do chruinnithe NDISSG

### **An Roinn Cirt agus Comhionannais**

- Páipéar Comhairleach Neamhspleách ar Úsáid Idirghabhálaithe i gCóras

### **Cirt Coiriúla na hÉireann**

- Aighneacht chuig Páipéar Buncheisteanna ag an gCoimisiún Athchóirithe Díl ar Chreat Rialála um Chosaint Daoine Fásta
- Aighneacht chuig Straitéis Cheartais na nÓg
- Aighneacht chuig Straitéis Earnála Cheartais Coiriúla

### **An Roinn Gnó Fiontair agus Nuálaíochta**

- Aighneacht ar 'Chomhairliúcháin Treoraíochta um Obair Chianda', déanta ag Rannóg Straitéise Fiontair, Iomaíochais agus Measúnaithe, leis an Roinn Fiontair Gnó agus Nuálaíochta (DBEI).

### **Eile**

- Aighneacht ar Straitéis Míchumais an AE





An tÚdarás Míchumais Náisiúnta  
25 Bhóthar Chluaidh,  
Baile Átha Cliath 4  
Guthán: (01) 608 0400  
Facs: (01) 660 9935  
[www.nda.ie](http://www.nda.ie)

Is é an tÚdarás Míchumais Náisiúnta é an comhlacht stáit neamhspleách a sholáthraíonn comhairle saineolach ar pholasaí míchumais agus cleachta chuig an Aire, ag cur Dearaidh Uilíoch chun cinn in Éirinn.